Tá ár gcroiluachanna de meas, gairmiúlacht, comhoibriú, sofhreagrúlacht agus macántacht fite fuaite inár gcultúr agus thacaigh siad lenár bhfeidhmíocht in 2023. Cuireann sé seo ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag tabhairt faoi na dúshláin atá romhainn in 2024 agus ina dhiaidh sin.

Bailiú Cánacha agus Dleachtanna

Tá ról ríthábhachtach againn sa gheilleagar trí na cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú agus in 2023 bhí níos mó fáltas ó cháin ná mar a bhí riamh, le rátaí arda comhlíontachta in am.

Bailíodh iomlán de €127.9 billiún i bhfáltais chomhlána, lena n-áirítear €26.3 billiún i bhFáltais neamh-Stáitchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Is ionann glanfháltais an Stáitchiste do 2018, tar éis aisíocaíochtaí agus aistriú fáltais neamh-Stáitchiste thar ceann Ranna agus gníomhaireachtaí eile, agus €87.2 billiún. Bhí rátaí comhlíontachta in am in 2023 os cionn 99% i leith cásanna móra 98% do chásanna meánmhéide agus 91% i leith gach cás eile.

Tá cur chuige saincheaptha againn maidir le bailiú fiachais, rud a chuireann ar ár gcumas níos mó solúbthachta a chur ar fáil chun ár n-acmhainní bainistithe fiachais a mheaitseáil chun dul i ngleic le riosca bailithe cánach. Mar fhreagra ar an gcur isteach eisceachtúil a bhí ag cáiníocóirí agus gnóthaí aonair le ceithre bliana anuas, chuireamar ár ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar fionraí ar feadh tréimhse shuntasach ama.

Bhí tionchar aige sin ar thráthúlacht na híocaíochta, agus b'ionann na leibhéil fiachais neamhstórasaithe a bhí ar fáil lena mbailiú ag deireadh 2023 agus €1.4 billiún. Tá sé seo i bhfad níos airde ná an leibhéal fiachais atá ar fáil lena bhailiú ag deireadh 2019. Tá ár gcóras Seirbhísí Bainistíochta Fiachais, a d'fhorbraíomar in 2019, dírithe go hiomlán anois ar na dliteanais amuigh seo.

Lean an Scéim Stórasaithe Fiachais ar aghaidh ag cur tacaíocht ríthábhachtach ar fáil do ghnóthaí. Thosaigh roinnt gnóthaí ag aisíoc a bhfiachas stórasaithe le linn 2023, nuair a cheadaigh a gcúinsí airgeadais, agus amhail an 31 Nollaig 2023 rinneadh €1.756 billiún san iomlán a stórasú do 57,811 gnó. Bhí iarmhéideanna níos lú ná €5,000 dlite do bheagnach 70% de na gnóthaí sin agus tá cur chuige solúbtha pragmatach á ghlacadh againn maidir le fiachas stórasaithe a íoc.

I rith 2023, rinneamar teagmháil fhorleathan le gnóthaí agus lena n-ionadaithe ar fud suíomhanna éagsúla agus grúpaí earnála chun a n-aird a choinneáil ar a roghanna íocaíochta agus ar an bpríomhriachtanas a bhaineann le fanacht laistigh den scéim, is é sin go ndéantar cánacha reatha a thíolacadh agus a íoc de réir mar a thagann siad de bheith dlite. Is príomhbheart inmharthanachta gnó é dliteanais reatha a íoc, fachtóir ábhartha a mheasaimid agus socruithe tráthíocaíochtaí saincheaptha á n-éascú againn chun freastal ar chúinsí gnó aonair.

Seirbhís do Chomhlíontacht

Ó tugadh isteach tuairisciú fíor-ama párolla, tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar líon na gcáiníocóirí ÍMAT a bhainistíonn a ngnóthaí cánach féin trínár seirbhís moChúrsaí. Le linn 2023, phróiseáil muid beagnach 1.4 milliún Tuairisceán Cánach Ioncaim do cháiníocóirí ÍMAT maidir leis an mbliain mheasúnaithe 2022. Is méadú 20% é seo ar líon na dtuairisceán ÍMAT a próiseáladh in 2022 don bhliain mheasúnaithe 2021.

Leanamar lenár n-aidhm cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú, le béim ar uathoibriú próisis, digitiú agus oiriúnú seirbhísí, agus muid ag bogadh i dtreo "cánachas nádúrtha". Le linn 2023, sheolamar ardán ar líne don Cháin Shiarchoinneálach ar Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha, a éascaíonn an t-ualach riaracháin do ghníomhairí bailiúcháin agus do thionóntaí araon, agus a shimplíonn an próiseas do thiarnaí talún neamhchónaitheacha a dtuairisceán féin a thíolacadh.

D'ainneoin an ionchais mhéadaitheach i measc cáiníocóirí agus gníomhairí le haghaidh tairiscintí seirbhíse digití, leanaimid orainn ag soláthar bealaí seirbhíse malartacha dóibh siúd nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar ár dtairiscintí ar líne. Cuireann ár Seirbhís Coinne Náisiúnta ar chumas cáiníocóirí coinne phearsanta nó fhíorúil a dhéanamh ag am a oireann dóibh, agus cuireann sí deireadh le hamanna feithimh. Déileáladh le 4.2 milliún mír comhfhreagrais agus d'fhreagair muid 1.7 milliún glaoch fóin chomh maith.

Príomhghné dár gcur chuige seirbhíse maidir le comhlíontacht is ea faisnéis agus treoir chuí agus thráthúil a chur ar fáil do cháiníocóirí, agus tacú leo cánacha agus rialacha tuairiscithe nua a thuiscint. D'fhreastail muid ar níos mó ná 100 imeacht for-rochtana náisiúnta le linn 2023 agus thug ár n-ionadaithe cur i láthair agus d'óstáil siad seimineáir ghréasáin ag go leor imeachtaí le saineolaithe gnó agus tionscail, fostóirí agus comhlachtaí ionadaíochta gníomhaire cánach ag clúdach raon leathan saincheisteanna cánach tráthúla amhail na Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe, SSTFG, an Scéim Stórasaithe Fiachais, Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga, tionscadal na scairscéimeanna agus gníomhaíocht chomhlíontachta iar-COVID-19.

Treochtaí agus comhar custam

Agus rialuithe custam á gcur i bhfeidhm againn, tá sé mar aidhm againn trádáil dhlísteanaigh a éascú chun gluaiseacht chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht ag an am céanna. Rinneamar 54.2 milliún dearbhú custam a phróiseáil le linn 2023, méadú 11.3 milliún (26%) i gcomparáid le 2022. Ina theannta sin, as an 400,423 gluaiseacht feithiclí lastais isteach go hÉirinn ón mBreatain Mhór le linn 2023, tugadh an bealach glas do 89% ag tráth an dhíbhordála, rud a chiallaíonn gur tháinig siad tríd an gcalafort cuí gan gá le hidirghníomhú breise a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ná aon ghníomhaireacht eile Stáit.

Bhí muid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le tacú le hiarrachtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht agus cothrom na Féinne a chinntiú d'oibreoírí eacnamaíochta san AE, agus déanaimid ionadaíocht ar leas na hÉireann ag fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla lena n-áirítear an Coiste Comhairleach Custam agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam. I mí Iúil 2023, ghlac Éire, a ndearna na Coimisinéirí Ioncaim ionadaíocht uirthi, a

seasamh ar Choimisiún Beartais na hEagraíochta Domhanda Custam ar feadh téarma dhá bhliain.

I mí na Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún Eorpach tograí ar aghaidh le haghaidh athchóiriú cuimsitheach ar dhlí custam an Aontais agus chuireamar go gníomhach leis an bplé sin, ag dul i dteagmháil le trádáil agus le Ranna Rialtais eile chun a chinntiú go soláthraíonn an togra buntáistí do ghnóthaí de gach méid, do thomhaltóirí agus do riaracháin custam. Leanfar leis an bplé ar an bpríomh-mhír oibre seo le linn 2024.

I measc réimse fócais eile le linn 2023 bhí scaoileadh an Chórais Easpórtála Uathoibríoch nua i mí an Mhárta. Úsáidtear an córas nua seo chun dearbhuithe easpórtála agus dearbhuithe imeachta achomair a phróiseáil le haghaidh earraí a ghluaiseann go díreach agus go hindíreach chuig tíortha lasmuigh den Aontas.

D'fhoilsigh an Ríocht Aontaithe Border Target Operating Model le linn 2023 ina leagtar amach na foirmiúlachtaí nua easpórtála a bhain le gnóthaí Éireannacha a bhí ag easpórtáil earraí chuig an Ríocht Aontaithe nó tríd an Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann), agus na príomhdhátáil garspríocanna in 2024 óna bhfuil feidhm acu. Chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim agus Ranna Rialtais i dteagmháil leo siúd a bhfuil tionchar ag na seiceálacha seo orthu, agus le haon gheallsealbhóir ábhartha eile, chun a chinntiú go bhfuil trádálaithe ar an eolas faoi na riachtanais nua. Leanfar leis an rannpháirtíocht seo in 2024.

Aghaidh a thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Cé go n-íocann formhór mór na gcáiníocóirí an méid ceart cánach ag an am ceart, táimid tiomanta i gcónaí dul i ngleic le neamhchomhlíontacht cánach agus dleachta de gach saghas agus in 2023 leanadh lenár gcuid oibre chun riosca a bhainistiú in earnálacha traidisiúnta agus in earnálacha éiritheacha araon.

Bainimid úsáid as raon clár sainaitheantais, measúnaithe agus meastóireachta riosca, mar aon le hanailísíocht agus ceistiú sonraí fíor-ama, chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas riosca a aithint agus a chainníochtú, ag cinntiú go ndíríonn ár n-acmhainní comhlíontachta ar an gcáiníocóir neamhchomhlíontach, rud a íoslaghdaíonn an t-ualach riaracháin ar an gcáiníocóir comhlíontach.

Díríonn ár gclár comhlíontachta bhliantúla ar réimsí riosca éagsúla agus ar earnálacha gnó. Bhí daoine aonair a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí gnó trí ardáin ar líne agus na meáin shóisialta, trádálaithe neamhchónaitheacha ar líne a dhíolann earraí agus seirbhísí digiteacha le tomhaltóirí Éireannacha agus leis an earnáil tógála i measc roinnt de na réimsí fócais dár ngníomhaíocht chomhlíontachta le linn 2023.

Ba é an toradh iomlán ónár n-idirghabhálacha comhlíontachta le linn 2023 ná €787 milliún. D'éirigh linn 21 ciontú coiriúil a fháil as imghabháil agus calaois thromchúiseach cánach agus d'fhoilsíomar 73 socrú cánach arbh ionann iad agus €25.6 milliún ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach.

Is cuid lárnach dár gcreat oibre foriomlán comhlíontachta ná an imghabháil eischósta a shainaithint, díriú agus aghaidh a thabhairt uirthi agus bainimid an úsáid is fearr freisin as an raon iomlán cumhachtaí reachtúla agus líonraí sonraí atá ar fáil dúinn chun dul i ngleic leis an riosca seo. Le linn 2023, thugamar 85 cás seachanta cánach chun críche le toradh os cionn €16.5 milliún i gcáin, ús agus pionóis. Ina theannta sin, ag deireadh 2023, bhíomar gníomhach ag tabhairt aghaidh ar 342 cás a bhain le seachaint cánach féideartha, a bhain le 35 idirbheart.

Tá comhoibriú agus malartú faisnéise le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, amhail an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ríthábhachtach dár gcuid oibre chun aghaidh a thabhairt ar réimsí imní in earnálacha ábhartha ina bhfuil rioscaí a

bhaineann le híocaíocht airgid agus aicmiú stádas fostaíochta forleathan. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta do, earnáil na gruaige agus na háilleachta, trádáil na n-ainmhithe tí, níocháin carranna, earnáil an bhia agus na dí beir leat agus cúiréirí agus tiománaithe seachadta.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thug an Chúirt Uachtarach a breithiúnas in Na Coimisinéirí Ioncaim v. Karshan (Midlands) Ltd. t/m Domino's Pizza. D'fháiltíomar roimh an mbreithiúnas tábhachtach seo, agus roimh an tsoiléireacht shuntasach a thug sé ar na príomhthosca a bhí le breithniú agus stádas fostaíochta duine aonair á rangú chun críocha Cánach Ioncaim.

Tá an phríomhfhreagracht orainn earraí smuigleáilte agus toirmisceithe a bhrath, a thascradh agus a urghabháil a bheartaítear a iompórtáiltear nó a smuigleáil go neamhdhleathach isteach sa Stát agus bainimid úsáid as cur chuige rioscabhunaithe inár straitéis braite agus idirghabhála.

Oibríonn ár bhfoirne forfheidhmithe ag gach príomhchalafort, aerfort agus ionad poist, chomh maith le háitribh seolta lasta, agus úsáideann siad acmhainní éagsúla, lena n-áirítear ár scanóirí soghluaiste x-ghathaithe agus foirne madraí brathadóra, ina gcuid oibre. Cuirfidh soláthar an Chuitéir Custam nua barr feabhais ar chaighdeán na n-acmhainní atá ar fáil dár bhfoirne. Oibríonn muid freisin i gcomhar lenár gcomhpháirtithe forfheidhmithe dlí, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, chun faisnéis a mhalartú agus a roinnt.

Le linn 2023, rinne muid urghabháil ar 9,085kg de dhrugaí, ar a raibh luach measta de bhreis agus €302 milliún. Áirítear leis an leibhéal suntasach urghabhálacha drugaí le linn 2023 oibríocht ardphróifíle de chuid an Chomh-Thascfhórsa as ar eascair luach os cionn €157 milliún de chócaon a braitheadh ar bord an MV Matthew.

Tá ár gcuid oibre i gcoinne coireanna drugaí forleathan agus ilghnéitheach, agus déanaimid monatóireacht leanúnach ar threochtaí agus ar fhorbairt sa réimse seo chun a chinntiú go n-úsáidimid ár n-acmhainní agus go dtugtar tosaíocht do rioscaí ar an mbealach is éifeachtaí.

Ár nDaoine, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

Is eagraíocht mhór muid le beagán os cionn 7,000 ball foirne i 29 láthair ar fud na tíre, agus tá ár bhfoireann lárnach sa mhéid a bhaintear amach go rathúil. Táimid tiomanta i gcónaí dár gcumas mar eagraíocht a fhorbairt, agus leanaimid orainn ag infheistiú inár ndaoine. I rith 2023, cheapamar 1,016 ball foirne trí earcaíocht i ngach grád, agus seachadadh beagnach 40,000 lá oiliúna d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá ár gcumas leas a bhaint as nuálaíocht i dteicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó mar bhonn agus taca breise ag ár rath agus ár ról á chur i gcrích againn. Cuireann sé seo ar ár gcumas freagairt go héifeachtach do na dúshláin atá ann cheana féin agus do na dúshláin atá ag teacht chun cinn, d'athruithe ar iompar cáiníocóirí agus d'athruithe sa timpeallacht ghnó agus eacnamaíoch. Cuirfidh ár gcur chun feidhme teicniúil ar an Lárchóras Leictreonach Íocaíochta, arb é ár gcéad chóras néalseachadta ceann go ceann é, ar ár gcumas réitigh IS a ghíaráil chun leas a bhaint as malartú méadaitheach sonraí ar leibhéal idirnáisiúnta, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as an digitiú agus as an domhandú. Bhaineamar úsáid freisin as teicnící IS agus Próiseála Teanga Nádúrtha chun ár bhfreagraí ar theagmhálacha cáiníocóirí a shimpliú agus a bhrostú, forbairt ríthábhachtach i bhfianaise mhéid agus chastacht an bhoinn chánach atá ag dul i méid.

Táimid tiomanta i gcónaí dár bhfís a bheith mar rogha fostóra agus cuirimid sábháilteacht agus folláine ár ndaoine i gcoirlár gach rud a dhéanaimid. In 2023 rinneamar ár gcéad suirbhé foirne ó tugadh isteach obair chumaisc, agus soláthraíonn na torthaí táscairí an-mhaith maidir le feidhmíocht post, sásamh post, folláine agus sláinte fhoriomlán i measc ár ndaoine. D'óstáil muid seisiúin halla baile ar fud na tíre le linn 2023 chun rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú agus chun deis a thabhairt idirphlé oscailte a dhéanamh ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Cuirfidh torthaí an tsuirbhé agus an phlé ag imeachtaí Halla an Bhaile bonn eolais faoinár gcur chuige maidir leis an gcaoi a n-oibríonn muid amach anseo, agus cinnteoidh muid go gcomhlíonfaidh muid ár sainordú agus go bhfanfaidh muid mar rogha fostóra.

Ag Féachaint Chun Cinn

Agus muid ag bogadh isteach sa dara haois de sheirbhís chuig an Stát, táimid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do cháiníocóirí leibhéil arda comhlíontachta saorálaí a choinneáil. Leanfaimid orainn ag cur tairiscintí digiteacha ar ardchaighdeán ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas cáiníocóirí teagmháil a dhéanamh linn ag am agus in áit a roghnaíonn siad, agus ag an am céanna tacú leo siúd nach féidir leo ár seirbhísí ar líne a úsáid, agus é mar aidhm againn é a dhéanamh níos éasca do gach cáiníocóir féinbhainistiú a dhéanamh ar a gcúrsaí cánach.

Fanfaidh muid de bheith airdeallach i gcónaí ar neamhchomhlíontacht a aithint agus aghaidh a thabhairt air i ngach cineál, ag baint úsáid as ár gcur chuige rioscabhunaithe chun an t-ualach ar cháiníocóirí comhlíontacha a laghdú. Beimid ag díriú tuilleadh ar smuigleáil agus ar ghníomhaíocht neamhdhleathach, ag obair i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosc na coireachta agus ag úsáid ár raon iomlán sócmhainní. Mar chuid den obair seo, leanfaimid orainn ag gearáil go hiomlán ar ár ngabháltais fhairsinge sonraí agus faisnéise chun ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta a neartú tuilleadh, go háirithe i measc gnóthaí airgid agus an scáthgheilleagair, agus cabhrú linn croíshlabhraí soláthair a úsáidtear sa trádáil neamhdhleathach a aithint agus a dhíchóimeáil.

Táimid ag obair leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre chun an Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh a nuashonrú, agus ar leithligh ar fhorbairt ár dtreoirínte féin ar thionchar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in Na Coimisinéirí Ioncaim v. Karshan (Midlands) Teo. t/a Domino's Pizza. Foilseofar an dá dhoiciméad sna seachtainí amach romhainn agus leanfaidh aicmiú stádas fostaíochta de bheith ina réimse fócais dár ngníomhaíocht chomhlíontachta. Idir an dá linn, moltar do gnóthaí a fhostaíonn conraitheoirí, fochonraitheoirí nó oibrithe eile ar bhonn féinfhostaithe leanúint de bheith eolach ar an mbreithiúnas. Oibreoidh le fostóirí ar mian leo, tar éis machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbreithiúnas orthu, a seasamh a thabhairt chun rialachta mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais d'Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá againn do 2024 is ea an Scéim Stórasaithe Fiachais a bhainistiú go réamhghníomhach, agus tacóidh muid le gnóthaí inmharthana sa scéim chun an stóras a fhágáil trí chomhaontuithe íocaíochta saincheaptha, agus ag an am céanna coinneáil suas chun dáta lena n-oibleagáidí reatha pá agus tíolactha. Leanfaimid orainn freisin ag baint lánúsáid as gach gné dár gcóras na Seirbhíse Bainistithe Fiachais chun iarmhéid an fhiachais neamhstórasaithe atá ar fáil lena bhailiú a laghdú.

Oibreoidh muid le cáiníocóirí, gnóthaí agus gníomhairí atá buailte chun cur i bhfeidhm rathúil agus comhlíontacht cánacha nua a chinntiú, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm rialacha Domhanda Cholún a Dó i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn. Beidh muid i dteagmháil go réamhghníomhach le cáiníocóirí agus lena ngníomhairí maidir leis an gcreat riaracháin chun na rialacha nua seo a chur i gcrích, agus cuirfidh muid treoir shoiléir chuimsitheach ar fáil maidir leis an gcaoi a n-oibreoidh na rialacha nua, agus leanfaimid orainn ag cur le plé leanúnach leis an ECFE, le Coimisiún an AE agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.

Leanfaidh muid lenár gclár oibre chun nuachóiriú cánacha agus dleachtanna a chur chun cinn. Áireofar leis seo athbhreithniú ar chánacha siarchoinneálacha, amhail an Cháin Conarthaí Iomchuí. Mar chuid den athbhreithniú seo, déanfaidh muid scrúdú ar leathnú raon feidhme na Cánach Conarthaí Iomchuí chuig earnálacha ina bhfuil fochonraitheoireacht ann, ina bhfuil daoine féinfhostaithe i gceart seachas fostaithe, agus cásanna ina bhfuil struchtúir

chorparáideacha mar ghné den chonradh.

Leanfaimid freisin lenár gclár comhairliúcháin maidir le nuachóiriú an tuairiscithe CBL d'idirbhearta trasteorann agus intíre araon. Le linn 2023 sheolamar comhairliúchán inar lorgaíodh tuairimí maidir leis an gcaoi ar féidir dul chun cinn digiteach, lena n-áirítear tuairisciú digiteach fíor-ama a thabhairt isteach a fhaigheann tacaíocht ó ríomhShonrascú, a úsáid chun Córas Sonraiscithe agus Tuairiscithe CBL na hÉireann a nuachóiriú. Chlúdaigh an chéad chéim den chomhairliúchán nuachóiriú a dhéanamh ar thuairisciú CBL ó Ghnó go Gnó (B2B) agus Gnó go Rialtas (B2G), le tacaíocht ó ríomhShonrascú. Fuaireamar os cionn 1,100 tíolacadh ó gheallsealbhóirí le linn an chéim den chomhairliúchán seo agus foilseoidh muid ár bhfoghlaim ina leith seo in am trátha.

Seolfar na céimeanna breise den chomhairliúchán de réir mar a thagann cruth níos soiléire ar thograí athchóirithe, go ndéantar iad a thástáil, a bheachtú agus a chur i bhfeidhm. Fiosróidh na céimeanna breise seo trádáil Gnó le Tomhaltóir (B2C), an cur chuige i leith íocaíocht CBL agus aisíocaíochtaí agus cuntas a thabhairt i leith CBL. Cuirfimid tacaíocht leanúnach ar fáil freisin don Roinn Airgeadais maidir le forbairt mholtaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le CBL sa Ré Dhigiteach.

Leanfaidh muid de thacaíocht a thabhairt do ghnó agus do thrádáil de réir mar a leanann siad de dhul i dtaithe ar riachtanais iompórtála de chuid Rialtais na Ríochta Aontaithe. Mar fhreagra ar phatrúin trádála atá ag athrú tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, leanfaimid orainn ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le Ranna rialtais eile maidir le saoráid bhuan Stáit a fhorbairt in Europort Ros Láir, obair ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2023. Tiocfaidh na saoráidí seo in ionad an bhonneagair shealadaigh a cuireadh i bhfeidhm i gCill Reachrann chun rialuithe Custaim, Sláintíochta agus Fíteashláintíochta agus oifigiúla bia a éascú tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Cuirfidh an mórthionscadal bonneagair seo saoráidí feabhsaithe ar fáil chun rialuithe agus scrúduithe rialála a riar. Beidh sé mar aidhm ag na háiseanna freisin scanóir x-ghathaithe seasta a sholáthar, a chuirfidh teicneolaíocht scanadh úrscothach ar fáil chun cumais braite custam a fheabhsú tuilleadh.

Leanfaidh muid freisin de thacú leis an Roinn Airgeadais i ndáil leis an gclár oibre cánach agus custam idirnáisiúnta agus casta. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta do, an méid seo a leanas:

- Togra cuimsitheach a chur chun cinn chun Aontas Custam an AE a athchóiriú chun an t-ualach ar ghnóthaí a laghdú agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar rioscaí fioscacha agus neamh-fhioscacha, go háirithe iad siúd a bhaineann le ríomhthráchtáil.
- Cur le hobair na hEagraíochta Domhanda Custam agus plé a bhaineann le nuachóiriú an bhonneagair chustam, maoiniú deontóirí, agus fothú acmhainní trínár seasamh ar an gCoimisiún Beartais.
- Tionscnaimh chustam ghlasa a chur chun cinn, amhail an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha.
- Cur i bhfeidhm leanúnach an réitigh dhá-Cholún
- Anailís a dhéanamh ar thograí an Aontais maidir le cánachas idirnáisiúnta cuideachtaí a nuachóiriú, amhail CBL sa Ré Dhigiteach agus tionscnaimh maidir le córas cánach ceannoifige a bhunú agus nósanna imeachta um fhaoiseamh cánach siarchoinneálach a mhaolú, chun borradh a chur faoin infheistíocht trasteorann agus chun cabhrú le mí-úsáid cánach a chomhrac.

Beidh slándáil ár gcórais agus sonraí fós ina thosaíocht bhunúsach amach anseo, agus leanfaimid orainn de bheith airdeallach agus infheistíocht a dhéanamh inár mbonneagar slándála, athléimneacht agus freagrúlacht agus é a uasghrádú. Beimid tiomanta i gcónaí dár bplean inbhuanaitheacht a fheabhsú ar fud na heagraíochta, chun aghaidh a thabhairt ar

dhúshláin an athraithe aeráide agus chun ár lorg carbóin a laghdú.

Ar deireadh, aithnímid go bhfuil an rath leanúnach atá orainn maidir lenár misean a chur i gcrích agus ár bpríomhluachanna a chaomhnú síos go dtí obair chrua ár bhfoirne. Gabhaimid buíochas leo as a ngairmiúlacht, a dtiomantas agus a ndúthracht, agus dá n-uireasa sin ní bheadh ár n-éachtaí le linn 2023 indéanta.




Ruth Kennedy
Coimisinéir

Niall Cody
Cathaoirleach

Gerry Harrahill
Coimisinéir

Struchtúr na hEagraíochta 2023



Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta



John Barron
Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise, Cumarsáide agus Lóistíochta

Freagrach as seirbhís teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá slán, iontaofa agus ar ardchaighdeán a sholáthar chun cabhrú le clochlú breise ar phróisis ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim a chur chun cinn. Freagrach freisin as bainistiú agus seachadadh na seirbhísí lóistíochta atá lárnach i réachtáil na gCoimisinéirí Ioncaim.



Brian Boyle
Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí

Freagrach as formhaoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe gnó agus as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí comhlíontachta náisiúnta cánach. Áirítear i ndualgais na Rannóige tomhas agus tuairisciú feidhmíochta, staidreamh agus taighde eacnamaíoch, bainistíocht airgeadais agus cuntasafocht, feidhmeanna baincéireachta, cumarsáid agus bainistíocht eolais.



Noel Brett
Rannóg na gCánacha Gnó

Freagrach as bainistiú agus forbairt feidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta d'eintitis atá cláraithe le haghaidh CBL, CCI, Custaim agus Mál. Freagrach chomh maith as eintitis ceadúnais máil le hioncam trádála nó gairmiúil, stiúrtóirí dílseánaigh agus fo-chuideachtaí/máthairchuideachtaí cuideachtaí sa Rannóg Gnó



Orla Campbell
Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Freagrach as straitéisí bainistíochta acmhainní daonna na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear pleanáil don fhórsa saothair, earcaíocht, oiliúint agus forbairt inniúlachtaí, forbairt eagraíochtúil, bainistiú buiséid riaracháin, rialú, comhlíontacht faisnéise agus athchóiriú corparáideach.



Florance Carey
An Rannóg Custam

Freagrach as an reachtaíocht custam agus córais a fhorbairt agus as cinntiú go bhfeidhmítear rialuithe custam. Freagrach chomh maith as tionchar a imirt ar fhorbairt an pholasaí AE ar gach ní a bhaineann le custaim, lena n-áirítear feidhmiú Chód Custam an AE agus as ionadaíocht a dhéanamh ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar leasanna na hÉireann ag fóraim éagsúla idirnáisiúnta.



Eugene Creighton
An Rannóg Cánachais Idirnáisiúnta

Freagrach as rannpháirtíocht idirnáisiúnta ar bheartas cánachais dhíriú agus ar ábhair oibríochtúla lena n-áirítear idirbheartaíocht a bhaineann le praghsáil aistriithe agus EOI le húdarais chánach eile. Freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar líonra conarthaí cánach na hÉireann agus é a thabhairt cothrom le dáta.



Jeanette Doonan
Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Gnó

Freagrach as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha maidir le CGC, CC agus cánacha eile gnó. Freagrach freisin as déileáil le gnéithe riaracháin scéimeanna agus faoisimh éagsúla, lena n-áirítear faoiseamh scannán, creidmheas cánach Taighde agus Forbartha, Liúntais Chaipitiúla agus scéimeanna dreasachta gnó,



Orla Fitzpatrick
An Rannóg Fiontar Meánmhéide

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta le haghaidh fiontar mheánmhéide agus stiúrtóirí dílseánaigh agus fochuideachtaí/máthairchuideachtaí ar chuideachtaí na Rannóige Fiontar Meánmhéide, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí. Freagracht náisiúnta as seachadadh an RTS.



Deirdre Hanlon
An Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha

Freagrach as cúnamh na gCoimisinéirí Ioncaim le CBL agus na dleachtanna máil éagsúla a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE, agus as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna beartais, reachtaíochta agus léirmhínthe do na cánacha indíreacha seo.



Joe Howley
**Rannóg an Ard-
Bhailitheora**

Freagrach as cánacha a bhailiú agus as cláir bainistíochta fiachais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear idirghabhálacha iomchuí chun comhlíonatacht tráthúil a uasmhéadú agus le haghaidh gníomh forfheidhmithe fiachais ina gcoinne siúd a dteipeann orthu cloí leo. Freagrach freisin as an Lároifig Aisíocaíochtaí agus as VIES, Intrastat agus Cúnamh Frithpháirteach.



Tom James
**Rannóg an
Bheartais agus
na Reachtaíochta
Cánacha Pearsanta**

Freagrach as na feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus léirmhínithe le haghaidh cánacha pearsanta, cánacha caipitiúla (gan CGC san áireamh), cánacha maoine (CMÁ agus CTF), CCI, CISG, cumhachtaí na gCoimisinéirí loncaim, pionóis, ús, cánachas ar phinsin, saincheisteanna soghluaisteachta domhanda agus achomhairc chánach.



Maura Kiely
**Rannóg Dhlíodóirí
na gCoimisinéirí
loncaim**

Freagrach as seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta dlí a chur ar fáil do na Coimisinéirí loncaim lena n-áirítear maidir le dlíthíocht agus achomhairc a dhéanamh agus in ionchúiseamh cionta coiriúla



Breda Ruddle
**Rannóg na
gCásanna Móra
– Daoine Aonair
Ardrachmais**

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na daoine is saibhre sa Stát, agus do scéimeanna pinsin/árachais agus cistí scoir. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach lena n-áirítear úsáid an Riail Ghinearálta um Fhrith-Sheachaint.



Lynda Slattery
**An Rannóg
Imscrúdaithe,
Ionchúisimh &
Bainistíochta
Teorainneacha**

Freagrach as feidhm imscrúdaithe choiriúil na gCoimisinéirí loncaim a threorú, sábháilteacht agus slándáil iomlán an tslabhra soláthair a chinntiú, teorainneacha seachtracha an AE a bhainistiú agus toirmisc agus srianta ar an leibhéal náisiúnta a chur i bhfeidhm. Freagrach freisin as feidhmeanna imscrúdaithe náisiúnta na gCoimisinéirí loncaim agus as stiúradh oibríochtaí ábhartha atá dírithe ar chalaos trasteorann, smuigleáil drugaí agus atreorú earraí inchánach.



James Twohig
**Rannóg na
gCánacha
Pearsanta**

Freagrach chomh maith as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta do dhaoine aonair nach bhfuil ach ioncam ÍMAT acu nó a bhfuil ioncam neamhthrádála féinmheasúnaithe/ gairmiúil acu; agus eintitis eile amhail iontaobhais, carthanais agus comhlachtaí spóirt. Freagrach chomh maith as CMÁ, CTF agus Seirbhísí Dleachta Stampa.



Eugene Creighton
**Rannóg na
gCorparáidí Móra**

Freagrach as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta do na gnóthaí is mó sa Stát agus freagrach as earnálacha iomlána áirithe, amhail baincéireacht, árachas, léasú aerárthaigh, 'comhlachtaí faoi Alt 110' agus cistí infheistíochta. Freagrach chomh maith as cur i gcoinne idirbhearta seachanta cánach corparáide (CC) lena n-áirítear praghsáil aistrithe drochúsáide.


Príomhthorthaí 2023

Iomlán na bhfáltais comhlán de €127.9 billiún a bailíodh, lena n-áirítear €101.7 billiún i bhfáltais chánach chomhlána agus €26.3 billiún i bhfáltais neamh-Stáitchiste.

B'ionann glanfháltais chánach agus €87.2 billiún.


Costas riaracháin na gCoimisinéirí Ioncaim: €0.6 billiún.

Fáltais Chánach Chomhlána




- €36.3bn CI (MSU san áireamh)
- €1.9bn Dleachtanna Stampa
- €5.8bn Mál
- €0.6bn Dleacht Custam
- €26.5bn CC
- €1.6bn CGC
- €0.6bn CFC
- €28.4bn CBL

Glanfháltais Chánach



- €32.9bn CI (MSU san áireamh)
- €1.8bn Dleachtanna Stampa
- €5.7bn Mál
- €0.6bn Dleacht Custam
- €23.9bn CC
- €1.5bn CGC
- €0.6bn CFC
- €20.2bn CBL

Bailiúchán le haghaidh Ranna & Gníomhaireachtaí eile



- €16.8bn ÁSPC
- €0.2bn Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach
- €0.8bn An Ciste um Chothromú Fiontar
- €7.6bn IUG CBL
- €0.1bn Ciste Cúitimh Árachais
- €0.6bn CMÁ
- €0.2bn Eile

Bailiú Cánacha agus Dleachtanna

Ráta comhlíontachta tráthúla 99% do chásanna móra agus 98% do chásanna meánmhéide

B'ionann na rátaí comhlíontachta tráthúla do gach cás eile in 2023 agus 91%, méadú ó 88% in 2022.

B'ionann fiachas neamhstórasaithe a bhí ar fáil lena bhailiú amhail an 31 Nollaig 2023 agus €1.4bn

€1.756bn stórasaithe do 57,811 gnó, amhail an 31 Nollaig 2023

35,905 cás, ar luach beagnach €655m, a atreoraíodh le haghaidh forfheidhmiú

11,159 Socruithe Tráthíocaíochtaí, ar luach €406m, i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2023

Seirbhís do Chomhlíontacht

Suirbhé Custaiméirí ÍMAT

Thug 72% d'fhreagróirí le fios go raibh siad sásta, nó an-sásta, lenár seirbhísí

Scéim Stórasaithe Fiachais

Bhí an t-iarmhéid sa stóras amhail an 31 Nollaig 2023 dlite do 57,811 gnó, agus bhí níos lú ná €5,000 dlite do bheagnach 70% díobh siúd

Trádáil dhlísteanach a éascú

54.2m Dearbhú Custam próiseáilte agus 89% de ghluaiseachtaí isteach na Breataine Móire

Aghaidh a thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Urghabhálacha

20,596 urghabháil drugaí agus táirgí inmháil, ar luach €382m

€804m

Toradh a eascraíonn as idirghabhálacha iniúchóireachta agus comhlíontachta, agus cásanna seachanta

Ionchúisimh

211 ciontú urraithe agus fíneálacha iomlána €554,180 gearrtha

Ár nDaoine, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

57%

Sciar na bpost ardbhainistíochta atá líonta ag mná faoi láthair

7,033

Líon na mball foirne buan a bhí fostaithe amhail an 31 Nollaig 2023

90%

Sciar den fhoireann a mholfadh na Coimisinéirí Ioncaim mar áit mhaith le bheith ag obair

Príomhthorthaí 2023

Bailiú agus Comhlíontacht

- €127.9 billiún in Ollfháltais a bailíodh (Tábla 1)
- Bailíodh €26.3 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste thar ceann gníomhaireachtaí eile (Tábla 1)
- B'ionann glanfháltais Státchiste do 2023 agus €87.2 billiún, méadú 6% ar fháltais 2022 (Tábla 2)
- Ráta comhlíontachta tuairisceáin/Íocaíochta tráthúil 99% do ghnóthaí mórmhéide agus 98% do ghnóthaí meánmhéide, le leibhéil chomhlíontachta ard á choinneáil ar an iomlán (Tábla 6).
- Bhí fiachas €1.4 billiún ar fáil lena bhailiú: is ardú €0.1 billiún (8%) é sin ar fhiigiúr 2022.
- Ba é 1.07% an fiachas a bhí ar fáil le bailiú mar chéatadán d'fháltais chomhlána, laghdú ó 1.08% in 2022.

Seirbhís do Chomhlíontacht

- 1.7 milliún glao gutháin freagraíodh (Tábla 3)
- 4.2 milliún mír chomhfhreagrais (litreacha, ríomhphoist slán, fiosruithe ar líne srl) ar déileáladh leo (Tábla 3)
- Córas nua Cánach Siarchoinneálach do Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha seolta, chun an t-ualach ar thionóntaí, ar ghníomhairí bailiúcháin agus ar Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha (TTN) a bhailiú
- Acmhainn shaincheaptha oideachais cánach forbartha do dhaltaí idirbhliana
- Roinnt beart simpliúcháin tugtha isteach trínár rannpháirtíocht ar an gCoiste Idirchaidrimh um Riarachán Cánach (TALC) chun na próisis riaracháin a chúchoiriú
- Roinnt seimineár gréasáin faisnéise agus cur i láthair ar réimse leathan topaicí ostáilte i rith na bliana, lena n-áirítear an Scéim Stórasaithe Fiachais (SSF), Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe (ERR) agus an SSTFG
- Treoir thráthúil foilsithe chun tacú le cáiníocóirí tuiscint a fháil ar a n-oibleagáidí faoi chánacha nua a tugadh isteach, lena n-áirítear Cáin ar Thithe Folmha (CTF) agus an Tobhach ar Tháirgí Lochtacha Coincréite (TTLC)
- Seoladh tionscnamh 'Seachtain Aoise' chun tacú leis na cáiníocóirí sin atá 65 bliana d'aois agus os a chionn
- D'fhreastail muid ar bhreis agus 100 imeacht for-rochtana ar fud na tíre

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

- Toradh €787 milliún, lena n-áirítear beagnach €139 milliún in ús agus pionóis, ag eascairt as breis agus 290,000 idirghabháil iniúchóireachta agus comhlíontachta (Táblaí 14A, 14B agus 14C)

- €16.5 milliún, €5.2 milliún in ús agus pionóis san áireamh, mar thoradh ar 85 cás seachanta cánach
- €25.6 milliún i socraíochtaí cánach, lena n-áirítear €11.7 milliún in ús agus pionóis, i ndáil le 73 cáinócóir foilsithe in Iris Oifigiúil (Táblaí 16 agus 17)
- 21 ciontú coiriúil de bharr imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta (Tábla 22)
- 190 ciontú agus fineáil arbh fhiú €554,180 iad de bharr raon ciontuithe achoimre éagsúla (Tábla 22)
- 9,217 urghabháil drugaí dar luach beagnach €302 milliún (Tábla 18)
- 69.5 milliún toitín agus 10,191kg de thobac urghafa, ar luach €55.7 milliún agus €7.7 milliún faoi seach (Tábla 19)

Tacú le Beartas agus Athchóiriú Cánach

- Ceadaíodh €153.8 milliún d'focaíochtaí SSTFG i leith 62,604 éileamh
- €1.756 billiún i bhfiachas cánach stórasaithe do 57,811 gnó, agus tá fiachas stórasaithe níos lú ná €5,000 ag beagnach 70% de na gnóthaí sin.
- Bhí 11,159 Socraíocht Tráthfocaíochtaí (ST) a chlúdaigh €406 milliún i bhfeidhm ag deireadh 2023, agus chlúdaigh 2,116 de na ST sin €158 milliún d'fhiachas stórasaithe
- D'oibrigh muid leis an Roinn Airgeadais chun reachtaíocht a rith chun rialacha Domhanda Cholún a Dó i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn (GLOBE) a thabhairt isteach
- Chuamar i dteagmháil go forleathan le geallsealbhóirí chun nuashonruithe riachtanacha córais a chur i bhfeidhm roimh thús ERR
- Sheolamar comhairliúchán phoiblí maidir le córas CBL na hÉireann a nuachóiriú.
- Rinneamar tairseach ar líne a fhorbairt agus a sheoladh chun CTF a riaradh

Fiachas Neamhstórasaithe a Bhainistiú

- Ba é €3.4 billiún an fiachas iomlán ag an 31 Nollaig 2023
- Ba é €1.37 billiún an fiachas a bhí á bhailiú, €0.17 billiúna bhí níos lú ná 2 mhí d'aois, a raibh €0.4 billiún de idir 2 mhí agus 12 mhí d'aois agus a raibh €0.8 billiún de níos sine ná 12 mhí d'aois
- B'ionann an fiachas a bhí faoi achomharc agus €329 milliún, agus bhí €65 milliún eile faoi réir imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha
- Atreoraíodh 35,905 cás, le luach €654.9 milliún le haghaidh forfheidhmiú (Tábla 7)

Feabhas a chur ar Sheirbhísí Ar Líne

- 13.3 milliún íocaíocht leictreonach íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim, ar luach €121.6 billiún (Tábla 3)
- 1.9 milliún aisíocaíocht leictreonach íoctha le cáinócóirí, ar luach €12.9 billiún (Tábla 3)
- 5.5 milliún tuairisceán leictreonach próiseáilte, méadú 1 milliún ó 2022 (Tábla 3)
- 3.8 milliún cáinócóir aonair cláraithe ar moChúrsaí ag deireadh 2023, méadú 6% ó 2022

- Cuireadh tús le 24% de ghníomhaíocht moChúrsaí tríd an tairseach MyGovID, méadú 16% ó 2022
- Beagnach 1.4 milliún ÍMAT a próiseáladh i leith na bliana measúnaithe 2022, méadú 20% ar an líon a próiseáladh in 2022 don bhliain mheasúnaithe 2021
- Aisíocaíochtaí arbh fhiú €684 milliún san iomlán iad a íocadh le cuntais bhainc cáiníocóirí maidir le gach Tuairisceán Cánach Ioncaim ÍMAT 2022 a próiseáladh le linn 2023

Tuairisciú Párolla

- 6.6 milliún tíolacadh párolla rathúil
- 197,022 fostóir a rinne tíolacthaí (soláthraithe pinsin san áireamh)
- 3.7 milliún fostaí agus faighteoir pinsin taifeadta trí chórais na gCoimisinéirí Ioncaim
- €133.7 billiún i bpá agus pinsin chomhlána tuairiscithe
- €22.7 billiún CI íoctha trí thuairisciú párolla na gCoimisinéirí Ioncaim
- €4.8 billiún MSU íoctha trí thuairisciú párolla na gCoimisinéirí Ioncaim

Éascú Trádála agus Custaim

- 54.2 milliún dearbhú Custam (iompórtáil, easpórtáil, iompar) próiseáilte (Tábla 13)
- 400,423 gluaiseacht feithiclí lastais isteach go hÉirinn ón mBreatain Mhór: 89% Bealach Glas, 9% Bealach Oráiste, 2% Bealach Dearg
- 10,100 clárúcháin custam nua Uimhreacha Clárúcháin agus Aitheantais Oibreora Eacnamaíoch eisithe

Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta

- 2,081 iarratas ar Chúnamh Frithpháirteach faighte agus 362 iarratas eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (Tábla 23) faoi fhorálacha chomhaontuithe Malartaithe Faisnéise na hÉireann
- Ghlac muid páirt i roinnt EOI uathoibríoch le riaracháin chánach eile ar fud an domhain
- 51 Nós Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (NICF) curtha i gcrích tar éis teagmhála le hÚdarás Inniúla i ndlínsí eile chun deireadh a chur le cánachas dúbailte maidir le díospóidí cánach agus 1 Réamh-Chomhaontú Praghsála (RCP) déthaobhach tugtha chun críche d'fhonn díospóidí maidir le praghsáil aistrithe a chosc (Táblaí 11 agus 12)
- Shíníomar prótacal chun caighdeán íosta maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) a ionchorprú dár raon feidhme teoranta Comhaontú um Chánachas Dúbailte (DTA) le Geansaí
- Ghlac muid lenár seasamh ar Choimisiún Beartais na hEagraíochta Domhanda Custam (WCO)

Bailiúchán cánacha agus dleachtanna

Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa gheilleagar chun cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a sholáthar maidir le comhlíontacht agus freagra riosca-dhírthe, éifeachtach, comhréireach do neamhchomhlíontacht a chur ar fáil, mar léiriú ar iompar cáinócóirí.

Bailíodh fáltais chomhlána €127.9 billiún in 2023, lena n-áirítear €26.3 billiún i bhfáltais neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna, gníomhaireachtaí agus Ballstáit eile an AE (Tábla 1).

Bhí na Glanfháltais Státchiste €87.2 billiún suas beagnach 6% nó €4.9 billiún i gcomparáid le 2022, agus tháinig na fáltais chánach is mó ó Cháin Ioncaim ag 38% nó €32.9 billiún), Cáin Chorparáide (27% nó €23.9 billiún) agus CBL (23% nó €20.2 billiún) (Tábla 2).

I measc na nglanfháltais neamh-Státchiste €26.3 billiún bhí beagnach €16.8 billiún i ndáil le ÁSPC agus €7.6 billiún i ndáil le Scéimeanna IUG CBL. Chomh maith leis sin bhí beagnach €0.6 billiún san áireamh i ndáil leis an CMÁ, cáin atá á riar agus á bailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríodh na glanfháltais chuig an gCiste Rialtais Áitiúil.

D'fhan rátaí comhlíontachta tráthúla foriomlána do 2023 láidir Mar léiriú ar an gcultúr leanúnach a bhaineann le comhlíontacht deonach láidir, bhí rátaí comhlíontachta tráthúla in 2023 os cionn 99% do chásanna móra agus 98% do chásanna meánmhéide. B'ionann na rátaí comhlíontachta tráthúla do gach cás eile in 2023 agus 91%, méadú ó 88% in 2022 (Tábla 6).

B'ionann an fiachas iomlán agus €3.4 billiún comhlán. Áirítear leis seo beagnach €1.8 billiún d'fhiachas stórasaithe. Tháinig laghdú €1.4 billiún ar iarmhéid an fhiachais sa stóras ó Eanáir 2022. Bhí an t-iarmhéid a bhí fágtha sa stóras amhail an 31 Nollaig 2023 dlite do 57,811 gnó, agus bhí fiachas níos lú ná €5,000 ag beagnach 40,000 (70%) de na gnóthaí sin.

Tháinig méadú 8% ar fhiachas neamhstórasaithe atá ar fáil lena bhailiú i gcomparáid le 2022, go dtí €1.4 billiún. Bhí €329 milliún eile faoi achomharc, agus bhí €65 milliún faoi réir imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha. Le linn 2023, atreoraíodh 35,905 cás, le luach €654.9 milliún le haghaidh forfheidhmiú.

Bhí Socruithe Tráthíocaíochtaí ag 11,159 gnó agus duine aonair san iomlán a chlúdaigh €406 milliún d'fhiachas a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2023. As na 11,159 ST sin, áiríodh le 2,116 fiachas stórasaithe arbh fhiú €158 milliún san iomlán iad.

Cáin ar Thithe Folmha

Is cáin féinmheasúnaithe bhliantúil í an CTF a tugadh isteach tríd an Acht Airgeadais 2022, mar chuid de straitéis an Rialtais 'Tithíocht do Chách'. Is í príomhaidhm na cánach seo ná an soláthar tithe atá ar fáil le ligean ar cíos nó le ceannach a mhéadú, trí úinéirí de mhaoine cónaithe folmha a spreagadh chun na maoine sin a thabhairt ar ais in úsáid.

Ní bhaineann CCF ach le maoine a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

- 1) gur maoine cónaithe iad chun críocha na CMÁ, agus
- 2) go raibh siad áitithe ar feadh tréimhse níos lú ná tríocha lá i dtréimhse inmhuirir.

Dá bhrí sin, níl feidhm ag CTF maidir le maoine tréigthe nó neamháitithe. Ina theannta sin, níl feidhm ag CTF maidir le maoine cónaithe sa chás gur díoladh iad le linn na tréimhse inmhuirir ábhartha, nó faoi réir tionóntacht atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Tá díolúintí breise ar fáil, agus féadtar iad a éileamh nuair atá tuairisceán CTF á thíolacadh.

Ba é an 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023 a bhí mar an chéad tréimhse inmhuirir le haghaidh CTF, agus ba é an 7 Samhain 2023 a bhí mar an spriocdháta le haghaidh tuairisceán i leith na tréimhse sin. Ní raibh clár de thithe folmha agus de dhaoine inmhuirir gaolmhara ann sular tugadh isteach CTF, agus dá bhrí sin thosaigh muid ag obair chun an clár seo a bhunú le linn 2023. Chomh maith le sonraí na maoine sin a cuireadh isteach ar an tairseach CTF a thaifeadh, tá roinnt feachtas comhfhreagrais déanta againn, ag scríobh chuig úinéirí maoine sa chás go léiríonn na sonraí atá ar fáil dúinn go bhféadfadh dliteanas CTF a bheith orthu.

Rinneadh an chéad cheann de na feachtais chomhfhreagrais seo i Meán Fómhair 2023, nuair a scríobhamar chuig timpeall 25,000 úinéir maoine. Bhainamar úsáid as ár dtaifid féin, mar aon le sonraí ó Líonraí BSL agus bunachar sonraí maoine An Post, GeoDirectory, chun an fothacar tosaigh maoine seo a aithint. Leanfaimid lenár n-obair chun an clár a fhorbairt le linn 2024.

Chun éascaíocht a dhéanamh d'úinéirí maoine ábhartha a ndualgais pá agus tíolactha CTF a chomhlíonadh, d'fhorbraíomar agus sheolamar Tairseach CTF ar líne an 25 Meán Fómhair 2023. D'fhoilsíomar treoir mhionsonraithe ar ár suíomh idirlín freisin, rinneamar feachtas cumarsáide agus chuireamar clár cuimsitheach oiliúna CTF ar fáil chun tacú lenár bhfoireann. Amhail an 31 Márta 2024, tá freagra tugtha againn ar bhreis agus 6,500 fiosrú ar líne a bhaineann le CTF.

Treoraíonn an tairseach CTF ar líne úinéirí maoine trí phróiseas simplí trí chéim chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid sonraí, a dtuairisceán a thíolacadh agus a n-íocaíocht a dhéanamh, más gá. Déanann an córas an tsuim CTF atá dlite a ríomh le haghaidh úinéirí maoine. Don chéad tréimhse inmhuirir, socraíodh é seo ag trí oiread bhundliteanas CMÁ reatha na maoine sula gcuirtear aon choigeartú Údaráis Áitiúil i bhfeidhm. Don tréimhse inmhuirir dar críoch an 31 Deireadh Fómhair 2024 agus do thréimhsí inmhuirir ina dhiaidh sin, méadófar an muirear CTF go cúig oiread bhundliteanas CMÁ reatha na maoine sula gcuirfead aon choigeartú Údaráis Áitiúil i bhfeidhm.

Amhail an 31 Márta 2024, deimhníodh stádas os cionn 67,000 maoin chun críocha CTF don tréimhse inmhuirir dar críoch an 31 Deireadh Fómhair 2023, agus dearbhaíodh go raibh thart ar 59,000 de na maoine sin áitithe. Dearbhaíodh go bhfuil tuairim is 6,000 maoin folamh, agus deabhaíodh díolúintí i leith thart ar 2,500 de na maoine sin. Tá dliteanas CTF ag thart ar 3,500 maoin, arb ionann é agus €2 mhilliún.

Seirbhís do Chomhlíontacht

Teagmhálacha Cáiníocóra in 2023




Féinseirbhís Leictreonach



1.4m



Tuairisceáin Leictreonacha



5.5m



Comhfhreagras



4.2m



Línte Cabhrach Náisiúnta



1.7m

Tuairisceáin Chánach CI



1.4m

Tuairisceáin CI ÍMAT a próiseáladh i leith na bliana measúnaithe 2022, agus aisíocaíochtaí de **€684m** san iomlán íoctha le cuntais bhainc cáiníocóirí

Tuairimí agus Deimhnithe Cánach




333

tuairim nó deimhniú a eisíodh trínár RTS

80

Tuairim Cánach lomchuí eisithe

Íocaíochtaí agus Aisíocaíochtaí Leictreonacha



13.3m

íocaíocht leictreonach, ar luach **€121.6bn**, a rinneadh leis na Coimisinéirí Ioncaim

2m

íocaíocht leictreonach, ar luach **€12.9bn**, a rinneadh leis na Coimisinéirí Ioncaim

Éascú Trádála ag Custaim



54.2m

Dearbhú Custam próiseáilte, méadú 11.3m (26%) ó 2022

Seirbhís do Chomhlíontacht

Is é ár gcroí-thasc ná na cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach. Cuireann muid an croí-thasc seo i gcrích trínár seirbhís lúfar agus freagrúil don tsamhail seachadta comhlíontachta atá bunaithe ar riachtanais athraitheacha cáiníocóirí agus gníomhairí cánach agus ar na timpeallachtaí geilleagracha agus gnó ina n-oibríonn siad atá de shíor ag athrú.

Leanaimid lenár gcur chuige deighilte maidir le seachadadh seirbhíse a bheachtú agus a dhoimhniú ar bhealach a thacaíonn agus a éascaíonn leibhéal arda comhlíontachta saorálaí. Is éard atá lárnach dár n-éachtaí ina leith seo ná:

- seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil thar réimse ardán seachadta ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de,
- deiseanna breise a fhorbairt chun buntáistí na teicneolaíochta agus na léargas sonraí a threisiú i measc ár gcuid teagmhálacha gnó chun eispéireas cáiníocóirí a fheabhsú agus íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca ó neamhchomhlíontacht neamhbheartaithe,
- ár samhail seachadta seirbhíse a scagadh agus a athdhíriú go leanúnach chun riachtanais cáiníocóirí, athruithe ar shamhail gnó agus ról gníomhairí agus idirghabhálaithe cánach a chur san áireamh,
- faisnéis atá soiléir, cuimsitheach agus cothrom le dáta a sholáthar do cháiníocóirí agus do ghairmithe cánach ar ár suíomh idirlín,
- ag cinntiú go mbíonn an toradh ceart ar cháiníocóirí agus ar na Coimisinéirí Ioncaim mar thoradh ar ár seirbhís,
- féachaint le costais chomhlíontachta a íoslaghdú ar cháiníocóirí, agus
- ag laghdú an ghá atá le cáiníocóirí teagmháil a dhéanamh linn.

Comhlíontacht Shaorálach a Éascú

Táimid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do chultúr ard-chomhlíontachta saorálaí, agus seirbhísí agus treoir a chur ar fáil a fhágann go bhfuil sé chomh héasca agus is féidir do cháiníocóirí a n-oibleagáidí cánach a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Cuirtear Réamhráiteas Deireadh Bliana (RRDB) ar fáil do gach fostaí ÍMAT ag deireadh gach bliaina, atá féadtar teacht air go héasca in moChúrsaí. Soláthraíonn an RDB réamhríomh ar CI agus MSU fostaí don bhliain, agus léiríonn sé cibé an bhfuil a seasamh cánach cothrom, ganníochta nó ró-íochta.

Tá an Réamhráiteas Deireadh Bliana bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dúinn, lena n-áirítear sonraí íoca agus tíolachta arna tuairisciú ag fostóirí agus soláthraithe pinsin agus íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Mar sin, más mian le fostaí creidmheasanna cánach nó faoisimh bhreise a éileamh nó ioncam eile a thuilltear lasmuigh den chóras ÍMAT a dhearbhu, ní mór dóibh Tuairisceán CI ÍMAT a chomhlánú don bhliain. Ansin ginfidh muid Ráiteas Dliteanais ina ndeimhneofar an seasamh cánach deiridh don bhliain sin. Dá bhrí sin, i gcás formhór na gcáiníocóirí ÍMAT, is próiseas simplí é Tuairisceán CI ÍMAT a thíolacadh, is féidir leo é a chomhlánú iad féin trínár seirbhís thapa, éasca agus saor in aisce moChúrsaí a úsáid.

Le linn 2023, phróiseáil muid beagnach 1.4 milliún Tuairisceán CI ÍMAT maidir leis an mbliain mheasúnaithe 2022. Is méadú 20% é seo ar líon na dtuairisceán CI ÍMAT a próiseáladh in 2022 don bhliain mheasúnaithe 2021. As na Tuairisceáin CI ÍMAT a próiseáladh le linn 2023:

- ró-íocaíocht cánach ba chúis le 952,471 díobh, agus aisíocadh €684 milliún le cuntais bhainc na gcáiníocóirí i ndáil leis na tuairisceáin seo,
- cothromaíodh 247,184 díobh, agus
- Bhí gearríocaíocht chánach mar thoradh ar 174,204, agus bailíodh gearríocaíochtaí iomlána de €44 milliún trí laghdú ar chreidmheasanna cánach na gcáiníocóirí ó 2025.

Tá obair ar siúl chun feachtas a ardú, i measc cáiníocóirí ÍMAT, maidir le hinfhaighteacht na RRDB agus an próiseas trínar féidir leo a seasamh cánach a thabhairt chun críche agus aon aisíocaíocht a d'fhéadfadh a bheith dlite dóibh a éileamh.

Le linn 2023, scríobhamar chuig os cionn 96,000 duine aonair a d'fhéadfadh, de réir a RRDB, cáin ró-íochta nó gearríochta a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na blianta cánach 2019 – 2022, agus an dá bhliain sin san áireamh, ag moladh dóibh Tuairisceán CI ÍMAT a thíolacadh. Amhail an 31 Márta 2024, tá thart ar 122,000 tuairisceán faighte againn ó bhreis is 47,000 de na daoine aonair a scríobhamar chucu in 2023 mar chuid den chlár seo. Tá iomlán de €45.8 milliún aisíochta cheana féin le cuntais bhainc na gcáiníocóirí maidir leis na tuairisceáin seo.

Lean an feachtas seo ar aghaidh leis an gcomhfhreagras a d'eisigh muid le linn 2022 agus beimid ag leanúint leis an ngníomh seo in 2024, ag scríobh chuig na daoine sin a d'fhéadfadh, de réir a RRDB, cáin ró-íochta nó gearríochta a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na blianta cánach 2020 – 2023 agus an dá bhliain sin san áireamh.

Cuirfidh an feachtas litreach seo tuilleadh leis an tionchar a bheidh ag feachtas fairsing faisnéise poiblí a sheolamar do cháiníocóirí ÍMAT i mí Eanáir 2024.

Leanamar orainn ag úsáid na faisnéise go léir atá ar fáil dúinn, lena n-áirítear faisnéis tríú páirtí ó réimse foinsí, chun tuairisceáin chánach bhliantúla a réamhlíonadh. Ba í an bhliain mheasúnaithe 2022 an chéad bhliain iomlán de Cháin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla leictreonacha (CISG), agus le linn 2023 rinneadh sonraí fógra íocaíochta a réamhlíonadh ar Thuairisceán CI an cháiníocóra féinmheasúnaithe den chéad uair. Bhí thart ar 7,850 tuairisceán líonta le sonraí fógra íocaíochta, ar luach €655 milliún.

Le linn 2023, rinneamar an fhaisnéis seo a leanas a réamhlíonadh ar Thuairisceán CI féinmheasúnaithe:

- íocaíocht a rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM),
- tionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe,
- íocaíochtaí a ndearnadh faoin scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, agus
- faisnéis ó thuairisceáin tríú páirtí arna tíolactha ag gníomhairí ligin.

Tá sé tapa. Tá sé éasca. Agus tá sé saor in aisce.

Chun a chinntiú go bhfuil gach creidmheas cánach agus faoiseamh a bhfuil tú i dteideal a fháil á n-éileamh agat, ní gá ach logáil isteach ar www.revenue.ie/mochursai agus faigh amach duit féin. Ní mór duit insint dúinn freisin faoi aon ioncam a thuill tú lasmuigh den chóras ÍMAT.

Má tá airgead dlite againn duit, gheobhaidh tú aisíocaíocht isteach i do chuntas bainc laistigh de chúpla lá. Má tá airgead dlite agat dúinn, oibreimid leat chun rogha íocaíochta oiriúnach a fháil.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs



Feachtas faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim 2024

Imeachtaí For-Rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá clár for-rochtana fairsing againn, agus mar chuid de sin freastalaíonn muid ar imeachtaí áitiúla agus náisiúnta agus tugaimid cuairt ar scoileanna. Ina theannta sin, reáchtálaimid imeachtaí agus seimineáir ghréasáin bheo chun cáiniocóirí a chur ar an eolas agus chun tacú leo lena gcúrsaí cánach, agus chun rannpháirtíocht geallsealbhóra a éascú. Cuireann an clár seo réimse iontach deiseanna ar fáil dúinn chun teagmháil agus idirghníomhú go díreach le cáiniocóirí agus le geallsealbhóirí.

Le linn 2023, d'fhreastail beagnach 200 ball foirne i ngach réimse de na Coimisinéirí Ioncaim ar 100 imeacht áitiúil agus náisiúnta, ina ndeachaigh lucht freastail i dteagmháil go dearfach lenár n-ionadaithe ar réimse leathan topaicí. I measc na n-imeachtaí ar fhreastail muid orthu le linn 2023 bhí:

- An Cruinniú Mullaigh Digiteach DBI i mBaile Átha Cliath,
- An Taispeántas Ideal Homes i mBaile Átha Cliath
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCo. Laoise
- An tAonach Pregnancy and Baby i mBaile Átha Cliath,
- Léiriú Samhraidh Chorcaí,
- The 50 Plus Show i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh, agus
- The Property Show i mBaile Átha Cliath.



Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ag freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Thug ionadaithe ó Rannóga Cánacha Pearsanta, Gnó, Ard-Bhailitheora agus Fiontar Meánmhéide

cur i láthair agus d'óstáil siad seimineáir ghréasáin ag go leor imeachtaí le saineolaithe gnó agus tionscail, agus comhlachtaí ionadaíocha gníomhaire cánach, le linn 2023. Chlúdaigh na himeachtaí seo raon leathan saincheisteanna cánach tráthúla amhail an SSTFG, an SSF, Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (SCARP), ERR, tionscadal na scairscéimeanna, foghlaim ó scéimeanna fóirdheontais pá a bhaineann le COVID-19 agus gníomhaíocht chomhlíontachta i ndiaidh COVID-19.

Cuireadh tús le tionscadal píolótach scoile in 2023 freisin, agus ghlac scoileanna i gCorcaigh agus i nGaillimh páirt ann. Dearadh imeachtaí faisnéise a cuireadh ar fáil mar chuid den tionscadal seo le fócas ar leith ar riachtanais daoine óga, agus é mar aidhm acu eolas praiticiúil agus úsáideach a chur ar fáil chun cabhrú leo a n-oibleagáidí agus a dteidíochtaí cánach a thuiscint. Le linn na n-imeachtaí, léirigh ionadaithe conas clárú agus rochtain a fháil ar ár seirbhís moChúrsaí ag baint úsáid as MyGovID agus ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim araon. Leanfaidh an tionscadal for-rochtana ar aghaidh in 2024.

Dhearamar acmhainn shaincheaptha oideachais cánach do dhaltáí idirbhliana freisin, d'fhonn litearthacht chánach a fheabhsú i measc daoine óga, iad a chumasú chun a gcúrsaí cánach féin a bhainistiú agus úsáid sheirbhísí ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim a spreagadh. Agus an acmhainn seo á bhforbairt againn, bhíomar ag comhoibriú go forleathan le réimse leathan comhlachtaí ar fud na hearnála oideachais chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an t-ábhar ar riachtanais a bpobal.



Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ag freastal ar Aonach na hIdirbhliana

D'fhreastail muid ar roinnt aontaí agus imeachtaí Idirbhliana chun seoladh an Mhodúil "Réamhrá le Cáin" a chur chun cinn, agus bhí 927 mac léinn tar éis tús a chur leis an modúl faoin 31 Nollaig 2023. Thug na himeachtaí seo deis freisin na Coimisinéirí Ioncaim a chur chun cinn mar rogha fostóra. Tá gach ábhar a bhaineann leis an modúl Réamhrá le Cáin ar fáil le híoslódáil ónár suíomh idirlín saor in aisce, agus leanfaimid orainn ag plé le geallsealbhóirí san earnáil oideachais chun feacht ar an modúl agus ar na hacmhainní seo a chur chun cinn i rith 2024.

Leanann **luach saothair scairbhunaithe** de bheith ina phríomhghné de phacáistí luacha saothair a chuireann roinnt fostóirí ar fáil, mar mhodh atá éifeachtúil ó thaobh cánach de chun fostaithe a mhealladh agus a choinneáil. Aithníonn muid, áfach, na deacrachtaí a bhíonn ag roinnt fostaithe tuiscint a fháil ar na hoibleagáidí cánach féinmheasúnaithe a thagann chun cinn maidir leis seo. Chun dul i ngleic leis seo, rinne muid teagmháil dhíreach le thart ar 7,000 fostaí i mBealtaine 2023 ag meabhrú dóibh a n-oibleagáidí tíolactha maidir le Cáin Iomchuí ar Scair-Roghanna, CI agus CGC.

Thug an tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 forálacha nua isteach a aistríonn na riachtanais tuairiscithe maidir le gnóthachain a réadaíodh ar luach saothair scairbhunaithe ó fhéinmheasúnú go dtí an córas ÍMAT. Mar thoradh air sin, beidh an fostóir freagrach as cuntas a thabhairt ar an gcáin atá dlite mar chuid dá bpróiseas párolla. Beidh feidhm ag an gcóireáil seo maidir le gnóthachain a réadaíodh an 1 Eanáir 2024 nó dá éis. Leanfaidh gnóthachain a réadaíodh ar nó roimh an 31 Nollaig 2023 de bheith incháinithe faoi fhéinmheasúnú.

Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe

Tháinig ERR, a tugadh isteach tríd an Acht Airgeadais 2022, i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2024. Is iad na míreanna a thagann faoi raon feidhme an ERR ná an díolúine i leith sochar beag, an liúntas cianoibre laethúil agus íocaíochtaí taistil agus cothaithe nár gearradh cáin orthu.

I gcomhréir lenár gcur chuige maidir le córais tuairiscithe eile a thabhairt isteach, rinneamar teagmháil fhorleathan le geallsealbhóirí sular cuireadh tús leis an ERR. Bhí ár rannpháirtíocht le soláthraithe bogearraí le linn 2023 3ú páirtí ríthábhachtach chun comhtháthú an chórais tuairiscithe nua a éascú le pacáistí bogearraí costais agus párolla a bhí ann cheana féin. Bhí cruinnithe rialta againn leis na soláthraithe bogearraí sin i rith 2023, agus leanfaimid orainn ag déanamh amhlaidh de réir mar a théann fostóirí i gcleachtadh ar na meicníochtaí tuairiscithe nua.

Dheimhníomar i mí na Nollag 2023 go mbeidh seirbhís á feidhmiú againn le haghaidh cur chuige comhlíontachta i leith ERR go dtí an 30 Meitheamh 2024, a dhíríonn ar thacaíocht a thabhairt do na fostóirí sin atá ag iarraidh na riachtanais nua a chomhlíonadh. Táthar fós ag súil, áfach, go nglacfaidh fostóirí gach beart réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí tuairiscithe. Chuige sin, d'fhoilsíomar mol eolais ar ár suíomh idirlín, ina leagtar amach treoir chuimsitheach agus fiseáin tacaíochta a óstáil d'fhostóirí agus dá n-ionadaithe.

Tá ár bhfoireann bainistíochta athruithe ag reáchtáil sraith leathan seimineár gréasáin faisnéise saor in aisce do gach fostóir agus comhlacht ionadaíoch ó Mheán Fómhair 2023. Amhail an 31 Márta 2024, d'óstáil muid beagnach 35 de na seimineáir ghréasáin seo agus freastalaíodh go han-mhaith orthu, agus ghlac suas le 1,000 rannpháirtí páirt in imeachtaí aonair. Le linn na seimineár gréasáin seo, cuireann ár bhfoireann faisnéis thábhachtach ar fáil maidir le céard atá intuairiscithe faoinn ERR agus léiríonn siad cén chaoi a oibríonn an mheicníocht tuairiscithe. Bíonn deis ag an lucht freastail ceisteanna a chur freisin maidir leis na dualgais nua tuairiscithe. Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i seisiúin faoi stiúir fostóirí agus tionscail le baill de chomhlachtaí gairmiúla gníomhaire agus a gcliaint, agus chuaigh muid i dteagmháil go díreach le fostóirí ar mhórscaála ar bhonn cásanna

Leanfaimid leis an rannpháirtíocht seo i rith 2024 de réir mar is gá, agus táimid tiomanta freisin d'fhochoiste de chuid TALC a bhunú chun déileáil go sonrach le cúrsaí ERR.

Amhail an 31 Márta 2024, fuarthas beagnach 287,000 tíolacadh ó thart ar 30,000 fostóir, i ndáil le níos mó ná €310 milliún in íocaíochtaí agus sochair a cuireadh ar fáil do bhreis agus 400,000 fostaí aonair. Is ionann na híocaíochtaí agus sochair tuairiscithe agus beagnach €270 milliún in íocaíochtaí taistil agus cothaithe nár gearradh cáin orthu, thart ar €38 milliún i ndreasachtaí cáilitheacha faoin díolúine i leith sochar beag agus an t-iarmhéid de thart ar €2.4m don liúntas laethúil cianoibre.

Cabhróidh na sonraí fíor-ama a chuireann fostóirí ar fáil tríd an ERR linn measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann leis na cineálacha sochair agus íocaíochta seo, agus cuirfidh siad ar ár gcumas ár ngníomhaíocht chomhlíontachta a dhíríú ar na cásanna is baolaí agus an dóchúlacht go dtarlóidh idirghabháil chomhlíontachta, agus costais ghaolmhara an chéanna, a laghdú do cháiníocóirí comhlíontacha. Is dócha freisin go mbeidh rialuithe níos déine á gcur i bhfeidhm ag fostóir mar thoradh ar an oibleagáid tuairisciú i bhfíor-ama chun a chinntiú go bhfuil sé sásta go gcaitear i gceart leis na híocaíochtaí agus sochair sonracha mar íocaíochtaí nach bhfuil faoi réir cánach.

Tháinig an **TTLC** i bhfeidhm ar 01 Meán Fómhair 2023. Beidh feidhm ag an tobhach maidir leis an gcéad soláthar de liosta sainithe de **tháirgí coincréite** áirithe agus ríomhtar é ag ráta 5% de luach na dtáirgí ar an margadh oscailte. Sular cuireadh tús leis an tobhach, rinne muid teagmháil le breis agus 1,000 gnó agus a ngníomhairí sa tionscal coincréite, chomh maith le comhlachtaí tionscail, chun a bhfeasacht ar an tobhach a mhéadú agus chun cur síos a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú lena gcomhlíontacht leis an TTLC.

Leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023, tugadh isteach athruithe ar an TTLC, lena bhforáiltear do choincréit réidh le doirt a bhaint a úsáidtear i monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe óna raon feidhme, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Foráiltear leis an Acht freisin d'aisíocaíocht an TTLC a thabhaíodh i ndáil leis an gcoincréit réidh le doirt a úsáidtear i monarú táirgí coincréite réamhtheilgthe idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 31 Nollaig 2023. Tá an scéim aisíocaíochta i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 agus ní mór gach éileamh aisíocaíochta a thíolacadh faoin 30 Aibreán 2024.

Tá ról lárnach ag **Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS)** maidir le comhlíontacht shaorálach a chur chun cinn agus is córas tacaíochta riachtanach é do dhaoine aonair agus do ghnóthaí. Ag feidhmiú ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim, tugann an tseirbhís aghaidh ar shaincheisteanna casta teicniúla, ag soláthar soiléireachta do ghníomhairí agus do cháiníocóirí araon trí bhealach a thabhairt dóibh chun tuairim nó deimhniú a lorg go foirmiúil, sa chás go bhfuil amhras ann maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánach le haghaidh idirbhearta nó cásanna sonracha. Le linn 2023, eisíodh 333 tuairim nó deimhniú.

Tá uastréimhse bailíochta cúig bliana ag tuairimí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus i mí Eanáir 2023 d'eisíomar meabhrúchán (eBrief Uimh. 10 de 2023) ag cur in iúl go raibh tuairimí a tugadh idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2017 faoi réir athbhreithniú. Iarradh ar cháiníocóirí ar mian leo leanúint de bheith ag brath ar thuairimí a eisíodh le linn 2017 ar an 1 Eanáir 2023 nó dá éis, maidir le hidirbheart, tréimhse nó cuid de thréimhse, iarratas a dhéanamh ar a n-athnuachan nó ar shíneadh leis an tuairim ar an 31 Márta 2023 nó roimhe. Fuair muid iarratais chun sé thuairim dá leithéid a athnuachan nó a shíneadh.

Mar thuairimí agus deimhnithe atá éagsúil ón réimse iomlán a chuirtear ar fáil tríd an RTS, is éard is **Tuairimí Cánach Iomchuí** ann ná iad siúd nach gcuirtear ar fáil ach amháin do chuideachtaí agus eintitis eile (ní do dhaoine aonair ná chun tairbhe daoine aonair) agus a bhaineann le cánaíocht díreacha amháin (mar shampla CC, Cáin Ioncaim Gnó, Dleacht Stampa, CGC). Sa chás go bhfuil gné trasteorann ag baint le Tuairim Cánach Iomchuí, tá sé inmhálartaithe faoi na hionstraimí EOI. Le linn 2023, thug muid 80 Tuairim Cánach Iomchuí do chuideachtaí agus eintitis eile maidir le ceisteanna casta teicniúla (Tábla 10).

Lean ár **n-áis Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí Ar Líne 24/7** de sheirbhísí riachtanacha a chur ar fáil i rith 2023 chun tacú le gnóthaí inmharthana a raibh deacrachtaí íoca cánach acu. Cuireann an áis féinseirbhíse seo eolas cothrom le dáta ar fáil ar dhliteanais agus tuairisceáin amuigh agus treoraíonn sí an cáiníocóir tríd an bpróiseas iarratais chun Socraíocht Tráthíocaíochtaí a bhaint amach.

Faoi dheireadh na bliana 2023, bhí iomlán de 11,159 Socraíocht Tráthíocaíochtaí á bainistiú go gníomhach trí chóras na **Seirbhíse Bainistithe Fiachais (DMS)**. Agus é ceadaithe, tá solúbthacht shuntasach ag cáiníocóirí chun an sceideal íocaíochta a bhainistiú féin de réir riachtanais athraitheacha gnó.

As na 11,159 PPA a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2023, bhí fiachas stórasaithe san áireamh i 2,116 díobh. Beidh muid pragmatach maidir leis na pleananna íocaíochta le haghaidh fiachas stórasaithe, agus oibreoidh siad le gnóthaí sa **SSF** ionas gur féidir leo inmharthanacht a ngnó a chinntiú amach anseo. Tá sé seo faoi réir phríomhriachtanas an STF go leanann gnóthaí ar aghaidh ag tíolacadh a dtuairisceáin chánach reatha agus ag íoc dliteanas reatha de réir mar a thagann siad de bheith dlite agus breathnófar orthu ann féin mar phríomhtháscaire

ar inmharthanacht an ghnó. Trí fhanacht sa stóras, bainfidh gnóthaí buntáiste as an ráta úis 0% agus na roghanna íocaíochta solúbtha atá ar fáil maidir le fiachas stórasaithe. Mura gcomhlíontar na coinníollacha seo, déantar an stádas stórasaithe a chúlghaireadh, a bhfuil sé de thoradh air go mbeidh an ráta caighdeánach úis 10% curtha i bhfeidhm, siardhátaithe go dtí an tráth a tháinig an fiachas chun cinn, agus go mbeidh forfheidhmiú láithreach ar gach fiachas amuigh, lena n-áirítear ús.

Déanaimid freastal ar ár mbeartas chun tacú le comhlíontacht shaorálach do ghrúpaí móra corparáideacha trínár **gCreat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC)**. Baineann na gnóthaí corparáideacha móra sin a ghlacann páirt sa chreat leas as idirphlé rialta a bheith acu linn, rud a chabhraíonn le cinnteacht fhadtéarmach a sholáthar maidir le neamhchosaintí cánach agus dleachta, agus an cumas a thuar, le muinín réasúnta, cén seasamh a bheidh againn ar aon ghné ar leith d'oibleagáidí cánach agus dleachta. Ag deireadh 2023, bhí 125 grúpa corparáideach ag obair linn in CCC. Sin méadú de cheathar ó 2022.

I rith 2022 rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an CCC, agus le linn 2023 chuireamar roinnt moltaí i bhfeidhm a d'eascair as an athbhreithniú seo. Bhain athrú amháin den sórt sin a cuireadh i bhfeidhm le cruinnithe athbhreithnithe riosca, a reáchtáiltear le gnóthaí rannpháirteacha agus a tharlaíonn go ginearálta ar bhonn bliantúil. Tá sé socraithe anois go bhféadtar na cruinnithe seo a reáchtáil ar bhonn nach mbíonn chomh minic sin, m.sh., gach 18 mí nó dhá bhliain, nuair a mheasann na Coimisinéirí loncaim go bhfuil cúrsaí cánach an Ghrúpa agus/nó íocaíochtaí cánach an Ghrúpa réasúnta íseal. Ag eascairt as na hathbhreithnithe riosca agus as gealltanais eile faoi CCC, fuarthas nochtuithe thart ar €26 milliún ó na grúpaí seo le linn 2023.

Chuir muid tús freisin le píolótú CCC i gComhlachtaí Poiblí le linn 2023 chun cabhrú le comhlíontacht shaorálach san earnáil seo. Beidh leathnú an chláir seo faoi réir athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach le linn 2024.

Soláthar Seirbhísí

Le blianta beaga anuas tá éileamh méadaithe feicthe againn ar thairiscintí seirbhíse digití 24/7, agus tá sciar ard d'idirbhearta cáiníocóirí ag bogadh ar líne. Tá sé tugtha faoi deara chmh maith go bhfuil cáiníocóirí agus a ngníomhairí ag súil le níos mó solúbthachta maidir lena rochtain ar sheirbhísí, bíodh siad digiteach nó ná bíodh.

Agus é seo san áireamh, is é fócas ár ndearadh seirbhíse ná sraith seirbhísí ar líne nó digiteacha a sholáthar a ghíaráil uathoibriú próisis, nuair is cuí, agus a ligeann do cháiníocóirí agus gníomhairí féinseirbhís a dhéanamh chomh fada agus is féidir. Mar chomhlánú air seo tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil in ann leas a bhaint as ár seirbhísí ar líne.

Is pointe rochtana aonair é **moChúrsaí** dár sheirbhísí slán ar líne do dhaoine aonair atá ag fáil ioncaim atá faoi réir cánach faoin gcóras ÍMAT. Is áis shlán den chineál céanna í **ROS** do cháiníocóirí féinmheasúnaithe chun rochtain a fháil ar ár seirbhísí ar líne. Tá an dá sheirbhís ar fáil 24/7 i gcaitheamh na bliana, agus soláthraíonn siad bealach tapa agus áisiúil do dhaoine aonair rochtain a fháil ar a dtaifid chánach agus a n-oibleagáidí cánach a bhainistiú.

Féadtar rochtain ar ár seirbhísí moChúrsaí trí **MyGovID** nó trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí loncaim. In 2023, bhí os cionn 5.8 milliún logáil isteach nó clárúchán moChúrsaí ag baint úsáid as MyGovID, arb ionann é agus 24% de na daoine aonair go léir a úsáideann moChúrsaí. Ina theannta sin, ag aithint phróifíl iad siúd a fhaigheann rochtain ar moChúrsaí den chéad uair (is é sin fostaithe nua ag clárú a gcéad fhostaíochta), foilsíodh treoir nua d'fhostaithe céaduaire chun cabhair bhreise a sholáthar leis na próisis chun clárú le haghaidh moChúrsaí, agus chun céad fhostaíocht a chlárú.

85%

d'fhreagróirí a bhfuil muintín acu as na Coimisinéirí loncaim chun a gcuid faisnéise a choinneáil sábháilte

72%

d'fhreagróirí sásta nó an-sásta le seirbhísí na gCoimisinéirí loncaim

70%

de cháiníocóirí ÍMAT a rinne idirghníomhú leis na Coimisinéirí loncaim le 12 mhí anuas

76%

de cháiníocóirí ÍMAT a bhain úsáid as mochúrsaí

Suirbhé Custaiméirí ÍMAT

I rith 2023, rinneamar suirbhé i measc cáiníocóirí ÍMAT, mar chuid dár gcleachtas leanúnach maidir le teagmháil a dhéanamh le cáiníocóirí chun a dtuairimí a lorg agus chun a chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar a gcuid riachtanas.

Is saincheist í muintín cáiníocóirí ÍMAT ionainn, an bealach a riaraimid an córas cánach agus a ndéanaimid a gcuid faisnéise pearsanta a bhainistiú agus a chosaint, rud atá an-tábhachtach dúinn. Chuir fás an gheilleagair dhigitigh agus bagairt mhéadaithe na gcibear-ionsaithe leis na dúshláin a bhaineann leis an bhfreagracht seo, ach dúirt 85% d'fhreagróirí an tsuirbhé go bhfuil muintín acu as na Coimisinéirí loncaim chun a gcuid faisnéise a choinneáil slán, agus tá fáilte roimh an toradh seo.

Táimid ar an eolas, áfach, faoi thuairimí an mhionlaigh bhig (7%) a bhfuil imní orthu faoi shábháilteacht a gcuid faisnéise, agus déanfaimid an méid is féidir linn chun a muintín ionainn a chothú.

Tá fáilte roimh a thabhairt faoi deara freisin go raibh céatadán ard d'fhreagróirí an tsuirbhé sásta nó an-sásta leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Ba nós le freagróirí i gcatagóirí aoise níos sine, iad siúd a bhí ag gabháil níos minice agus iad siúd a raibh tuilleamh níos airde acu leibhéal sástachta níos airde a léiriú.

Is toradh suntasach é seo i gcomhthéacs an digitithe luathaithe ar fud na sochaí, agus ionchais mhéadaitheacha na dtomhaltóirí maidir le hinfhaighteacht seirbhísí ar bhealaí éagsúla agus ag amanna a oireann dóibh.

Leanamar orainn ag forbairt agus ag infheistiú inár bhfreagairt ar riachtanais shíorathraitheacha cáiníocóirí. Chuidigh ár n-aclaíocht agus ár sofhréagracht leis an leibhéal ard sástachta custaiméirí a choinneáil, atá incomparáide le torthaí suirbhé custaiméirí roimhe seo.

Gabhann muid buíochas le gach duine a ghlac páirt sa suirbhé agus bainfidh muid úsáid as na freagraí agus as an aiseolas a cuireadh ar fáil chun cabhrú linn leanúint ar aghaidh ag tuiscint riachtanais cáiníocóirí agus aghaidh a thabhairt orthu.

Soláthraíonn ár **suíomh idirlín**, www.revenue.ie, faisnéis rithábhachtach faoinár seirbhísí agus rialacha cánach do cháiníocóirí agus do ghníomhairí cánach. Tá faisnéis curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais éagsúla d'úsáideoirí ár suíomh idirlín, ag freastal ar raon an-leathan cáiníocóirí agus gairmithe cánach, ag leagan amach céard iad na rialacha cánach a bhíonn casta uaireanta ar bhealach chomh simplí agus is féidir.

Leanann muid freisin ag tabhairt tosaíochta d'inrochtaineacht ár suíomh idirlín don lucht féachana is leithne is féidir, beag beann ar theicneolaíocht nó ar chumas. Cinntimid chomh maith go bhfuil an fhaisnéis agus an treoir ar ár suíomh idirlín ábhartha, reatha agus cruinn tríd an ábhar a nuashonrú go leanúnach agus trí aiseolas ónár suíomh idirlín a athbhreithniú go cúramach. Mar shampla, rinneamar athdhearadh agus leathnú ar an bhfaisnéis a mhíníonn cén chaoi a ghearrtar cáin ar phinsin ar ár suíomh idirlín le linn 2023, mar fhreagra ar aiseolas a fuairamar.

Lenár **Seirbhís Náisiúnta Coinní**, féadann cáiníocóirí am a roghnú atá áisiúil dóibh bualadh le ball dár bhfoireann, agus deireadh a chur le hamanna feithimh. Mar chuid den tseirbhís seo, cuirimid seirbhís coinní fóirúla (físe) ar fáil, a thugann solúbthacht agus áisiúlacht níos mó do cháiníocóirí, trí dheireadh a chur leis an ngá atá le taisteal.

Ag aithint nach bhfuil rochtain ag gach cáiníocóir ar an idirlíon ná ar ghléas cliste, thugamar

isteach seirbhís coinní fíorúla san oifig in oifigí Leitir Ceanainn agus Thrá Lí le linn 2023. Ligeann an tseirbhís seo do cháiníocóir coinne fhíorúil a dhéanamh ó na hoifigí sin, ag baint úsáid as áiseanna na gCoimisinéirí Ioncaim. Táthar ag súil go leathnófar an tseirbhís seo go dtí ionaid eile in 2024.

Cuireann muid seirbhís coinní i bpearsa ar fáil do chustaiméirí chomh maith inár n-oifigí poiblí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach. Sa chás nach bhféadann cáiníocóirí leas a bhaint as coinne fhíorúil nó as coinne phearsanta ag ceann dár n-oifigí poiblí, éascaítear coinní in áiteanna eile ar bhonn cás ar chás.

Ní raibh coinne ag teastáil le haghaidh 87% de na fiosruithe a fuarthas tríd an Líne Coinní le linn 2023, agus cuireadh na glaoiteoirí chuig an gcainéal seirbhíse is oiriúnaí bunaithe ar a riachtanais aonair. Bhí coinne ag teastáil don 13% eile d'fhiosruithe, agus le linn na bliana cuireadh 195 coinne fhíorúil agus 2,036 coinne duine le duine ar fáil.

Tá **Aonad Polasaí Gaeilge** na gCoimisinéirí Ioncaim (Rannóg na Gaeilge) lonnaithe i nGeata na Cathrach, Gaillimh, agus tá freagracht náisiúnta ag an aonad as bainistiú a dhéanamh ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (ATO 2003) agus Rialacháin ghaolmhara a chomhlíonadh agus as Gealltanais Scéim Gaeilge na gCoimisinéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm.

Táimid tar éis ár n-oibleagáidí go léir maidir leis an Acht a chomhlíonadh go hiomlán go dtí seo. Chuige sin, tá ball foirne ceaptha againn ón lucht ardbhainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ár n-oibleagáidí faoin Acht, freagra a thabhairt ar gach cumarsáid scríofa sa teanga oifigiúil trína bhfaightear í agus gach foilseachán tábhachtach a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. Chomh maith leis sin, chomhlíonamar ár n-oibleagáidí go léir maidir le fógraíocht, agus caiteachas fógraíochta, i nGaeilge agus go háirithe trí mheán na Gaeilge.

Cuireann foireann Rannóg na Gaeilge seirbhís chuimsitheach aistriúcháin ar fáil, rud a chinntíonn go bhfuil gach treoir agus ábhar a fhoilsítear ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil i nGaeilge. Le linn 2023, aistríodh breis agus milliún focal.

Cuireann an fhoireann seirbhís Ghaeilge ar fáil freisin ar ár línte cabhrach Náisiúnta ÍMAT, Cánacha Gnó agus Fostóra, ag freagairt 4,595 glaoch le linn 2023. Bhí caint cánach for-rochtana ag an bhfoireann freisin le mic léinn na bliana deiridh in Ollscoil na Gaillimhe (OÉG), ag cur comhairle ar mhic léinn maidir leis na gníomhartha ar chóir dóibh a dhéanamh nuair a thosaíonn siad ar fhostaíocht, lena n-áirítear conas moChúrsaí a shocrú suas.

Leanaimid orainn ag déanamh anailís mhionsonraithe ar theagmhálacha cáiníocóra chun réimsí a aithint ina bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag cáiníocóirí a gcuid oibleagáidí cánach agus custam a chomhlíonadh agus déanaimid beart chun cabhrú leo go réamhghníomhach.

Agus muid ag tabhairt faoi deara na dúshláin atá roimh roinnt atá 65 bliana d'aois agus os a chionn agus iad ag plé lenár seirbhísí ar líne, d'óstáil muid imeacht for-rochtana '**Seachtain Aoise**' inár n-oifigí poiblí i mBaile Átha Cliath i rith mhí Aibreáin. Ba é aidhm na hócáide feabhas a chur ar an tacaíocht a bhí ar fáil chun cabhrú leis na daoine aonair sin a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh, éascaíocht úsáide ár seirbhísí ar líne a chur chun cinn, agus an t-ualach comhlíontachta a laghdú do na cáiníocóirí sin.

Le linn na seachtaine, cuireadh cur i láthair agus seisiúin leantacha ceisteanna agus freagraí ar fáil a chlúdaigh réimse topaicí a raibh baint ar leith acu leis an gcóhort custaiméirí seo. Áiríodh leis seo CMÁ, rochtain a fháil ar ROS agus moChúrsaí, féinmheasúnú agus CFC. Bhí an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), Age Action agus an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i láthair ag an ócáid freisin.

Tríd an gclár for-rochtana seo fuairamar aiseolas díreach ó lucht freastail, a bheidh mar chuid dár n-athbhreithniú leanúnach ar na bealaí seachadta seirbhíse a chuireann muid ar fáil. Mar

thoradh ar rath na himeachta seo, d'óstáil muid an dara imeacht for-rochtana do cháiníocóirí atá 65 bliana d'aois agus os a chionn inár nOifigí i nDún Dealgan i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cuirfear imeachtaí den chineál céanna i bhfeidhm go náisiúnta in 2024.

Riachtanais Cáiníocóirí a Thuiscint

Ciallaíonn fachtóirí ar nós timpeallachtaí gnó agus eacnamaíocha atá ag athrú go tapa chomh maith le haistriú i dtreo socruithe oibre níos solúbtha in eagraíochtaí ar fud na tíre agus ar fud an domhain, go gcaithfidimid dul i dteagmháil go leanúnach le cáiníocóirí agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun a riachtanais éagsúla agus athraitheacha a thuiscint. Treoraíonn an rannpháirtíocht seo ár straitéisí seirbhíse, ár gcur chuige maidir le bainistiú bealaí teagmhála agus dearadh córas, d'fhonn leibhéil arda comhlíonta deonacha a choinneáil.

Bímid i dteagmháil le gníomhairí, ionadaithe tionscail agus gnó agus téimid i gcomhairle leo trí raon tionscnamh agus fóram. Trí TALC, déanann muid plé ar athruithe praiticiúla chun riarachán níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach ar an gcóras cánach, agus tacaíonn muid le cleachtóirí san obair a dhéanann siad chun cabhrú lena gcliainnt a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh go tráthúil.

Le linn 2023 leanamar orainn ag plé le cleachtóirí ar ár gCreat Idirghabhálacha Comhlíontachta (CIF) tríd an bhFochoiste Iniúcháireachta TALC. Cheadaigh an cur chuige comhoibríoch seo rannpháirtíocht chuiditheach ar ghnéithe praiticiúla agus oibríochtúla an chreata nua de réir mar a cuireadh chun feidhme é. Rinneamar roinnt **feabhsuithe tosaíocha córais**, a d'iarr cleachtóirí trí TALC. I measc na bhforbairtí seo bhí:

- simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun sonraí cuntais bainc a nuashonrú trínár seirbhísí ar líne le haghaidh íocaíochtaí cánach agus aisíocaíochtaí araon,
- fógra gníomhaire aonair a ghiniúint isteach sa bhosca isteach ROS ina liostaítear cliainnt leis an tsaincheist chomhlíontachta chéanna (e.g. tuairisceáin CI agus CC amuigh), in ionad fógraí aonair do gach cliainnt, agus
- gealltanais a thabhairt tús áite a thabhairt do chomhfhreagras áirithe sa bhosca isteach ROS ar gá aird a thabhairt air laistigh d'amlínte gearra, amhail comhfhreagras a bhaineann le Socraíochtaí Tráthíocaíochta.

Bunaíodh roinnt foghrúpaí TALC breise freisin le linn 2023, chun rannpháirtíocht idir na Coimisinéirí Ioncaim agus comhlachtaí ionadaíocha ar ábhair oibríochtúla ábhartha a éascú. Áirítear leis seo foghrúpa ERR, a forbraíodh faoin bhFochoiste um Chánacha Díreacha agus Caipitiúla. Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair chun fochoiste nua a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun riarachán tacaíochtaí cáinbhunaithe do ghnóthaí beaga agus meánmhéide a shimpliú agus a nuachóiriú le linn 2023. Bunaíodh an grúpa seo ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2024 agus táthar ag súil go gcuirfear moltaí i gcrích níos déanaí sa bhliain.

Córas Cánach Shiarchoinneálach do Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha (NLWT)

Iarrtar ar TTN cáin a íoc sa Stát ar a n-ioncam cíosa Éireannach. Chun é seo a dhéanamh, tá sé de rogha ag TTN seirbhísí gníomhaire bailiúcháin a fhóstu, nó 20% den íocaíocht cíosa atá dlite a choinneáil siar óna dtionónta, agus é sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Go stairiúil, nuair a cheap TTN gníomhaire bailiúcháin, bhí an gníomhaire bailiúcháin freagrach as an gcíos a bhailiú agus Tuairisceán CI a thíolacadh don ioncam cíosa thar ceann an TTN. Sa chás nár ainmnigh TTN gníomhaire bailiúcháin, agus go raibh tionóntaí ag déanamh a n-íocaíochta cíosa go díreach le TTN an cháin a asbhaineadh ó na híocaíochtaí cíosa dlite a íoc, mar aon le Foirm R185 (Deimhniú ar CI Asbhainte), nuair a bhí tuairisceán CI ÍMAT á thíolacadh acu tar éis dheireadh na bliana. Iarradh ar an TTN chomh maith a dTuairisceán CI féin a thíolacadh chun an t-ioncam cíosa Éireannach a dhearbhu iad féin, agus ansin creidmheas a éileamh i leith na cánach a asbhaineadh agus a íoc a dtionónta leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Níor tháinig aon athrú ar an gcóras seo ar feadh na mblianta agus d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim na deacrachtaí a chruthaigh sé do roinnt cáiníocóirí. Léirigh go leor gníomhairí bailiúcháin míshástacht go raibh orthu tuairisceáin a thíolacadh le haghaidh TTN, agus ba mhíoch nach raibh tionóntaí a bhí ag íoc cíosa go díreach le TTN ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus, i gcásanna áirithe, ní raibh a fhios acu nach raibh cónaí Éireannach ar a dtiarna talún.

D'éascaigh forálacha reachtacha a tugadh isteach tríd an Acht Airgeadais 2022 ar n-aidhm an próiseas atá ann cheana a nuachóiriú agus meicníocht siarchoinneálach 'fíor-ama' a thabhairt isteach. Chuireamar na forbairtí riachtanacha i bhfeidhm agus chuaigh an Córas nua Cánach Shiarchoinneálach do Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha beo ar an 1 Iúil 2023. Éascaíonn an córas nua seo an t-ualach riaracháin ar ghníomhairí bailiúcháin agus ar thionóntaí araon, agus simplíonn sé an próiseas do TTN chun tuairisceán a thíolacadh.

Féadtar rochtain ar an tairseach sin trí moChúrsaí nó ROS, agus cuireann sé ar chumas tionóntaí agus gníomhairí bailiúcháin fógra cíosa a dhéanamh agus íocaíochtaí á ndéanamh acu le TTN. Ba chóir an fógra seo, agus an íocaíocht 20% a ghabhann leis, a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 21 lá ón íocaíocht cíosa a dhéanamh.

Ní iarrtar ar ghníomhairí bailiúcháin tuairisceán a thíolacadh thar ceann an TTN a thuilleadh, agus ní iarrtar ar thionóntaí a thuilleadh sonraí faoin gcáina coinníodh siar ón íocaíocht cíosa agus a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim a chur san áireamh ar a dtuairisceán féin. Ciallaíonn sé seo go n-iarrtar ar TTN anois Tuairisceán CI féinmheasúnaithe a thíolacadh chun a n-ioncam cíosa Éireannach a dhearbhu is cuma an bhfuil gníomhaire bailiúcháin ceaptha acu nó nach bhfuil. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, tuairisceáin TTN a réamhlíonadh le sonraí faoi íocaíochtaí cíosa a rinne an cáiníocóir, agus aon chreidmheas atá dlite don TTN le haghaidh cáin a coinníodh siar agus a íocadh cheana féin.

Sna naoi mí tar éis sheoladh an chórais fuarthas tuairim is 60,000 fógra cíosa tríd an tairseach agus íocadh cáin shiarchoinneálach €24.8 milliún i ndáil le híocaíochtaí cíosa comhlána arbh fhiú €124.2 milliún iad.

Bímid ag **comhoibriú le Ranna Rialtais** chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do cháiníocóirí agus seo a leanas roinnt samplaí den rannpháirtíocht sin le linn 2023:

- leanamar orainn ag plé leis an Roinn Airgeadais, Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann agus ag bainc mhíondíola a bhí ag fágáil maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha agus na dtacaíochtaí is gá chun an cur isteach ar chustaiméirí a eascraíonn as imeacht dhá bhanc míondíola ó mhargadh baincéireachta na hÉireann a íoslaghdú,
- D'oibríomar go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) chun an (SSTFG) a riar, atá maoinithe ag RFTF,
- ghlacamar páirt i ngrúpa oibre RFTF chun réitigh bheartais a mholadh chun Airteagal 2(1)(b) de Threoir 2008/94/CE maidir le fostaithe a chosaint i gcás dhócmhainneacht a bhfostóirí,
- rinneamar faisnéis ábhartha a mhalartú leis an RCS chun a chinntiú go ndéantar ioncam incháinithe a thaifeadadh agus cáin a ghearradh air ar bhealach cuíchóirithe agus éifeachtúil, agus go bhfuil taifid árachais shóisialaigh saoránach líonta leis an bhfaisnéis ranníocaíochta ábhartha ÁSPC chun go bhféadtar a dteidlíochtaí sochair agus pinsin a

mheasúnú chomh tapa agus is féidir, agus

- i gcomhhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus le geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear an tSeirbhís Chúirteanna agus Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, ghlacamar páirt i ngrúpa athbhreithnithe a raibh sé de chúram acu féachaint ar ról na sirriamaí agus breithniú a dhéanamh an bhfuil cineál an róil ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr faoi láthair.

An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí

Leanamar orainn an SSTFG a riar thar ceann an RFTF in 2023. Thacaigh an scéim le gnóthaí cáilitheacha le méaduithe ar a gcostais leictreachais agus gáis nádúrtha le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2022 go 31 Iúil 2023.

Bhí gnó incháilithe chun éileamh a dhéanamh faoin scéim más rud é:

- gur shásaigh an gnó 'tairseach na gcostas fuinnimh', rud a chiallaíonn go raibh méadú 30% nó níos mó tagtha ar mheánphraghas aonaid a gcostas leictreachais agus/nó gáis nádúrtha,
- go raibh trádáil Chás I nó gairm Chás II ar siúl acu,
- go raibh an gnó comhlíontach maidir le clárú cánach, íocaíochtaí cánach agus tuairisceáin chánach a thíolacadh, agus go raibh sé incháilithe le haghaidh deimhniú imréitigh cánach le linn na tréimhse éilimh, agus
- go raibh an gnó incháilithe le linn na tréimhse éilimh agus bhí sé beartaithe gur gnó incháilithe é tar éis dheireadh na tréimhse éilimh.

Chun cabhrú le gnóthaí iarratas a dhéanamh ar an scéim, rinneamar roinnt físeán 'cén chaoi' a thaifeadadh agus a d'fhoilsíomar ar ár suíomh idirlín agus d'óstáil muid go leor seimineár gréasáin faisnéise. D'fhreagair muid 41,000 mír comhfhreagrais le gnóthaí chomh maith. D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim cumarsáid freisin, ag meabhrú do ghnóthaí incháilithe clárú le haghaidh SSTFG agus éilimh a thíolacadh, ar feadh shaolré na scéime.

Ba é an 30 Meán Fómhair 2023 an spriocdháta deiridh chun éilimh a thíolacadh faoin scéim. Le linn na scéime, ceadaíodh 62,604 éileamh, le luach iomlán de €153.8 milliún. Foilsíodh faighteoirí uile na scéime ar ár suíomh idirlín na mí na Samhna 2023.

Ina theannta sin, tá ionadaíocht againn ar Fhóram Comhairliúcháin Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus ar an gCoiste Maoirseachta Prótacail araon, agus glacaimid páirt chuiditheach sa phróiseas um Dhócmhainneacht Phearsanta. Tá ionadaíocht againn freisin ar an nGrúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Cuideachtaí agus ar a fhochoiste um Dhócmhainneacht Chorporáideach, a dhéanann athbhreithniú ar dhlí na gcuideachtaí laistigh den chóras dócmhainneachta corparáidí chun a chinntiú go dtugann sé aghaidh ar ábhair inní na bpáirtithe leasmhara go léir agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. In 2023, d'oibrigh an fochoiste tríd an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuíbhíú, agus leanfaidh siad ar aghaidh leis an RFTF ar seo le linn 2024.

Tacú le Beartas agus Athchóiriú Cánach

Le linn 2023, lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais maidir le forbairtí beartais cánach náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, amhail réiteach dhá cholún Chreat Cuimsitheach an ECFE agus tograí an AE maidir le cánachas idirnáisiúnta cuideachtaí. Áirítear leis sin tacú leis an Roinn Airgeadais reachtaíocht a dhréachtú do dhá Bhille Airgeadais agus anailís agus costálacha staitistiúla agus eacnamaíochta a chur ar fáil don Roinn Airgeadais agus don Rialtas agus don Oireachtas.

Tugadh isteach an **Creidmheas Cánach i leith Ús ar Mhorgáiste** leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2023. Foráiltear leis an mbeart seo do chreidmheas cánach suas le €1,250 don

bhliain mheasúnaithe 2023 amháin. Tríd is tríd, tá an creidmheas ar fáil d'úinéirí tí a bhfuil iarmhéid morgáiste amuigh acu idir €80,000 agus €500,000 amhail an 31 Nollaig 2022, sa chás go raibh na híocaíochtaí úis a rinneadh le linn 2023 níos airde ná na híocaíochtaí a rinneadh le linn 2022.

Cuireadh síneadh bliana breise leis an **scéim Cabhair le Ceannach**, go dtí an 31 Nollaig 2025. Leasaíodh an scéim freisin chun go bhféadtar ranniocaíocht ón Scéim Ceannaigh Inacmhainne na nÚdarás Áitiúil a chomhcheangal le méid na hiasachta cáilithí chun an cóimheas idir iasacht agus luach a ríomh. In 2023, ceadaíodh 19,084 iarratas, agus chuaigh 6,804 díobh ar aghaidh chuig céim an éilimh agus tá siad ceadaithe go hiomlán anois. B'ionann luach iomlán na n-éileamh ceadaithe in 2023 agus €180 milliún, agus bhain 78% díobh sin le maoiné nua a ceannaíodh ó fhorbróirí agus bhain 22% le féin-tógáil.

Leathnaigh an tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 scóip an **chreidmheasa cánach cíosa** freisin, chun foráil a dhéanamh go mbeidh an creidmheas ar fáil i leith íocaíochtaí a dhéanann tuismitheoirí i leith socruithe seomra a ligean ar cíos dá leanaí. Mhéadaigh an tAcht freisin luach an chreidmheasa, do na blianta measúnachta 2024 agus 2025, go dtí suas le €750, nó €1,500 i gcásanna measúnaithe chomhpháirtigh.

Beart eile a tugadh isteach leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023 ab ea an "**faoiseamh ar ioncam cíosa ó áitribh chónaithe**", ar féidir le tiarnaí talún é a fhritháireamh in aghaidh an ioncaim cíosa a thuill siad ó ligean cónaithe. Baineann an faoiseamh le tiarnaí talún aonair atá ag cloí go hiomlán lena riachtanais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe agus CMÁ, agus a bhfuil imréiteach cánach acu. Beidh an faoiseamh ar fáil do na blianta measúnaithe 2024 go 2027, ag tosú suas le €600 in 2024, ag ardú go dtí suas le €1,000 in 2027.

Chuir an tAcht Airgeadais (Uimh.2) 2023 moladh i bhfeidhm freisin ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas go dtabharfaí teorainn saoil isteach maidir le faoiseamh CGC ar dhiúscairtí gnóthaí agus feirmeacha do leanaí. Dá bhrí sin, thug an leasú seo teorainn saoil €10 milliún isteach d'Fhaoiseamh Scoir i ndáil le diúscairtí den sórt sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

Ón 1 Eanáir 2023, beidh feidhm ag **réimeas nua Sochar Comhchineáil atá bunaithe ar CO2** do charranna atá curtha ar fáil ag an bhhostóir. Faoin scéim seo, socraítear suim an phá bharúláigh mar Shochar Comhchineáil de réir Luach ar an Margadh Oscailte (LMO) an chairr, na ciliméadair ghnó bhliantúla a tiomáineadh agus bandaí bunaithe ar astaíochtaí CO2. Foráladh leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 do laghdú €10,000 ar LMO gluaisteán i gcatagóirí A, B, C agus D, chun an méid pá barúlach a chinneadh don bhliain mheasúnaithe 2023. Baineann an laghdú €10,000 le gach veain freisin. Ina theannta sin, rinneadh foráil san Acht seo do laghdú 4,000 ciliméadar go dtí an banda míleáiste is airde, rud a laghdaigh é ó 52,001 ciliméadar go 48,001 ciliméadar. Chuir an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2023 síneadh leis na bearta seo chun iarratas a dhéanamh don bhliain mheasúnaithe 2024.

Chuir an tAcht Airgeadais (Uimh.2) 2023 síneadh leis an bhfaoiseamh reatha a bhaineann le **feithiclí leictreacha** go dtí an 31 Nollaig 2027. Tá laghdú €35,000 ar an LMO i bhfeidhm do 2024 agus 2025, tá laghdú €20,000 i bhfeidhm do 2026 agus tá laghdú €10,000 i bhfeidhm do 2027.

Thug an tAcht Airgeadais 2023 agus an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2023 isteach roinnt leasuithe ar fhorálacha cánach a d'eascair as athbhreithnithe mhí an Mheithimh 2023 ar Rialachán (AE) 651/2014 ón gCoimisiún, ar a dtugtar an **Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER)**, agus glacadh an Rialacháin 2022/2472 ón gCoimisiún, ar a dtugtar an **Rialachán maidir le Blocdhíolúine Talmhaíochta (ABER)**.

Áirítear leis na leasuithe a bhaineann le GBER leasuithe ar Chuid 16 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC 1997), a sholáthraíonn faoiseamh d'infheistíocht i dtrádálacha corparáideacha, arb é an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta, an Faoiseamh

d'Fhiontraihte Nuathionscanta agus an Dreasacht Caipitil do Ghnóthaí Nuathionscanta, a léiríonn teorainn saoil athbhreithnithe €16.5 milliún ar mhéid na hinfheistíochta airgeadais riosca a d'fhéadfadh cuideachta cháilitheach a bhailiú, agus tabhairt isteach rátaí uasta faoisimh idir 20% agus 50% ag brath ar an mbonn faoina bhfuil an chuideachta atá ag iarraidh caipiteal riosca a ardú incháilithe agus ar cibé an bhfuil an infheistíocht díreach nó indíreach.

Áirítear leis na leasuithe a bhain le ABER méadú ar mhéid comhiomlán an fhaoisimh a bhí ar fáil do dhuine faoi na **faoisimh maidir le Stoc agus Dleacht Stampa d'Fheirmeoirí Oilte Óga** agus **faoiseamh do Chomhpháirtíochtaí Feirme Comharbais** ó €70,000 go €100,000, dá bhforáiltear san Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023.

Rinne an tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 foráil freisin do mhéadú ar ráta an **chreidmheasa cánach Taighde agus Forbartha**, ó 25% go 30%, agus mhéadaigh sé an tairseach íocaíochta céad bhliana ó €25,000 go €30,000.

Rinneadh leasuithe freisin faoin Acht ar **chreidmheas cánach Corparáide le haghaidh Cluichí Digiteacha**, chun go dtiocfaidh an creidmheas leis na riachtanais idirnáisiúnta. Tá an creidmheas cánach ar fáil maidir le caiteachas a thabhaítear ar chluiche digiteach a fhorbairt, agus beidh an rogha anois ag cuideachta forbartha cluichí digiteacha a iarraidh go n-íocfaí an creidmheas in airgead tirim, nó a iarraidh go ndéanfaí an creidmheas a fhritháireamh in aghaidh dliteanais chánach atá ann cheana féin. Foráiltear leis na leasuithe freisin go n-íocfar nó go bhfritháireofar an creidmheas in aghaidh dliteanas cánach reatha ina iomláine laistigh de 48 mí ó éileamh bailí a dhéanamh.

Leanadh den obair ag an ECFE i rith 2023 maidir leis an réiteach dhá cholún a thabhairt chun críche, a comhaontaíodh trí Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le **BEPS** chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair. Bhíomar rannpháirteach go gníomhach agus thacaigh muid leis an Roinn Airgeadais i ngach gné de na hidirbheartaíochta seo. Thacaíomar freisin leis an Roinn Airgeadais agus muid ag ullmhú agus ag cur i bhfeidhm na rialacha casta seo i reachtaíocht chánach na hÉireann. Áiríodh leis seo dréacht-chur chuige reachtach a ullmhú chun rialacha Cholún a Dó a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann.

Cur i bhfeidhm an réitigh dhá-Cholún

Bunaíodh na rialacha cánach idirnáisiúnta atá ann cheana blianta fada ó shin, roimh an méid suntasach digitithe agus domhandaithe a tugadh faoi deara i ngeilleagar an lae inniu. Is é is an aidhm ag chomhaontú idirnáisiúnta, ar a dtugtar an "Réiteach Dhá Cholún", aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú den sórt sin ar an ngeilleagar.

Tá dhá chomhpháirt ar leith sa Réiteach Idirnáisiúnta Dhá Cholún, eadhon, Colún a hAon agus Colún a Dó. Tríd is tríd, tá sé mar aidhm ag Colún a hAon a chinntiú go ngearttar cáin ar chuid de bhrabúis FIN móra i gcás ina n-ídítear na táirgí nó na seirbhísí a sholáthraíonn siad. Bunaítear le Colún a Dó íosráta cánach domhanda do FIN móra.

Colún a hAon

Tá dhá ghné i gColún a hAon, ar a dtugtar "Méid A" agus "Méid B". Tá Creat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le tuarascáil BEPS ar Mhéid B ionchorpraithe cheana féin i dTreoirlínte an ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe. Leanfaidh muid de thacaíocht a thabhairt don Roinn Airgeadais sa chaibidlíocht chun téacs an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh um Mhéid A a thabhairt chun críche le linn 2024.

Colún a Dó

Tugtar isteach i gColún a Dó íosleibhéal domhanda cánachais 15% do ghrúpaí FIN go domhanda agus do ghrúpaí intíre mórscaála ag oibriú san AE. Feidhmíonn an t-íosráta cánach trí roinnt cánacha breisithe.

Ríomhtar cánacha Cholún a Dó trí thagairt a dhéanamh do rialacha cuntasáíochta airgeadais, faoi réir coigeartuithe áirithe arna gcomhaontú ag Creat Cuimsitheach ECFE agus a leagtar amach i dTreoir ón AE agus i reachtaíocht intíre na hÉireann. Beidh feidhm ag na forálacha nua ar ghnóthaí ilnáisiúnta agus gnóthaí intíre araon a bhfuil láimhdeachas

bliantúil domhanda €750 milliún acu agus os a chionn in dhá bhliain ar a laghad de na ceithre bliana roimhe sin.

Tá trí cháin bhreisiúcháin i gColún a Dó:

- cáin bhreisiúcháin na Rialach maidir le Cuimsiú Ioncaim (RCI), a fheidhmíonn trí mháthaireintitis ghrúpa,
- cáin bhreisiúcháin na Rialach maidir le híocaíochtaí Faoi Thearc-Cháin (RÍFTC), ar féidir le grúpeintitis eile a oibriú mar fhoráil chúlstop i gcás nach bhfuil feidhm ag RCI, agus
- Cáin Bhreisiúcháin Náisiúnta Cháilithe roghnach (CBNC), lena ndéantar foráil maidir le haon cháin bhreistithe atá dlite i leith eintiteas faoi raon feidhme atá lonnaithe sa dlínse sin a bhailiú sa dlínse sin.

Tá Éire tar éis roghnú CBNC a chur i bhfeidhm chun Colún a Dó a fheidhmiú.

Trasuódh Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle (Treoir Cholún a Dó) isteach i ndlí na hÉireann tríd an Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023. Tugtar "cánacha GloBE" ar na trí cháin bhreisiúcháin le chéile.

Déanfar cánacha GloBE Cholún a Dó a riar ar bhonn féinmheasúnaithe, faoi chúram agus faoi bhainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim. Leagtar amach thíos na hoibleagáidí riaracháin a fhorchuirtear orthu siúd atá faoi raon feidhme na gcánacha GloBE.

- Ní mór d'eintitis faoi raon feidhme clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 12 mhí ó dheireadh na chéad bhliana fioscacha tá siad faoi raon feidhme na rialacha.
- Iarrtar ar eintitis faoi raon feidhme tuairisceán cuimsitheach faisnéise a thíolacadh, ar a dtugtar Tuairisceán Faisnéise Cánach Breisiúcháin nó Tuairisceán Faisnéise GloBE (GIR). Ní mór an tuairisceán seo a thíolacadh 15 mhí tar éis dheireadh na tréimhse (síneadh go 18 mí don chéad bhliain laistigh den raon feidhme). Is é Meitheamh 2026 an tuairisceán is luaithe dá leithéid atá dlite. Tá rogha ann an GIR a thíolacadh go lárnach i ndlínse amháin faoi réir coinníollacha áirithe.
- Iarrfar ar eintiteas Éireannach atá faoi réir cánach breisiúcháin tuairisceáin intíre a ullmhú agus a thíolacadh maidir le haon cháin bhreisiúcháin a bhfuil feidhm aici, le trí thuairisceán ar leithligh do cháin bhreisiúcháin RCI, cáin bhreistithe RÍFTC agus cáin bhreisiúcháin intíre (nuair is cuí).
- Tá na tuairisceáin intíre agus na híocaíochtaí tionlacain dlite 15 mhí tar éis dheireadh na bliana fioscacha, agus spriodhata 18 mí curtha leis don chéad bhliain fhioscach a bhfuil eintitis laistigh de raon feidhme.

I gcomhréir le treoir foilsithe ECFE maidir le cur chun feidhme Cholún a Dó, áirítear sa reachtaíocht cuanta sábháilte idirthréimhseacha agus buana, arb é is aidhm dóibh an t-ualach riaracháin ar ghnóthaí faoi raon feidhme a éascú, go háirithe sa tréimhse tosaigh de chur i bhfeidhm rialacha Cholún a Dó.

Tá feidhm ag na hoibleagáidí intíre pá agus tíolactha ag leibhéal an eintitis, ach, tá feidhm ag cur chuige grúpa roghnach maidir le hoibleagáidí tíolactha agus íocaíochta maidir leis an gcáin bhreisiúcháin intíre agus cáin bhreisiúcháin RÍFTC. Déanfaidh sé seo an próiseas riaracháin a shimpliú mar go mbeidh eintiteas amháin (an tíolacaireoir grúpa) freagrach as na tuairisceáin ábhartha a thíolacadh agus as na dliteanais chánach bhreisiúcháin a íoc le haghaidh gach eintiteas sa ghrúpa atá lonnaithe in Éirinn. Níl aon riachtanas ann réamhcháin a íoc ar chánacha GloBE.

Déantar na gnáthfhorálacha bailiúcháin agus forfheidhmithe atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim a leathnú chuig cánacha GloBE. Áirítear leis seo forálacha a bhaineann le muirir úis reachtúla, pionóis, ciontuithe cánach agus foilsíú mainnitheoirí cánach. Tugadh isteach roinnt pionós seasta nua freisin maidir le tuairisceáin nó fógraí riachtanacha a thíolacadh go déanach nó gan iad a thíolacadh.

Tháinig an RCI agus an na cánacha breisiúcháin intíre i bhfeidhm in Éirinn ón 31 Nollaig 2023. Tíocfaidh an cháin bhreisiúcháin RÍFTC i bhfeidhm den chuid is mó ón 31 Nollaig 2024, ach tá feidhm aici cheana féin ón 31 Nollaig 2023 i gcúinsí an-teoranta áirithe.

Leanamar orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais chun "Treochlár Cánach Corparáide" an Rialtais a chur chun cinn le linn 2023. Áirítear leis seo an méid seo a leanas:

- **Díolúine ó Rannpháirtíocht Díbhinne:** Sheol an Roinn Airgeadais treochlár chun díolúine ó rannpháirtíocht díbhinne a thabhairt isteach sa Bhille Airgeadais, 2024, sa cheathrú ráithe de 2023, lena n-áirítear raon ceisteanna comhairliúcháin. Lorg an comhairliúchán freagraí maidir leis an bhfiúntas a d'fhéadfadh a bheith ag baint le díolúine ó bhrairse

eachtrach a thabhairt isteach. Leanfaimid orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais ina gcuid oibre ar an tionscadal seo le linn 2024.

- **Íocaíochtaí amach:** D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais ráiteas aiseolais le linn 2023 maidir le bearta a thabhairt isteach a mbeidh feidhm acu maidir le híocaíochtaí amach ó Éirinn, lena n-áirítear íocaíochtaí le dlínsí ar liosta an AE de dlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach agus gan aon dlínsí cánach nó dlínsí cánach nialasacha. Achtaíodh reachtaíocht san Acht Airgeadais (Uimh.2), 2023 chun foráil a dhéanamh maidir le cáin shiarchoinneálach a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí amach áirithe, a bhí mar chuid de ghealltanais a tugadh faoi "Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta" na hÉireann.

Chuir an Roinn Airgeadais tús freisin le hathbhreithniú fadréimseach ar chánachas **earnáil na gcistí** mar chuid dá "Earnáil na gCistí 2030: Creat do Mhargadh Oscailte, Athléimneach agus Forbartha", agus de bhun moltaí ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas. Mar chuid den athbhreithniú, cuireadh comhairliúchán poiblí ar siúl in 2023. Leanfaimid orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais an t-athbhreithniú a chur i gcrích faoi shamhradh 2024.

Chuireamar cúnamh ar fáil freisin don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) le linn 2023, maidir le hachtú an Achta Fuinnimh (Gnóthachain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach), 2023. Chuir an tAcht seo Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle chun feidhme maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, go háirithe maidir le **Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach** a fhorbairt. Baileoidh na Coimisinéirí loncaim é seo, a bhaineann le cuideachtaí agus bunaíochtaí buana atá lonnaithe in Éirinn le gníomhaíochtaí i réimse eastósctha, mianadóireachta, peitriam scagtha (lena n-áirítear gás nádúrtha agus gual) nó monarú táirgí oighinn chóc.

Leanamar orainn ag bainistiú an **Chláir Lárnaigh um Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas**, rud a chabhraíonn le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc trí thrédhearcacht a fheabhsú maidir leo iontabhais Éireannacha agus cé a rialaíonn iad. Ní mór d'úinéirí tairbhiúla iontabhais a bheith cláraithe laistigh de shé mhí ó bhunú iontabhais. Ó bunaíodh an clár, rinneadh athbhreithniú ar 1,700 iontabhais mar chuid den chlár leanúnach gníomhaíochtaí comhlíontachta a dhéanann seiceáil ar cháilíocht na dtíolachtaí sonraí.

In éineacht leis na Ballstáit ar fud an Aontais, chuireamar feabhas ar an **gcóras teicneolaíochta faisnéise uile-AE** ar an 13 Feabhra 2023. Cuireann an feabhsú sin ar chumas an chórais gluaiseachtaí táirgí inmháil laistigh den Aontas a thaifeadadh i bhfíor-am, trína raon feidhme a leathnú chuig táirgí inmháil ar íocadh dleacht. Alcól den chuid is mó atá sna táirgí seo, ach áirítear leo tobac agus ola a úsáidtear le haghaidh tiomáint agus teas. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis na sonraí seo a bhogadh chuig córas ríomhairebhunaithe tá costais riaracháin a laghdú do ghnóthaí agus do na Coimisinéirí loncaim araon, agus anailís riosca agus teicnící braite calaoise níos éifeachtaí a éascú laistigh de na Coimisinéirí loncaim.

I gcás Bhallstáit uile an Aontais, feidhmíonn a gcóras náisiúnta CBL laistigh de chomhchreat comhaontaithe a bhfuil feidhm aige ar fud an Aontais. Oibríonn muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag pléiti ar leibhéal an AE ar chúrsaí CBL, agus le linn 2023 dhírigh an obair go háirithe ar chaibidlíocht na Comhairle Eorpaí maidir le tograí **"CBL sa Ré Dhigiteach" (ViDA)** de chuid Choimisiún an AE. Is é is aidhm na tograí seo trádáil trasteorann a éascú agus dul i ngleic le calaois CBL sa timpeallacht ghnó nua-aimseartha atá ag éirí níos digitithe.

Comhairliúchán Nua-Aoisithe CBL

Tugann teicneolaíocht dhigiteach an deis athdhearadh a dhéanamh ar an gcaoi a riaraimid CBL chun oibleagáidí comhlíontachta CBL gnóthaí a ailíniú níos dlúithe le gnáthphróisis ghnó. Trí chóras tuairiscithe CBL intíre na hÉireann a nuachóiriú, beidh sé níos éasca agus níos réidhe do ghnóthaí a n-oibleagáidí tuairiscithe CBL a chomhlíonadh agus ag an am céanna tacú linn díriú ar bhealach níos éifeachtaí ar aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.

Tar éis don Aire Airgeadais, Michael McGrath, T.D., fógra a dhéanamh i mBuiséad 2024, sheolamar comhairliúchán inar lorgaíodh tuairimí maidir leis an gcaoi ar féidir dul chun cinn digiteach, lena n-áirítear tuairiscíú digiteach fíor-ama a thabhairt isteach a fhaigheann tacaíocht ó ríomhShonrascú, a úsáid chun Córas Sonraiscithe agus Tuairiscithe CBL na hÉireann a nua-aoisiú. Tagann an tionscnamh seo leis an obair atá ar siúl ag leibhéal an AE, trí na tograí ViDA, chun tacú le forbairtí comhchosúla sa trádáil idir na Ballstáit

D'oscail an chéad chéim den chomhairliúchán seo ar an 13 Deireadh Fómhair 2023 agus chlúdaigh sé nua-aoisiú a dhéanamh ar thuairiscíú CBL ó Ghnó go Gnó (B2B) agus Gnó go Rialtas (B2G), le tacaíocht ó ríomhShonrascú. Mhair an tréimhse chomhairliúcháin seo go dtí an 31 Eanáir 2024 agus fuarthas os cionn 1,100 tíolacadh Léirigh na tíolachtaí seo ionchur ó réimse leathan gnóthaí a ndeachaigh riarachán CBL i bhfeidhm orthu, agus geallsealbhóirí eile agus saineolaithe tionscail ó gach cearn den phobal CBL. Tá anailís mhionsonraithe á déanamh againn ar na tíolachtaí seo faoi láthair agus foilseoidh muid ár dtorthaí in am trátha.

Ní raibh sa chomhairliúchán seo ach an chéad chéim i sraith rannpháirtíochtaí a lorgóidh tuairimí agus ionchur na ngeallsealbhóirí, agus táimid tiomanta do leanúint lenár rannpháirtíocht le gnóthaí agus le comhlachtaí ionadaíocha ábhartha agus muid ag forbairt ár gclár nua-aoisithe CBL.

Tá tuilleadh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta poiblí maidir le tuairiscíú fíor-ama agus ríomhShonrascú le teacht, de réir mar a bheidh cruth níos soiléire ar thograí athchóirithe, déantar iad a thástáil, a bheachtú agus a chur i bhfeidhm. Fiosróidh muid freisin gnéithe breise de riarachán CBL, lena n-áirítear trádáil Gnó le Tomhaltóir (B2C) a thuairiscíú, an cur chuige i leith íocaíocht agus aisíocaíochtaí CBL, agus cuntas a thabhairt ar CBL. Beidh ról suntasach ag rannpháirtíocht ón bpobal CBL maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm riaracháin CBL nua-aoisithe a threorú.

Le linn na bliana, leanamar ar aghaidh ag tacú leis an Roinn Airgeadais chun bearta beartais agus reachtaíochta atá cothrom agus éifeachtach a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta chun CBL a mheas, a bhailiú agus a rialú. I measc na n-athruithe ar an reachtaíocht in 2023 bhí:

- na tairseacha láimhdeachais a mhéadú nach gceanglaítear ar ghnóthaí clárú le haghaidh CBL faoina mbun go dtí €80,000 le haghaidh earraí agus €40,000 le haghaidh seirbhísí,
- síneadh a chur leis an tréimhse ama chun an ráta laghdaithe CBL 9% a chur i bhfeidhm ar sholáthar leictreachais agus gáis,
- foráil don Scéim Éarlais agus Tabhairt ar Ais, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2024, lena n-áirítear nach bhfuil CBL infheidhme ach amháin ar Oibreoirí Scéime le haghaidh buidéal agus cannaí nach gcuirtear ar ais lena n-athchúrsáil,
- reachtaíocht phríomha a leasú chun foráil shainráite a dhéanamh go bhfuil soláthar cóiríochta éigeandála díolmhaithe ó CBL, atá comhsheasmhach le dlí agus cleachtas an AE atá á oibriú againn cheana féin, agus
- cur i bhfeidhm an ráta CBL 0% a leathnú chuig soláthairtí ríomhleabhar agus closleabhar, agus le soláthar agus suiteáil painéil ghréine ar fhoirgnimh scoile.

I rith 2023, chuireamar chun cinn forbairt agus bainistiú **líonra conarthaí cánach** na hÉireann. Tá CCD sínithe ag Éirinn le 76 tír a chlúdaíonn CI, CC, MSU agus CGC, agus tá 74 de na comhaontuithe sin i bhfeidhm faoi láthair. Shínigh Éire Comhaontuithe um Malartú Faisnéise Cánach le 26 dlínse freisin, agus tá gach ceann de na comhaontuithe i bhfeidhm faoi láthair.

I measc na bhforbairtí ar ár líonra conarthaí cánach le linn 2023 bhí:

- caibidlíocht conartha a dhéanamh agus prótacal a shíniú chun íoschaighdeáin BEPS a

chur isteach sa Chomhaontú Raon Feidhme Teoranta le Jersey, agus

- leanúint leis an bpróiseas chun téacsanna sintéiseithe a chomhaontú le comhpháirtithe conartha chun modhnuithe ar ár CCD reatha a léiriú mar a fhoráiltear leis an Ionstraim Iltobhach frith-BEPS.

Feidhmíonn Na Coimisinéirí Ioncaim mar an **tÚdarás Inniúil** chun críche aon díospóidí maidir le faoiseamh ó chánachas dúbailte a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Chomhaontuithe CCD na hÉireann a réiteach. I rith 2023, réitíomar 51 díospóid den sórt sin, ar bhain 16 acu le leithroinnt nó leithdháileadh brabúis idir Éire agus an tír eile lena mbaineann (praghsanna aistrithe) agus bhain 35 díobh le díospóidí praghsála um chánachas dúbailte (neamhaistrithe) eile (Tábla 11).

Is éard a bhí i gceist leis an obair sin ná **caibidlíocht MAP** le hÚdarás Inniúla eile, dá bhforáiltear faoinár líonra CCD, faoi Choinbhinsiún Eadrána an AE agus faoin Treoir maidir le Sásraí um Réiteach Díospóidí Cánach an AE (Tábla 11). I mí na Samhna 2023, fuair Éire dhá dhámhachtain MAP ón ECFE, mar aitheantas ar ár n-iarrachtaí cásanna MAP a réiteach ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil. Fuaireamar dámhachtainí, in éineacht leis an Danmhairg (le haghaidh cásanna praghsála aistrithe) agus leis an nGearmáin (le haghaidh cásanna praghsála neamhaistrithe), mar na dlínsí is éifeachtaí a dhéileáil lena gcomhualach cásanna MAP le linn 2022.

Is comhaontuithe déthaobhacha casta iad RCP lena gcinntear, roimh an tréimhse chuntais lena mbaineann, bonn comhaontaithe le haghaidh praghsáil aistrithe idirbheart casta trasteorann idir cuideachtaí comhlachaithe. Leis an obair a dhéanaimid i gcaibidlíocht RCP le hÚdarás Inniúla tíortha eile, féachtar le cosc a chur ar dhíospóidí praghsála aistrithe a thagann chun cinn agus teastaíonn anailís chuimsitheach agus plé fairsing lenár gComhpháirtithe Conartha chun teacht ar chomhaontú.

In 2023, fuaireamar 16 iarratas ar RCP. Tar éis idirbheartaíocht le hÚdarás Inniúla ó thíortha eile, tugadh 1 iarratas ar RCP chun críche agus tharraing cáiníocóir siar 1 iarratas ar RCP (Tábla 12). Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le 4 RCP le linn 2023, rud a d'fhág gur tugadh chun críche iad go luath in 2024.

Leanamar ag caibidlíocht, aontú agus cur i bhfeidhm tionscnamh nua maidir le AEOI. Leis an **Treoir ón gComhairle Eorpach maidir le Comhar Riaracháin (DAC) 7**, a trasúidh go hiomlán i ndlí na hÉireann in 2022, ceanglaítear ar **oibreoirí ardán digiteach** ioncam a thuill díoltóirí a bhíonn ag gabháil don gheilleagar comhroinnte agus gigeanna a thuairisciú. Osclaíodh ár dtairseach clárúcháin ar líne na i mí na Samhna 2023, rud a ligeann d'oibreoirí ardáin atá lonnaithe in Éirinn agus lasmuigh den AE araon a chur in iúl dúinn go bhfuil sé i gceist acu an t-ioncam sin a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí tuarascálacha ó oibreoirí ardán dlite faoin 31 Eanáir 2024 agus rinneamar an fhaisnéis sin a mhalartú le Ballstáit ábhartha an Aontais i mí Feabhra 2024.

Cé go gclúdaíonn DAC7 malartú faisnéise le Ballstáit eile de chuid an Aontais, foráiltear le Rialacha Tuairiscithe Samplacha an ECFE le haghaidh Faisnéis maidir le hArdán Digiteach (DPI) do mhalartú faisnéise comhchosúla le tíortha áirithe eile nach ballstáit den Aontas iad. Reachtaíodh malartú uathoibríoch an DPI san Acht Airgeadais 2022 agus cuireadh tús leis in 2023. Mar shínitheoir ar Chomhaontú Údarás Inniúil Iltobhach an DPI, féadfaidh muid faisnéis a mhalartú le dlínsí comhpháirtíochta neamh-AE. Ní mór d'oibreoirí ardáin atá cláraithe in Éirinn chun críocha an DPI tuairisceán a thíolacadh leis na Coimisinéirí Ioncaim faoin 31 Eanáir sa bhliain tar éis na tréimhse intuairiscithe. Táthar ag súil go dtarlóidh na chéad mhalartuithe in 2025.

Gné eile de DAC 7 a cuireadh chun feidhme in 2023 ab ea **iniúchtaí comhpháirteacha** a thabhairt isteach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12a den Treoir. Féadfaidh údarás inniúla Bhallstáit eile an AE iarraidh ar na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh

ar cháiníocóir atá cónaitheach in Éirinn ar "leas coiteann nó comhlántach" do na Ballstáit lena mbaineann, agus féadtar a gcuid oifigeach a údarú chun críocha iniúchadh a dhéanamh in Éirinn.

Tá na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag cáiníocóirí na hÉireann a roghnaítear le haghaidh iniúchadh comhpháirteach maidir leis an iniúchadh sin amhail is dá mba idirghabháil chomhlíontachta é a rinne oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim amháin. Tá feidhm ag na forálacha nua maidir le tréimhsí dar tús an 1 Eanáir 2024 nó dá éis.

Comhaontaíodh Creat Tuairiscithe Cripteassócmhainní an ECFE agus Comhchaighdeán Tuairiscithe leasaithe in 2022. Éileoidh an creat tuairiscithe faoi na comhaontuithe seo ar Sholáthraithe Seirbhíse Cripteashócmhainní sonraí a sholáthar maidir le gach **idirbheart cripteashócmhainní** ábhartha ag a n-úsáideoirí.

Tar éis caibidlíochtaí ina raibh ról gníomhach ag Éirinn, ghlac an Chomhairle Eorpach **DAC8** go déanach in 2023. Chuige sin, beidh ar Sholáthraithe Seirbhíse Cripteashócmhainní atá bunaithe san Aontas agus nach bhfuil bunaithe san Aontas araon gach idirbheart cripteashócmhainní ábhartha sa dlínse ina bhfuil úsáideoirí intuairiscithe acu san Aontas a thuairisciú. Tar éis an trasuí, táthar ag súil go ndéanfar na chéad mhalartuithe ar idirbhearta cripteashócmhainní ábhartha faoi DAC8 in 2027. I mí na Samhna 2023, chuaigh Éire isteach i 47 dlínse eile chun ráiteas comhpháirteach a eisiúint chun gealltanais a thabhairt maidir le malartuithe faoin gcreat faoi 2027.

Treochtaí agus Comhar Custam


Tá gá le rialuithe custam chun sláinte an phobail a chosaint, chun sábháilteacht bia agus caighdeán táirgí a chinntiú, chun gnóthaí an Aontais a chosaint ar iomaíocht idirnáisiúnta éagórach agus chun poist a chaomhnú d'oibrithe Eorpacha, oibrithe Éireannacha san áireamh. Agus na rialuithe riachtanacha á gcur chun feidhme againn, féachaimid le trádáil dhlísteanach a éascú chun gluaiseacht chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir, agus bhíomar ar thús cadhnaíochta maidir le tacú le hiarrachtaí domhanda aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht chun cothrom na Féinne a áirithiú d'oibreoírí eacnamaíochta san Aontas.

Ar fud an AE, tá dearbhuithe leictreonacha iompórtála custam ag teastáil le haghaidh gach beartán agus pacáiste a thagann ó thíortha neamh-AE, agus mar gheall ar fhás na **ríomhthráchtála**, tá méadú leanúnach tagtha ar ghnóthaí a bhíonn ag plé le córais custam na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá sé tugtha faoi deara ag an Aontas na dúshláin a bhaineann leis an ríomhthráchtáil, ní hamháin do leasanna airgeadais na mBallstát ach, níos tábhachtaí fós, do shláinte agus do shábháilteacht a chuid saoránach, agus tá sé ag iarraidh nós imeachta iompórtála níos trédhearcaí agus níos láidre a chruthú, rud a thacaíonn ní hamháin leis an trádáil idirnáisiúnta agus a spreagann í, ach féachann sé freisin lena áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ann do na gníomhaithe eacnamaíochta uile. I mí na Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún Eorpach tograí ar aghaidh le haghaidh athchóiriú cuimsitheach ar dhlí custam an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar dhul i ngleic leis na rioscaí bunúsacha a bhaineann le ríomhthráchtáil, fioscach agus neamhfioscach araon. Tá Éire ag cur go gníomhach leis an bplé sin.

Ag féachaint trasna na bliana iomláine, tugadh an bealach glas do 89% de na gluaiseachtaí feithiclí lastais go léir ón mBreatain Mhór go hÉirinn ar theacht isteach dóibh, rud a chiallaíonn gur tháinig siad go saor tríd an gcalafort ábhartha gan gá le haon idirghníomhaíocht bhreise leis na Coimisinéirí Ioncaim ná le haon Ghníomhaireacht Stáit eile, tugadh an bealach oráiste do 9% díobh rud a chiallaíonn go raibh seiceáil doiciméadach nó rialú comhchosúil de dhíth ar na hearraí agus tugadh an bealach dearg do 2% díobh a chiallaíonn go raibh gá le scrúdú fisiceach nó cigireacht ar na hearraí.

Rinneamar 54.2 milliún dearbhú custam a phróiseáil freisin, méadú 11.3 milliún (26%) ó 2022, agus d'fhreagair muid 14,619 gaoch chuig Deasc Chabhrach an Rannóige Custam. D'fhreagair ár Líne Chabhrach Custam 24/7 ar leithligh, a bunaíodh in 2020 chun cabhrú le fiosruithe ó thrádáil agus gnó maidir le himréiteach custam, agus rialuithe iompórtála agus easpórtála, 53,272 gaoch le linn 2023.



Leanann ról na riarachán custaim de bheith ag forbairt ón sprioc thraidisiúnta dleachtanna custaim a fháil ar earraí a iompórtáiltear ó lasmuigh den AE i dtreo an chuspóra leathain maidir le trádáil, sláine Mhargadh Singil an Aontais agus saoránaigh an AE a chosaint.

Ó mhí Feabhra 2022 i leith, mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá an tAontas tar éis a chóras smachtbhannaí a leathnú, lena n-áirítear bearta sriantacha spriocdhírthe (smachtbhannaí aonair), smachtbhannaí eacnamaíocha agus bearta taidhleoireachta.

Tá oibleagáid againn faoi Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a áirithiú go ndéanfar na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile a bhaineann le daoine agus eintitis atá ar liosta smachtbhannaí an Aontais, atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine agus na n-eintiteas sin, a reo. Tá oibleagáid orainn freisin a áirithiú nach gcuirfear aon chistí ná acmhainní eacnamaíocha ar fáil, go díreach ná go hindíreach, do na daoine atá i gceist ná ar mhaithe leo.

Tá céimeanna glactha againn, trí chur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh, chun eintitis, grúpaí agus daoine aonair atá faoi réir, nó nasctha le daoine aonair nó eintitis atá faoi réir bhearta sriantacha an AE, a shainaithint. Amhail an 31 Nollaig 2023, reoítear aisíocaíochtaí agus aisíocaíochtaí cánach i leith 21 eintiteas mar gheall ar na próisis a chuir muid i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le bearta sriantacha an AE. De réir oibleagáidí tuairiscithe, thuairiscigh muid sonraí na gcistí reoite do Bhanc Ceannais na hÉireann.

I gcomhréir le cur chuige a chomhaontaigh Ballstáit uile an AE, tá tús curtha againn le hidirghabhálacha comhlíontachta ar eintitis incháinithe atá nasctha le daoine atá liostaithe ar liosta smachtbhannaí an AE, ar leibhéal cuí an CIC, mar fhreagra ar na rioscaí cánach a bhraitear a aithníodh.

Ó thaobh an chustaim de, cuireann na 12 phacáiste smachtbhannaí trádála cosc ar earraí a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an iarracht chogaidh a iompórtáil ón Rúis agus chuig an mBealarúis agus iad a easpórtáil chuig an Rúis agus chuig an mBealarúis. In 2023, dhírigh an tAontas, agus fócas na mBallstát, ar a áirithiú nach dtiocfaí timpeall ar na bearta sin. Leanfar leis an bhfócas sin agus táthar ag súil le tuilleadh pacáistí smachtbhannaí in 2024.

Bhí an clár oibre glas le feiceáil go feiceálach freisin ar chlár oibre an bheartais chustam le linn 2023. I mí na Bealtaine, tugadh isteach na rialacháin lena mbunaítear **Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha** agus 'dífhoraoisiú' araon. Cuireadh tograí chun cinn freisin chun cosc a chur ar iompórtáil earraí a monaraíodh le saothar éageantais.

Chomh maith leis an bplé ar smachtbhannaí agus ar an gclár oibre glas, bhí an togra ón **gCoimisiún Eorpach maidir le hAthchóiriú Custam** go mór chun tosaigh inár gcuid oibre custam le linn 2023. Tá sé mar aidhm ag an togra athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear custaim i bhfeidhm agus a fheidhmíonn siad ar leibhéal an AE, agus chuir muid go mór leis an bplé a rinneadh. Ina theannta sin, chuamar i dteagmháil le Ranna trádála agus Ranna Rialtais eile chun a chinntiú go soláthraíonn an togra buntáistí do ghnóthaí de gach méid, tomhaltóir agus riarachán custam. Leanfar leis an bplé ar an bpríomh-mhír oibre seo le linn 2024.

Soláthraíonn an **Coiste Comhairleach Custaim** fóram do na Coimisinéirí Ioncaim agus d'eagraíochtaí ionadaíochta chun dul i gcomhairle agus tuairimí a mhalartú ar chúrsaí custam. Pléann an fóram forbairtí agus tograí i réimse an chustaim, go háirithe ar leibhéal an AE. Tháinig an coiste le chéile ceithre huair in 2023 agus ba é an plean forbartha teicneolaíochta custam a phríomhfhócas, lena n-áirítear scaoileadh an **Chórais Easpórtála Uathoibríoch nua (AES)** i mí an Mhárta.

I measc na n-ábhar eile a pléadh bhí Samhail Oibriúcháin Sprioc Teorann na Ríochta Aontaithe, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, faoisimh chustam faoi Chód Custaim an Aontais agus togra an Aontais maidir le hAthchóiriú Custaim.

I mí Iúil 2023, ghlac Éire, a ndearna na Coimisinéirí Ioncaim ionadaíocht uirthi, a seasamh ar **Choimisiún Beartais an WCO** ar feadh téarma dhá bhliain. Dhírigh an plé arís ar nuachóiriú agus ar a chinntiú go leanfaidh an WCO, le tacaíocht óna struchtúir réigiúnacha, de bheith ina cheannaire domhanda i gcúrsaí custam. I measc na réimsí fócais eile bhí maoiniú deontóirí, custaim ghlasa, agus fothú acmhainní.

Tá beirt chomhairleoirí cáilithe WCO ag na Coimisinéirí Ioncaim, Comhairleoir Teicniúil agus Oibriúcháin WCO ar Ríomhthráchtáil agus Comhairleoir WCO i bhForbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta, a thacaíonn le forbairt acmhainní WCO agus a chuir ceardlanna ar fáil do bhaill eile den WCO lena n-áirítear an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Asarbaiseáin agus Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

Aghaidh a thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta



291,756 idirghabháil le toradh **€787** milliún, lena n-áirítear ús agus pionóis

Seachaint



85 cás réitithe le toradh **€16.5m**, lena n-áirítear ús agus pionóis

Ionchúisimh



21 contuithe i leith imghabháil & calaois thromchúiseach
190 Ciontú Achomair

Foilseacháin ar Liostaí na Mainnitheoirí Cánach



73 Cás Foilsithe
€25.6m i socraíochtaí, lena n-áirítear ús agus pionóis

Urghabhálacha



Urghabhadh **9,085kg** de dhrugaí, ar luach beagnach **€302m**,
6,837 urghabháil táirgí tobac, ar luach **€63.4m**

Forfheidhmiúchán Fiachais



35,905 cás le toradh **€218.4m**

Aghaidh a thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Léiríonn na rátaí arda comhlíontachta le linn 2023 an rannpháirtíocht dhearfach ó ghnóthaí, ó cháiníocóirí aonair agus ó chleachtóirí cánach lena n-oibleagáidí comhlíontachta cánach, agus an tábhacht a chuireann an tsochaí go ginearálta ar chultúr láidir comhlíontachta saorálaí.

Tacaímid leis an gcultúr seo trí sheirbhísí a chur ar fáil chun é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir do cháiníocóirí a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh agus cé go n-íocann formhór mór na gcáiníocóirí an méid ceart cánach ag an am ceart, is príomhthosaíocht é fós dúinn aghaidh a thabhairt ar gach cineál neamhchomhlíontachta.

Déanaimid monatóireacht ar chomhlíontacht cánach trí raon clár sainaitheantais, measúnaithe agus meastóireachta riosca, mar aon le próisis a fhaigheann tacaíocht ó anailísíocht sonraí fíor-ama agus ceistiú faisnéise cáiníocóirí agus tríú páirtí araon. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas riosca a aithint agus a chainníochtú, ag cinntiú go ndíríonn ár n-acmhainní comhlíontachta ar an gcáiníocóir neamhchomhlíontach, rud a íoslaghdaíonn an t-ualach riaracháin ar an gcáiníocóir comhlíontach.

Nuair a léiríonn cásanna táscairí neamhchomhlíontachta, tugaimid freagra go bríomhar agus, nuair is cuí, déanaimid idirghabháil riosca faoinár **CIC**. Beartaítear an tslí is éifeachtúla ó thaobh ama agus acmhainní de a leanúint le gach idirghabháil, lena gcuirtear an costas is lú ar an gcáiníocóir agus ar na Coimisinéirí Ioncaim araon, agus aghaidh á tabhairt ar rioscaí a mheastar ag an am céanna.

In 2023, ba ionann an toradh iomlán ónár n-idirghabhálacha iniúchóireachta agus comhlíontachta agus €787 milliún. (Táblaí 14A, 14B agus 14C). Áirítear leis sin €138.5 milliún in ús agus pionóis.

Cuireann ár CIC réimse deiseanna ar fáil do cháiníocóirí a ngnóthaí cánach a a chur ina gceart go deonach, lena n-áirítear féin-athbhreithniú, féincheartú agus nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh. Cabhraíonn na deiseanna seo le cáiníocóirí rudaí a chur ina eagar chomh héasca agus is féidir agus ar an gcaoi is cost-éifeachtaí agus is féidir, agus d'fhéadfadh na daoine a bhaineann leas astu tairbhe a bhaint as íosleibhéal pionóis a fhulaingt, agus go ginearálta nach mbeidís i mbaol ionchúisimh nó foilsíú.

Is bac tábhachtach é **foilsíú ar Liostaí na Mainnitheoirí Cánach** inár dtroid i gcoinne na neamhchomhlíontachta, agus foráiltear le halt 1086A den ACC, 1997, go bhfoilsímid na liostaí seo san Iris Oifigiúil laistigh de thrí mhí ó dheireadh gach ráithe ina dtagtar shocraíochtaí comhaontaithe nó ina gcuireann na cúirteanna Cinní Pionóis i bhfeidhm.

Comhaontaíodh agus foilsíodh socraíochtaí cánach arbh ionann iad agus €25.6 milliún (lena n-áirítear thart ar €11.7 milliún in ús agus pionóis), i ndáil le 73 cáiníocóir, i leith 2023 (Táblaí 16 and 17). Foilsíodh freisin 353 cás eile inar gearradh fineálacha agus pionóis cúirte arbh fhiú €2 milliún iad, i leith 2023.

Tugaimid dúshlán gníomhach do ghníomhaíocht sa scáthgheilleagair agus cuireann muid srian ar dheiseanna chun imghabháil cánach agus dleachta d'aon ghnó. Is fianaise é seo ar an raon leathan idirghabhálacha a dhéanaimid a dhíríonn ar chalaíoch, trádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe

Rinne muid urghabháil ar os cionn 9,000kg de dhrugaí le linn 2023, ar a raibh luach measta de bheagnach €302 milliún. Áiríodh leis seo urghabháil 2,253kg de chócaon, le luach measta de €157 milliún, a braitheadh ar bord an MV Matthew i mí Mheán Fómhair. Chomh maith leis sin, rinne muid 6,837 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha, ar luach measta de bhreis agus €63.4 milliún agus urghabháil breis agus 287,000 lítear d'alcól neamhdhlisteanach ar luach measta €1.5 milliún (Táblaí 18 agus 19).

In 2023, mar thoradh ar ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim, gearradh fíneálacha cúirte ar bh fhiú €554,180 iad san iomlán i 190 cás achomair agus 21 ciontú coiriúil mar gheall ar chalaos thromchúiseach cánach agus chustaim. Ag deireadh na bliana, bhí 36 cás coiriúil eile os comhair na Cúirte (Tábla 22).

Cláir Chomhlíontachta

Tá bonn cásanna deighilte againn, rud a léiríonn an timpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta cánach agus custaim atá ag athrú, agus oibríonn muid clár comhlíontachta rioscabhunaithe atá leabaithe inár ngnáthchláir ghnó.

Díríonn ár gcláir chomhlíontachta bhliantúla ar réimsí riosca éagsúla agus ar earnálacha gnó, amhail tógáil, miondíola, mórdíola, na meáin shóisialta, seirbhísí digiteacha, mearbhia agus fáilteachas (Tábla 15).

Tá úsáid na **n-ardán ar líne agus na meán sóisialta** chun gníomhaíochtaí gnó a dhéanamh ag fáil níos forleithne le blianta beaga anuas, agus níl aon difríocht idir na hoibleagáidí cánach atá ag daoine a ghníomhaíonn ar na hardáin sin agus na hoibleagáidí cánach a bhaineann le daoine aonair agus le gnóthaí atá ag feidhmiú in aon earnáil eile den gheilleagar.

Le linn 2023, d'eisigh muid 142 fógra comhlíontachta Leibhéal 1 agus 78 Leibhéal 2 chuig daoine aonair a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó trí ardán ar líne agus a d'fhéadfadh a bheith ag fáil ioncaim, bronntanais, úsáid saor in aisce d'earraí nó seirbhísí, airgeadraí fíorúla nó licíní ó na hardáin seo. Cuireann fógraí comhlíontachta Leibhéal 1 a n-oibleagáidí i gcuimhne d'fhaighteoirí agus spreagtar iad chun féin-athbhreithniú a dhéanamh ar an seasamh cánach atá acu faoi seach agus gníomhú a dhéanamh chun é a thabhairt chun rialtachta más gá. Is í an aidhm atá le hidirghabhálacha Leibhéal 2 ná aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht an cháinócóra, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirm athbhreithnithe agus seiceálacha rioscabhunaithe, scrúdaithe ar shaincheist amháin laistigh de thuairisceán cánach, nó iniúchadh iomlán.

In 2022, chuir muid tús le clár seiceálacha ar gach fostóir a bhain leas as an **SFPF** lena chinntiú gur chomhlíon fostóirí na critéir incháilitheachta, agus thar aon rud eile, gur íocadh an t-airgead a bhí i gceist i gceart le fostaithe. Rinneadh tuilleadh seiceálacha comhlíontachta, nuair a bhí sé cuí, bunaithe ar na hathbhreithnithe riosca sin.

Lean ár gcuid oibre sa réimse seo ar aghaidh le linn 2023 agus faoi dheireadh na bliana tugadh 9,310 idirghabháil maidir le 8,494 fostóir chun críche, le toradh €207.9 milliún, arb ionann é agus níos lú ná 3% de na fóirdheontais SFPF go léir a íocadh agus creidmheasanna ÁSPC a éilíodh le linn shaolré na scéime. Léiríonn na torthaí seo go raibh leibhéal ard comhlíontachta ag formhór na bhfostóirí a ghlac páirt sa scéim. Tá 267 cás ina bhfuil seiceálacha comhlíontachta eile ar siúl faoi láthair, rud a fhágann go mbeidh seiceáil comhlíontachta déanta ar a n-incháilitheacht don scéim ar beagnach 17% de na fostóirí uile a d'éiligh an fóirdheontas.

Leanamar orainn ag breathnú ar **ioncam cíosa** mar chuid dár n-obair comhlíontachta, ag baint úsáide as sonraí cíosa tríú páirtí chun a bheith mar fhaisnéis dár bpróiseas roghnúcháin cásanna. Tá beagnach 850 idirghabháil comhlíontachta déanta i leith an tionscadail seo go dtí seo, le toradh €6.1 milliún.

Lean **trádálaithe neamhchónaitheacha ar líne** a dhíolann earraí agus seirbhísí digiteacha le tomhaltóirí Éireannacha de bheith ina réimse inar dhírigh muid air lenár ngníomhaíochtaí comhlíontachta le linn 2023. Tacaímid go gníomhach le trádálaithe neamhchónaitheacha chun a n-oibleagáidí CBL a chomhlíonadh, agus oibrímid freisin chun dul i ngleic le príomhrioscaí comhlíontachta CBL. Mar thoradh ar chomhoibriú le comhghleacaithe i mBallstáit an AE chun príomhbhearta comhlíontachta a chur chun cinn, tá creat comhlíontachta trasteorann níos láidre ann, agus méadú ar an Malartú Faisnéise (EOI) faoi Chúnamh Frithpháirteach maidir le

comhlíonadh CBL ríomhthráchtála.

Le linn 2023, d'oibríomar chun na hacmhainní atá ar fáil a neartú chun tacú le comhlíontacht CBL na ngnóthaí ar líne a dhéanann trádáil ar bhonn trasteorann. Go háirithe, bhí rannpháirtíocht shuntasach againn le hinstiúidí airgeadais na hÉireann agus na hEorpa, le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus le comhlachtaí ionadaíocha tionscail chun a chinntiú go n-éireodh le cur i bhfeidhm an tionscaimh AE, an **Lárchóras Leictreonach Faisnéise Íocaíochta (CESOP)**.

Faoin tionscnamh seo, ceanglaítear orthu siúd a sholáthraíonn seirbhísí do ghnólachtaí Éireannacha sonraí a chur isteach maidir le luach na n-íocaíochtaí trasteorann a fuarthas ó thomhaltóirí an Aontais ón 1 Eanáir 2024. Ní mór na sonraí seo a sholáthar do na riaracháin chánach i ngach ceann de na Ballstáit ina soláthraítear na seirbhísí. Le linn 2023, d'oibríomar leis an Roinn Airgeadais chun na forálacha reachtaíochta cuí a thabhairt isteach chun tacú le CESOP agus rinneamar na forbairtí teicniúla riachtanacha chun cur ar chumas phróiseas clárúcháin CESOP oscailt an 1 Feabhra 2024. D'fhoilsíomar treoir chuimsitheach freisin maidir le CESOP ar ár suíomh idirlín.

Bhí ról feiceálach ag **earnáil na tógála** arís inár gcláir chomhlíontachta in 2023, i bhfianaise an leibhéil riosca a bhí i gceist chomh maith leis an méadú leanúnach ar ghníomhaíochtaí tógála. Bhain toradh de beagnach €30 milliún le gníomhaíochtaí comhlíontachta a bhain leis an earnáil tógála, lena n-áirítear €4 mhiliún in ús agus pionóis Bhí na hidirghabhálacha seo dírithe go príomha ar rioscaí CBL, Cánach Conarthaí Iomchuí agus (ÍMAT) Fostóra, agus leanamar freisin ag déanamh monatóireachta ar an mbealach ar bhain an earnáil seo leas as scéimeanna tacaíochta paidéime.

Leanaimid orainn ag déanamh iniúchtaí **praghsála aistrithe** rioscabhunaithe agus idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe eile, chun aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar dhúshláin na timpeallachta cánach idirnáisiúnta. Sa tréimhse 2015 go dtí deireadh 2023, tá tús curtha againn le 58 idirghabháil comhlíontachta praghsála aistrithe, a bhfuil 33 díobh tugtha chun críche.

Mar thoradh ar na hidirghabhálacha críochnaithe seo, tá toradh €748 milliún ann, lena n-áirítear €233 milliún in ús agus pionóis, agus srian ar chaillteanais trádála de €952 milliún, arb ionann é agus éifeacht CC de €119 milliún. Ina theannta sin, rinneadh measúnuithe leasaithe CC, le CC tearcíochta de thart ar €44 milliún aitheanta, mar thoradh ar idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe. Tá formhór na measúnaithe leasaithe seo faoi achomharc faoi láthair.

Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht

Bainimid úsáid fhorleathan as tuairisceáin cháiníocóra, faisnéis tríú páirtí, faisnéis agus foinsí eile atá ar fáil dúinn chun táscairí neamhchomhlíontachta a aithint agus chun ár dtuiscint ar rioscaí earnála a fheabhsú. Leanaimid ar aghaidh freisin ag treisiú ár sealúchais sonraí agus ár gcumas i dtreo ard-anailísíocht chun ár dtuiscint ar an iompar comhlíontachta cánach agus dleachta a neartú.

Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas teagmhas, scála agus suntasacht an riosca a shainaithint agus chun díriú ar ár n-acmhainní chun imghabháil cánach agus dleachta, calaois, coireacht eagraithe, trádáil agus smuigleáil aindleathach a chosc nó aghaidh a thabhairt orthu.

Cuireann réimse leathan tríú páirtithe tuairisceáin faisnéise ar fáil dúinn, agus bainimid úsáid fhorleathan as an bhfaisnéis seo inár dtionscadail anailísíochta sonraí. Áirítear leis seo faisnéis ó cheannaitheoirí, comhlachtaí Rialtais, instiúidí airgeadais, agus cineálacha áirithe idirghabhálaithe. Déanaimid na sonraí a bhailítear ó na **tuairisceáin tríú páirtí** seo a mheitseáil lenár dtaifid, agus déanaimid crostagairt eatarthu siúd agus dearbhuithe cáiníocóirí. Cuireann sé seo ar ár gcumas aird a tharraingt ar neamhréireachtaí agus na neamhthíolaiceoirí

sin a d'fhéadfadh a bheith i mbun gníomhaíochta trádála a aithint. Is féidir na sonraí seo a úsáid freisin chun tionscadail chomhlíontachta a chinneadh a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo.

Tá anailísíocht sonraí lárnach freisin inár gcuid oibre chun feidhmíocht ár gcóras riosca a mheas agus a fheabhsú, mar shampla ár n-uirlis Riosca, Meastóireacht agus Próifiliú le haghaidh cáin agus ár Clár Roghnaithe um Idirghabháil Riosca Custam. Leanann muid d'úsáid a bhaint as teicnící anailísíocht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar ár ngníomhartha ar iompar cáiníocóirí.

Cuireann ár gcóras riosca fíor-ama ÍMAT agus CBL ar ár gcumas freagairt go tapa do rioscaí a thagann chun cinn, agus feabhsáimid rialacha riosca ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go soláthraímid freagairt éifeachtach ar neamhchomhlíontacht i mbonn cásanna ÍMAT agus CBL.

Is foinse ríthábhachtach eile faisnéise é an **EOI** idir riaracháin chánach a úsáideann muid chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a bhrath agus a chosc, agus chun feidhmiú ceart na reachtaíochta cánach náisiúnta in Éirinn a chinntiú. Éascaítear na malartuithe seo trí ionstraimí éagsúla dlí, agus féadtar iad a dhéanamh go huathoibríoch nó le hiarratas.

Tá samplaí de chuid de na malartuithe uathoibríocha lena raibh muid rannpháirteach le linn 2023 leagtha amach thíos.

- Rinneamar faisnéis faoi chuntais airgeadais a mhalartú go huathoibríoch, lena n-áirítear sonraí cuntas bainc agus sonraí infheistíochtaí, le 111 dlínse eile. Tugann an malartú seo eolas dúinn maidir le cuntais arna gcoinneáil thar lear ag tomhaltóirí Éireannacha, agus déanann muid an fhaisnéis sin a chrostagairt le tuairisceáin chánach chun a chinntiú go bhfuiltear tar éis sócmhainní agus ioncaim uile thar lear a dhearbhu, de réir mar is cuí.
- I gcomhréir leis an DAC1, leanamar orainn ag malartú faisnéise le Ballstáit eile de chuid an AE faoi na cúig chatagóir seo a leanas: úinéireacht agus ioncam ó mhaoin, ioncam ó fhostaíocht, táillí stiúrthóra, pinsin agus táirgí árachais saoil.
- Faoi DAC6 mhalartaíomar 250 tuairisceán faisnéise faoi shocraíochtaí agus d'fhéadfaí iad sin a úsáid le haghaidh dianphleanáil cánach trasteorann le Ballstáit eile de chuid an AE.
- Mhalartaíomar sonraí Tír de Réir Tíre le 62 dhlínse a bhaineann le hioncam, brabúis, cánaíocht agus táscairí eile de ghníomhaíochtaí eacnamaíochta de chuid FIN móra. Tógtar na sonraí seo ó thuarascálacha a cheanglaítear ar FIN móra a thíolacadh i ngach dlínse a dhéanann an grúpa gnó iontu, agus úsáidimid an fhaisnéis seo chun bonn eolais a chur faoi mheasúnachtaí riosca ardleibhéil maidir le praghsáil aistrithe agus chun rioscaí eile a bhaineann le BEPS a mheas.
- Sholáthraíomar sonraí faoi 38 tuairim trasteorann a eisíodh in 2023 le dlínsí eile. Rinneadh an malartú sin i gcomhréir lenár dtiomantas do thrédhearcacht cánach idirnáisiúnta, agus le tionscnaimh an AE agus na ECFE chun EOI a neartú idir údaráis chánach i réimse na rialuithe cánach.

Féadann Ballstáit an AE agus tíortha eile iarratais shonracha a dhéanamh ar EOI trí **Chúnamh Frithpháirteach**. Soláthraíonn agus baineann muid leas as sin trí fhaisnéis airgeadais agus eile a roinnt agus imscrúduithe comhoibríocha laistigh de chreat oibre reachtacha. Le linn 2023, fuair muid 2,081 iarratas ó Bhallstáit an AE agus thíortha eile agus rinne muid 362 iarratas den chineál seo (féach Tábla 23).

Chomh maith leis sin, fuair muid 51 cumarsáid maidir le Assistance Mutuelle ó Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Baineann mórán de na hiarratais faighte le riosca sonracha custam i ndáil le haicmiúchán, luacháil nó bunús.

Ceanglaítear ar institiúidí airgeadais agus ar chomhlachtaí ainmnithe eile, de réir dlí, **Tuairiscí ar Idirbhearta Amhrasta** a dhéanamh má tá údar acu lena chreidiúint go raibh nó go bhfuil

cliant i mbun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Is cuid lárnach iad na tuairiscí seo den phróifíl riosca iomlán do cháiniócoirí aonair, agus scrúdaítear agus déantar measúnú ar gach tuairisc a fhaightear chun neamhchomhlíontacht a aithint agus aghaidh a thabhairt air ina dhiaidh sin. Le linn 2023, fuaireamar os cionn 72,900 tuairisc, arb ionann é agus méadú 73% i gcomparáid le 2022.

Ag Díriú agus ag Cur Isteach ar Gníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar

Is tosaíocht eagraíochtúil dúinn i gcónaí é dúshlán a chur roimh gníomhaíocht scáthgheilleagair agus srian gníomhach a chur ar dheiseanna le haghaidh imghabháil cánach agus dleachta lántoiliúil. Is fianaise é seo ar an raon leathan idirghabhálacha a dhéanaimid a dhíríonn ar chalaíoch, trádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe

In 2023, chuireamar tionscadal trasrannóige comhordaithe i bhfeidhm lena gcinntítear cur chuige comhsheasmhach, dírithe agus intomhaiste maidir le riosca scáthgheilleagair a bhainistiú in earnálacha traidisiúnta agus éiritheacha atá ag teacht chun cinn. Tá grúpa stiúrtha maoirseachta le hionadaithe sinsearach baintíochta ónár Rannóga éagsúla oibríochta, Beartais agus Reachtaíochta agus an Ard-Chuntasóra agus Pleanála Straitéisí tar éis líonraí trasrannóige a bhunú agus tá siad i gceannas ar chur i bhfeidhm mholtaí an tionscadail.

Cinntíonn na líonraí seo go gcuirtear beartais agus próisis chomhsheasmhacha i bhfeidhm chun faisnéis a bhailiú agus a roinnt agus comhoibriú go himmheánach agus le gníomhaireachtaí Rialtais eile chun barr feabhais a chur ar úsáid acmhainní. Tá méadú ar líon na n-oibríochtaí ilghníomhaireachta agus allamuigh ina phríomhchuspóir don tionscadal.

Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí in Na Coimisinéirí Ioncaim v. Karshan (Lár na Tíre) Teo. t/a Domino's Pizza

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas tábhachtach ar na príomhthosca a bhí le meas agus stádas fostaíochta duine aonair á rangú chun críocha TF. Bhain an cás le cibé acu an raibh na tiománaithe seachadta lena mbaineann ina gconraitheoirí neamhspleácha faoi chonradh le haghaidh seirbhís agus incháinithe faoi Sceideal D den ACC 1997, nó fostaíochta faoi chonradh seirbhíse agus incháinithe faoi Sceideal E den Acht sin tríd an gcóras ÍMAT.

Sheas an cinneadh d'aonghuth le tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim gur fostaíochta chun críocha TF iad na tiománaithe seachadta a bhí ag obair don ghnó lena mbaineann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil impleachtaí forleathana ag an mbreithiúnas ar fud na n-earnálacha go léir, agus nach bhfuil sé teoranta do thiománaithe seachadta i gcoitinne ná do na hoibrithe aonair sa chás sonrach seo

Agus a bhreithiúnas á thabhairt aige, leag an Breitheamh Brian Murray amach creat cúig chéim ar cheart é a úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an conradh seirbhíse nó seirbhíse atá i gceist, agus thug sé soiléireacht shuntasach ar na cúrsaí sin.

Tar éis an breithiúnas seo a thabhairt, d'eisíomar preasráiteas ag meabhrú do ghnólachtaí go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go n-asbhaintear na cánacha cearta ó phá a bhfostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí tuarastail agus aon phá barúlach a fuarthas) agus íocadh tríd an gcóras ÍMAT ag an am ceart.

Mholamar freisin do gach gnó a bhí ag fostú conraitheoirí, fochonraitheoirí nó oibrithe eile ar bhonn féinfhostaíochta iad féin a chur ar an eolas ar shonraí an bhreithiúnais agus athbhreithniú a dhéanamh ar mhúnla a bhfórsa saothair ina fhianaise sin, ag tabhairt aird ar leith ar shocruithe sonracha atá i bhfeidhm le gach duine aonair lena mbaineann chun a mheas ar cheart conradh seirbhíse nó conradh le haghaidh seirbhíse a bheith i bhfeidhm.

Sa chás go gcreideann gnóthaí go bhféadfadh sé go ndearna siad mí-aicmiú ar oibrí mar dhuine féinfhostaithe seachas mar fhostaí, ba chóir dóibh na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun a ngnóthaí cánach a thabhairt chun rialtacht de réir ár gCód Cleachtas na maidir le hdirghabháil Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

Le roinnt míonna anuas, bhíomar ag obair le comhghleacaithe sa RCS agus sa Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre chun an Cód Cleachtas reatha maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh (Fostaithe nó Féinfhostaithe) a nuashonrú. Foilseofar Cód Cleachtas nuashonraithe, mar aon le treoirí na gCoimisinéirí Ioncaim ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí agus a thionchar ar stádas fostaíochta daoine aonair chun críocha cánach, sna seachtainí amach romhainn.

Cuireann ár **nAonad Comh-Imscrúduithe** go mór lenár stráitéis fhoriomlán idirghabhálacha, ag reáchtáil oibríochtaí neamhspleácha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus ag obair go han-éifeachtach le hAonad Imscrúdaithe Speisialta na RCS. Bímid i dteagmháil freisin leis an CCÁO chun aghaidh a thabhairt ar réimsí imní fhrithpháirtigh ar fud raon earnálacha eacnamaíocha, ag roinnt faisnéise faoi chuimsiú Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí agus Meamram Tuisceana atá ann idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an dá ghníomhaireacht.

Tá an earnáil tógála fós ina príomhréimse fócais don obair seo agus i rith 2023 thugamar 577 cuairt neamhspleácha ar láithreáin tógála inar chuir ár n-oifigigh agallamh ar 791 conraitheoir, fochonraitheoir agus fostaí chun iad a chur ar an eolas maidir lena ndualgais chomhlíontachta agus reachtúla eile. Chomh maith leis sin thug ár n-oifigigh 671 cuairt eile ar láithreáin tógála i gcomhar leis an RCS agus chuir siad 2,257 duine eile faoi agallamh. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, cláraíodh 76 duine mar fhostaithe nua, agus athrangáíodh ocht fochonraitheoirí eile mar fhostaithe.

Chomh maith le cuairteanna ar láithreáin tógála, thugamar faoi 3,356 cuairt eile le linn 2023, ar bhonn neamhspleách nó i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, thar réimse gnóthaí i dtaca le cineálacha éagsúla gníomhaíochta scáthgheilleagair. Mar thoradh ar na cuairteanna seo, cláraíodh 248 duine aonair mar fhostaithe nua. Dhírigh na cuairteanna seo ar earnálacha inar sainaithníodh rioscaí a bhaineann le híocaíochtaí airgid agus aicmiú fostaíochta, amhail gruaig agus áilleacht, trádáil na n-ainmhithe tí, bia agus dí beir leat, carwashes agus cúiréirí agus gnóthaí seachadta. Trí anailísíocht sonraí a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar an airgead tirim agus ar an ngeilleagar fíorúil airgid, chuidigh sé le cásanna riosca aonair agus sistéamach a shainaithint ar fud bhonn cásanna.

Leanaimid orainn ag forbairt bearta chun dul i ngleic leis an riosca calaoise CBL, agus is gné thábhachtach é comhoibriú déthaobhach leis na Ballstáit maidir le gníomhaíochtaí calaoiseacha CBL trasteorann chun an riosca sin a bhainistiú. Bímid i mbun caidrimh le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus fóraim, lena n-áirítear EUROFISC agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCóras Riartha Cánach chun eolas a roinnt i ndáil le treochothaí ag teacht chun cinn agus an deachleachtas.

Le linn 2023, d'ardaigh muid measúnuithe cánach as ar eascair dliteanais bhreise CBL de €5 mhilliún, agus chuireamar 13 chlárúchán CBL ar ceal nuair a léiríodh go raibh gníomhaíocht chalaioiseach ann. Scríobh muid chuig 56 soláthraithe eachtracha chun iad a chur ar an eolas faoi na cealúcháin.

Tá príomhfhreagracht orainn **na drugaí rialaithe a chosc, a bhrath, a idircheapadh agus a urghabháil** a bheartaítear iad a smuigleáil, nó a iompórtáil isteach sa Stát nó a easpórtáil amach as an Stát go neamhdhleathach. Tacaíonn ár gcur chuige idirghabhála drugaí le Straitéis Náisiúnta Drugaí na hÉireann "Dochar a Laghdú, ag tacú le téarnamh: *Freagra sláinte-bhunaithe ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017 – 2025*".

Bainimid úsáid as cur chuige rioscabhunaithe maidir lenár straitéis braite agus idirghabhála agus oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí chun na príomhshlabhraí soláthair atá mar chuid de thrádáil na ndrugaí aindleathacha a aithint agus a dhíchóimeáil.

Tá teicnící smuigleála agus ceilte ag éirí níos cruthaithí agus níos casta, agus tá an cumas agus na hacmhainní acu siúd lena mbaineann a gcuid modheolaíochtaí a oiriúnú go tapa. Tá sé sin níos measa fós mar gheall cé chomh forleathan agus suntasach is atá gluaiseacht idirnáisiúnta daoine, feithiclí agus lasta chomh maith le nádúr trasteorann na coireachta eagraithe. Baineann cuid de na teicnící ceilte is casta atá aimsithe againn le spásanna saintógtha laistigh de limistéar dín trucaílí cuisneora agus boscaí capall, agus brath cócaoin a bhí líonta i gcoinsíneacht gualaigh.

Tá ár gcuid oibre i gcoinne coireanna drugaí forleathan agus ilghnéitheach, agus déanaimid

monatóireacht leanúnach ar threochtaí agus ar fhorbairt sa réimse seo chun a chinntiú go n-úsáidimid ár n-acmhainní agus go dtugtar tosaíocht do rioscaí ar an mbealach is éifeachtaí.

Oibrímid lenár gcomhpháirtithe forfheidhmithe dlí chun faisnéis a mhalartú agus faisnéis a roinnt. Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn muid go dlúth leis an nGarda Síochána, go háirithe le Biúró an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, i gcomhfhiosruithe agus comhoibríochtaí. I rith 2023, bhíomar rannpháirteach i 82 seachadadh rialaithe drugaí as a dtáinig 46 gabháil, chomh maith le 42 chomhoibríocht le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Choireacht Eagraithe.

Tá comhpháirtíochtaí láidre agus straitéiseacha againn freisin le comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí-Támhsuanaigh (MAOC-N) i Liospóin, Europol, Interpol, an EDC agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dtíortha eile.

Le linn 2023, bhí ár bhfoirne bainteach le 9,217 urghabháil drugaí, agus mar thoradh air sin gabhadh 9,085kg de dhrugaí ar luach thart ar €302 milliún. Tá sonraí maidir le roinnt oibríochtaí suntasacha a rinneadh leagtha amach thíos.

Luach €8.4 milliún de hearóin gafa ag Aerfort Weston

Rinneadh an urghabháil seo mar chuid d'oibríocht bunaithe ar fhaisnéis ina raibh Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána, MAOC-(N) agus Custaim na Fraince rannpháirteach. Aimsíodh thart ar 60kg hearóin folaithe i gcúl an aerárthaigh éadroma, agus gabhadh agus cúisíodh beirt mar chuid den oibríocht seo.



Urghabháil ag Aerfort Weston

Luach €11.4 milliún de chócaon gafa ag Europort Ros Láir

Rinneadh an ghabháil seo le cúnamh ó cheann dár scanóirí soghluaiste x-ghathach agus madra brathadóra, Dáithí. Aimsíodh thart ar 163kg de chócaon a bhí folaithe i mbosca capall agus gabhadh beirt.



Urghabháil ag Europort Ros Láir agus an madra brathadóra Dáithí

Ár dTeorainneacha Muirí a Chosaint



R.C.C. Suirbhéir and R.C.C. Faire

Tá ár nAonad Muirí sainfheidhmeach, atá lonnaithe i gCorcaigh, freagrach as monatóireacht agus patrólú a dhéanamh ar 3,173 ciliméadar de chósta na hÉireann.

Tá dhá Chuitéar Custam ag an Aonad Muirí faoi láthair, an R.C.C. Suirbhéir agus an R.C.C. Faire I mí Lúnasa 2023, áfach, shíniomar conradh chun Cuitéar Custam nua a sheachadadh in áit an R.C.C. Suirbhéir, atá i mbun seirbhíse ó 2004.

Táthar ag súil go mbeidh sé i mbun seirbhíse in 2025, beidh ardchórais loingseoireachta agus faireachais feistithe ar an mbád nua chun cur leis an gcaighdeán agus raon na n-acmhainní ar féidir lenár nAonad Muirí a úsáid ina gcuid oibre riachtanach, chun díriú ar thrádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe sa réimse muirí. Comhlíonfaidh sé caighdeáin rialaithe astaíochtaí Leibhéal III freisin do Limistéir Rialaithe Astaíochtaí arna n-ainmniú faoi MARPOL larscríbhinn VI, lena chinntiú go ndéanfar ár rialuithe teorann ar bhealach atá tíosach ar fhuinneamh agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Oibríonn ár bhfoirne muirí go dlúth lenár bhfoirne forfheidhmithe talamhbhunaithe chun limistéir ardriosca feadh an chósta a chlúdach, ag baint úsáide as sócmhainní ar nós scanóirí soghluaiste x-ghathaithe agus ár bhfoirne madraí brathadóra. Tá ról ríthábhachtach ag pobail cois cósta, pearsanra muirí agus an lucht luamhaireachta a thacaíonn linn freisin lenár dteorainneacha muirí a chosaint.

Tá an tionscnamh Faire Drugaí Cósta ar an bhfód le breis agus 30 bliain. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscnamh seo chun feasacht a ardú i measc pobail cois cósta, agus an réimse leathan gnóthaí agus grúpaí a oibríonn ar muir, faoi tháscairí riosca ar chóir dóibh a bheith airdeallach faoi agus bealach a chur ar fáil chun aon ghníomhaíochtaí amhrasacha a thuairisciú faoi rún.

Chomh maith leis sin, is ball muid den Chomh-Thascfhórsa, atá comhdhéanta de Sheirbhís Custam na gCoimisinéirí loncaim, den Gharda Síochána agus de Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann. Tá comhoibriú idir na baill ríthábhachtach do rath a cuid oibríochtaí, agus úsáideann gach gníomhaireacht a cumais agus a tacair scileanna iomlána chun cur chuige comhordaithe a chinntiú chun dul i ngleic leis an mbagairt a bhaineann le smuigleáil drugaí.

Sampla iontach de chomhoibriú rathúil idir na Coimisinéirí loncaim agus ár gcomhpháirtithe forfheidhmithe dlí ab ea

oibríocht, le tacaíocht ó shócmhainní an Chabhlaigh agus an Aerchóir agus ó phearsanra idirghníomhaireachta, a tharla i Meán Fómhair 2023 de bhun faisnéise a bhain le gluaiseachtaí an bulciompróra MV Matthew agus an bháid iascaigh Castlemore.

Oibríocht thar a bheith casta agus dinimiciúil a bhí ann, rinneadh monatóireacht ar ghluaiseachtaí an MV Matthew agus é ar an mbealach ó Mheiriceá Theas sular stopadh an soithigh ar deireadh amach ó chósta theas na hÉireann. Mar thoradh ar an oibríocht seo, gabhadh 2,253kg de chócaon, ar luach €157 milliún, agus gabhadh ochtar a bhí faoi amhras agus tugadh os comhair na gcúirteanna iad ina dhiaidh sin.

Ba é seo an chéad uair a thug na Coimisinéirí Ioncainm údaráis d'fhoireann Sciathán Fiannóglaigh an Airm d'Óglaigh na hÉireann chun gníomhú mar Oifigigh Custam faoi fhorálacha an Achta Custam 2015, chun dul ar bord árthaigh ar muir.



M.V. Matthew

Tá ról ríthábhachtach ag ár ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta freisin chun toradh rathúil a bhaint amach le hoibríochtaí mar seo. Sa chás seo, bhí ról lárnach ag an MAOC-N i mbainistiú na faisnéise, ag cinntiú go ndearna údaráis forfheidhmithe ó Éirinn, ó Mheiriceá, ón RA agus ón bhFrainc a nuashonrú i bhfíor-am de réir mar is gá.



Bronnadh a rinneadh ag na Gradaim Dhomhanda Custam

Mar aitheantas ar thábhacht na hoibríochta seo, agus ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht idir comhpháirtithe nua agus seanbhunaithe chun tabhairt faoi chur chuige comhordaithe i leith na bagartha a bhaineann le hiompórtáil drugaí san fhearann muirí, bronnadh comhdhámhachtain ar na Coimisinéirí Ioncainm agus ar Sciathán Fiannóglaigh an Airm d'Óglaigh na hÉireann ag na Gradaim Dhomhanda Custam i mí Eanáir 2024.

Baineann ár bhfoirne forfheidhmithe talambhunaithe úsáid freisin as na modhanna agus na teicneolaíochtaí braite is déanaí chun cabhrú linn teorainneacha an Aontais a chosaint ó thrádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe. Inár gcalafoirt agus inár n-aerfoirt, úsáideann ár bhfoirne réimse trealaimh, ó scanóirí soghluaiste x-ghathaithe go bogearraí próifílithe agus faisnéise chun cabhrú le rioscaí a aithint agus díriú isteach orthu. Ina theannta sin, tá ról lárnach ag ár bhfoirne madraí brathadóra lenár gcur chuige chun dul i ngleic leis an mbagairt a bhaineann le trádáil agus smuigleáil aindleathach.



Is acmhainn náisiúnta iad ár madraí brathadóra agus féadtar iad a chur ag obair ar fud na tíre, ag brath ar riachtanais oibríochtúla, chun oibriú i gcomhar le foirne forfheidhmithe ag gach príomhchalafoirt, aerfort agus ionad poist, chomh maith le háitribh seolta lasta. Tacaíonn siad go rialta freisin le hoibríochtaí comhordaithe go náisiúnta, agus déantar go leor díobh ar bhonn ilghníomhaireachta.

Tá 25 madra brathadóra againn inár gclár cainínigh faoi láthair agus táimid an-bhródúil as an obair a dhéanann siad chun cabhrú le méideanna suntasacha drugaí, toitíní agus airgead tirim a eascraíonn as gníomhaíochtaí coiriúla a bhrath. Mar thoradh ar go leor dá mbrath, cuireadh ciontuithe rathúla i bhfeidhm agus d'éirigh leo cur isteach ar ghníomhaíochtaí coiriúla. Le linn 2023, bronnadh Gradam Golden Paw um Fhorfheidhmiú an Dí de chuid Gadharchumann na hÉireann ar Robbie.

Sa phictiúr thíos tá cuid dár madraí brathadóra eile: Gus, Bruno, Sam, Merlin agus Harley.



Madra Brathadóra Robbie



Madraí Brathadóra Gus, Bruno, Sam, Merlin agus Harley

Dírímid ar gach céim den slabhra soláthair atá mar chuid de thrádáil aindleathach tobac, ag aithint agus ag díriú ar smuigleáil, táirgeadh, dáileadh agus díol táirgí den sórt sin chun ár sprioc a bhaint amach maidir leis an gcéanna a urghabháil agus, nuair a fhéadtar, iad siúd atá freagrach a ionchúiseamh.

Tá ár n-éachtaí sa réimse seo mar thoradh ar chomhoibriú leanúnach agus comhroinnt faisnéise le gníomhaireachtaí eile forfheidhmithe dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar aon lenár gcomhghleacaithe i gcomhlachtaí lena n-áirítear OLAF, Europol agus EDC.

Cuidíonn ár modhanna próifílithe agus braite linn:

- anailís a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid na faidhbe,
- faisnéis a fhorbairt agus a roinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta,
- lastas, feithiclí, bagáiste agus pacáistí poist a shainaithint agus a scagadh chun soláthar táirgí tobac aindleathacha a idircheapadh, agus
- ag cinntiú go mbaintear sárúsáid as acmhainní chun díriú ar an riosca ag pointí iompórtála agus laistigh den tír.

In 2023, ba é an toradh a bhí ar ár ngníomhaíochtaí spriocdhírithé ná urghabháil os cionn 69.5 milliún toitín aindleathacha ar luach €55.7 milliún (Tábla 19). Ghabh muid 10,191 kg tobac freisin ar luach €7.7 milliún. Tá sonraí maidir le roinnt urghabhálacha suntasacha ar tháirgí tobac leagtha amach thíos.

9.8 milliún toitín gafa i gCo. Lú

Rinneadh an oibríocht seo bunaithe ar fhaisnéis le cabhair ó bhrathadóir madra, Toby, agus le tacaíocht ón nGarda Síochána. Thángthas ar na toitíní, ar luach measta €8.2 milliún, tar éis cuardach a dhéanamh ar fheithicil agus b'ionann iad agus cailteanas poitéinsil €6.4 milliún don Stáitchiste.



Urghabhálacha Toitíní i gCo. Lú



Urghabhálacha Tobac i gCo na Mí

Luach €500,000 de thobac coganta gafa i gCo. na Mí

Rinneadh an urghabháil seo mar thoradh ar phróifíliú riosca, nuair a chuardaigh oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim áitreabh tráchtála agus nuair a d'aimsigh siad thart ar 960kg de thobac coganta.

In 2023, gabhadh 287,763 lítear alcóil ar luach measta os cionn €1.5 milliún. Chomh maith, ghlac Éire páirt in oibríochtaí ilnáisiúnta le Ballstáit eile, ag díriú isteach ar ghluaiseachtaí calaoiseacha táirgí alcóil.

Príomhthosaíocht chorparáideach dúinn is ea an chalaos bhreosla agus, bunaithe ar an bhfianaise go dtí seo, táimid sásta go bhfuil ár straitéis fhoriomlán éifeachtach chun dul i ngleic leis an trádáil aindleathach i dtáirgí breosla. In 2023, ghabhamar 1,800 lítear d'ola bhreosla mharcáilte agus leanfaimid orainn de bheith ar an airdeall i ndáil le treochoirneacha agus rioscaí atá ag

teacht chun cinn sa réimse seo.

Le linn 2023 leanamar freisin leis na hullmhúcháin chun marcóir breosla nua, ACCUTRACE™ Plus, a thabhairt isteach, agus a cuireadh chun feidhme i ngach Ballstát i mí Eanáir 2024. Cuireann sé seo go mór le réimse marcóirí fíoscacha na hÉireann chun córas marcála atá láidir cheana féin a neartú tuilleadh agus cinnteoidh sé go maolófar na rioscaí a bhaineann le sciúradh breosla a mhéid is féidir.

Ó 2015 i leith, d'oibrigh Éirinn agus an Ríocht Aontaithe marcóir comhpháirteach, Accutrace™ S10, mar cheann de raon beart chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí calaoise breosla. Tá sé cruthaithe go bhfuil an cur chuige comhoibritheach maidir le córais mharcála fíoscacha a ailíniú sa dá dhlíne an-éifeachtach agus go leanfar le húsáid Accutrace™ S10 mar an marcóir comhpháirteach. Ag tógáil ar an gcur chuige comhoibritheach seo, glacadh leis an marcóir nua i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór i mí Eanáir 2024. Tacóidh an ailíniú breise idir chórais mharcála na hÉireann agus an Ríochta Aontaithe le comhiarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic le calaois bhreosla sa dá dhlíne.

Faoi fhorálacha urghabhála airgid thirim san Acht um Fháiltas ó Choireacht (arna Leasú), 2005, coinníonn muid suimeanna airgid de €1,000 nó níos mó nuair a bhíonn amhras ann gur fáiltas ó ghníomhaíocht choiriúil an t-airgead, nó go bhfuil sé beartaithe é a úsáid. Nuair a choinnítear airgead tirim, déanann muid iarratas chuig na cúirteanna ag iarraidh tuilleadh ama chun foinse an airgid a fhiosrú. Nuair a bheidh siad sásta leis an iarratas, féadfaidh na cúirteanna ordú coinneála a dheonú chun ligean dúinn imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh. I gcásanna ina mbunaítear naisc le coiriúlacht, déanaimid iarratas chuig na cúirte ar ordú forghéillte.

In 2023, deonaíodh orduithe coinneála dúinn maidir le 35 cás, chun go ndéanfaí imscrúdú ar mhéideanna airgid thirim arbh ionann iad agus €2,782,503 (Tábla 20), agus deonaíodh orduithe forghéillte maidir le 26 cás d'urghabhálacha airgid choiriúil ar luach €343,217 iad (Tábla 21).

Foráiltear i Rialacháin an AE dár gcaingean in aghaidh **earraí góchumtha, falsa nó bradacha**. Déanaimid braith rialta ar earraí góchumtha ag calafoirt, aerfoirt agus moil phoist na tíre mar thoradh ar phróifíliú riosca. Déantar mórán de na hearraí góchumtha a bhraitear agus a choinnítear a idircheapadh i moil phoist nó cúiréara, agus go seoltar siad chuig daoine a cheannaigh iad ar an idirlín. Ó am go chéile aimsítear coinsíneachtaí níos mó i gcoimeádáin loingseoireachta.

Le linn 2023, bhraith muid 19,599 earra góchumtha amhrasta ar luach thart ar €7.9 milliún. I measc raon na n-earraí góchumtha a urghabhadh, tá earraí leictreonacha, cosmaidí, fóin phóca/oiriúintí, éadaí agus seodra, agus is ón tSín, Hong Cong agus an Tuirc a thagann an chuid is mó díobh.

Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú

Is é ár misean ná freastal ar an bpobal trí na cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach dúinn a chinntiú go bhfeidhmíonn an córas cánach agus custaim ar bhealach atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach, agus nach n-úsáidtear reachtaíocht chánach, creidmheasanna agus liúntais ar bhealach nach raibh beartaithe leis an reachtaíocht.

Déanann muid ár sealúchais fhorleathana sonraí a threisiú go réamhghníomhach chun scéimeanna agus idirbhearta a chruthaíonn buntáiste cánach éagórach dóibh siúd lena mbaineann a aithint, agus chun dul i ngleic leo siúd a léiríonn táscairí neamhchomhlíontachta a bhaineann le seachaint cánach.

Tá dhá Bhrairse Frithsheachanta tiomnaithe againn, ina bhfuil foireann iniúcháirí a bhfuil sárthaithí acu chomh maith le hardchumas anailíseach. Le linn 2023, chuireamar 85 cás

seachanta cánach i gcrích le toradh os cionn €16.5 milliún, lena n-áirítear €5.2 milliún in ús agus pionóis. Ina theannta sin, ag deireadh 2023, bhíomar gníomhach ag tabhairt aghaidh ar 342 cás a bhain le seachaint cánach féideartha, a bhain le 35 idirbheart.

I measc na dtrí struchtúr idirbhirt a mheastar a bheith do-ghlactha faoi láthair mar sheachaint cánach do-ghlactha, agus atá faoi bhainistíocht ghníomhach tionscadail, tá:

- sraith chasta idirbheart a dhéanann cáiníocóirí le cuideachtaí bainteacha, arb é a bpríomhchuspóir airgead tirim a asbhaint ar bheagán dliteanais chánach ghaolmhara nó gan aon dliteanas cánach gaolmhar,
- mí-úsáid a bhaint as faoiseamh CGC scair-ar-scair agus is é an príomhchuspóir ná dliteanais phearsanta CGC a sheachaint ar dhíol scaireanna, agus
- mí-úsáid a bhaint as faoiseamh sonracha CGC tríd an tréimhse úinéireachta a athshocrú chun an faoiseamh a éileamh agus dliteanas CGC a sheachaint.

Le linn 2023, thug an Chúirt Achomhairc breithiúnas tábhachtach, a bhain le hidirghabháil a tosaíodh roimh 2018, inár bhfabhar. Bhain an cás le héilimh ar chaillteanais trádála agus mar thoradh ar sin, gineadh caillteanas trádála bréagach a d'úsáid an cáiníocóir ansin i gcoinne foinsí ioncaim eile sa bhliain chun a ndliteanas cánach a laghdú. D'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim cur i gcoinne na scéime ag an CAC agus ag an Ard-Chúirt araon roimh bhreithiúnas na Cúirte Achomhairc agus, amhail an 31 Márta 2024, shocraigh 53 den 231 cáiníocóir a bhí páirteach sa scéim a n-achomhairc a raibh dliteanais €7.5 milliún orthu, lena n-áirítear €2.5 milliún in ús agus pionóis.

Is cuid lárnach dár gcreat oibre foriomlán comhlíontachta ná an **imghabháil eischósta a shainaitheint**, díriú uirthi agus aghaidh a thabhairt uirthi. Tá ár gcuid oibre chun iad siúd a rinne iarracht cuntais, struchtúir nó sócmhainní eischósta a úsáid chun a n-oibleagáidí cánach a sheachaint tacaithe ag tabhairt isteach raon forálacha reachtacha, lena gcuimsítear bearta frithsheachanta spriocdhírthe agus sonracha éagsúla lena n-áirítear an **Rial Ghinearálta um Fhrithsheachaint**. Bainimid an úsáid is fearr freisin as an raon iomlán cumhachtaí reachtúla agus líonraí sonraí atá ar fáil dúinn chun faisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais agus ó thríú páirtithe, chomh maith le EOI le dlínsí eile.

Bhí baint ghníomhach againn freisin le forbairt na gcóras, na struchtúr agus na líonraí a theastaíonn chun léiriú praiticiúil a thabhairt ar chomhoibriú idirnáisiúnta sa réimse seo, agus táimid go hiomlán rannpháirteach leis an Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach (FATCA), ar comhaontú comhroinnte faisnéise é idir Éirinn agus Meiriceá. In 2023, chuireamar tuilleadh idirghabhálacha i gcrích maidir le cásanna a roghnaíodh trí úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas faoin FATCA agus bhí €438,215 mar thoradh ar na cásanna seo, lena áiríodh os cionn €172,000 in ús agus pionóis.

Cuireann tionscnaimh éagsúla DAC agus Comhthuairisciú Caighdeánach, rochtain ar fáil do riaracháin chánach, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ar an-chuid fhaisnéis faoi shócmhainní eischósta agus ioncam a gcónaitheoirí. Tá an t-athbhreithniú ar fhaisnéis a fhaightear faoi na bearta seo ina chuid lárnach dár bpróisis próifílithe agus measúnaithe riosca.

Déanaimid imscrúdaithe ina aimsímid cásanna **d'imghabháil agus calaois thromchúiseach cánach agus dleachta**, ag iarraidh na smachtbhannaí dlíthiúla iomlána atá ar fáil a chur i bhfeidhm, chun tromchúis na himghabhála atá i gceist a léiriú.

In 2023, chuireamar naoi gcás d'imghabháil thromchúiseach amhrasta faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun imeachtaí coiriúla a bhreithniú. Sa tréimhse chéanna d'ordaigh an SIP imeachtaí coiriúla a thionscnamh i 13 chás.

Ina theannta sin, daingníodh an 21 ciontú seo a leanas as imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta os comhair na gcúirteanna.

- 13 ciontú i leith cionta tromchúiseacha cánach, ar gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir 12 mhí agus trí bliana (ar fionraí go hiomlán) ina leith i naoi gcás, agus gearradh idir 180 agus 240 uair an chloig de sheirbhís phobail in ionad pianbhreitheanna coimeádta i dtrí chás. Gearradh fineálacha iomlána €30,200 i gcúig chás.
- Ocht gciontú i gcionta tromchúiseacha dleachta, ar gearradh pianbhreitheanna coimeádta idir dhá mhí agus dhá bhliain orthu i gcúig chás (cuireadh ceithre cinn díobh ar fionraí go hiomlán agus cuireadh ceann amháin díobh ar fionraí go páirteach) agus 240 uair an chloig seirbhíse pobail, in ionad pianbhreithe coimeádta, i gcás amháin. Gearradh fineálacha iomlána €27,700 i gcúig chás.

Ag deireadh 2023, bhí 20 cás d'imghabháil thromchúiseach nó de chalaouis á n-imscrúdú agus tá 36 cás eile os comhair na gcúirteanna faoi láthair (Tábla 22).

Bailiú Fiachais

Tá cur chuige saincheaptha againn maidir le bailiú fiachais, a léiríonn struchtúr deighilte cásbhainistíochta ár mbonn cásanna. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas a bheith sofhreagrúil maidir le hiompar cáiníocóirí agus cuireann sé solúbthacht níos fearr ar fáil ó thaobh ár n-acmhainní bainistíochta fiachais a chomhoiriúnú chun cur i gcoinne riosca bailithe cánach.

Tréimhse an-chorraitheach agus eisceachtúil a bhí ann le ceithre bliana anuas inar cuireadh ár ngníomhaíocht forfheidhmithe ar fionraí ar feadh tréimhse fada ama. Tá sé seo tar éis tionchar a imirt ar thráthúlacht na híocaíochta agus ar leibhéal an fhiachais. Ag deireadh 2019, b'ionann an fiachas a bhí ar fáil lena bhailiú agus €0.9 billiún i gcomparáid le €1.4 billiún ag deireadh 2023. Tá ár gcóras **DMS**, a d'fhorbraíomar in 2019, dírithe go hiomlán anois ar na dliteanais amuigh seo.

Tá a fhios againn, áfach, go bhféadfadh cúinsí a bheith ann ina bhféadfadh deacrachtaí sealadacha sreafa airgid a bheith ag cáiníocóirí nó ag gnóthaí a mbeadh tionchar acu ar a gcumas a n-oibleagáidí cánach leanúnacha a chomhlíonadh ar bhonn tráthúil. Sa chás go mbíonn sé deacair ar ghnóthaí nó ar cháiníocóirí a ndualgais íocaíochta cánach reatha a chomhlíonadh, is é an cur chuige is fearr, agus a bhí fíor i gcónaí, ná gur chóir dul i dteagmháil linn a luaithe a thosaíonn deacrachtaí den sórt sin ag teacht chun cinn ionas gur féidir teacht ar réiteach comhaontaithe.

Tá cuntas teiste cruthaithe againn maidir le socruithe íocaíochta solúbtha a chomhaontú, a chuireann cúinsí airgeadais san áireamh i ngach cás maidir lena gcumas íocaíocht a dhéanamh. Ní chuirfidh muid tús le himeachtaí forfheidhmithe a thionscnamh i gcásanna ina bhfuil **rannpháirtíocht fhiúntach** ón gcáiníocóir, agus déanaimid gach iarracht dul i dteagmháil le cáiníocóirí sula dtosóimid ar ghníomh forfheidhmiúcháin.

Is fógrapháirtí muid do gach **Scrúdaitheoireacht**, agus nuair a bhíonn ár seasamh ar thogra á chinneadh againn, déanaimid iniúchadh ar an ionchas réasúnta go mairfidh an chuideachta agus breithnímid leas na gcreidiúnaithe go léir, lena n-áirítear fostaithe. Is rannpháirtí cuiditheach muid sa **SCARP** freisin. As 32 cás a tíolacadh in 2023, roghnaigh muid 27.

Déileálaimid le gach cás aonair ar a thuillteanas féin, agus go ginearálta tacaíonn muid le cás nó le hiarratas chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh mura bhfuil neamhchomhlíontacht le hAchtanna Cánacha i gceist nó má tá faisnéis neamhiomlán curtha ar fáil ag an gcuideachta nó faisnéis nach bhfuil ag teacht le faisnéis na gCoimisinéirí Ioncaim. Sa chás gur tíolacadh tuairisceáin cothrom le dáta, tá comhaontú ann maidir leis na dliteanais amuigh, tá rannpháirtíocht dhearfach agus nochtadh iomlán ar shócmhainní agus ar dhliteanais, beimid go hiomlán rannpháirteach de réir aidhmeanna na reachtaíochta.

Scéim Stórasaithe Fiachais

Le linn 2023, leanamar ar aghaidh ag tacú le gnóthaí a bhain leas as an SSF chun a chinntiú gur chomhlíon siad coinníollacha na scéime agus gur choinnigh siad a príomhbhuntaistí, lena n-áirítear páirceáil leanúnach an fhiachais ag an ráta úis stórasaithe laghdaithe de 3% (i gcomparáid leis an gcaighdeán 8%/10%), agus íocaíocht an fhiachais stórasaithe a iarchur go dtí an 1 Bealtaine 2024. I mí Feabhra 2024, d'fhógair an tAire Airgeadais, Michael McGrath T.D., feabhsú suntasach eile ar an scéim, trínar laghdaíodh an ráta úis 3% a bhain le fiachas stórasaithe go 0%.

Chuireamar tús le feachtais for-rochtana spriocdhírthe do ghnóthaí a bhfuil fiachas ar ardluach acu sa stóras chun a bpleananna íocaíochta a phlé agus chun comhairle a thabhairt maidir leis na roghanna íocaíochta atá ar fáil chun a bhfiachas a íoc, lena n-áirítear socruithe íocaíochta solúbtha atá curtha in oiriúint dá gcúinsí aonair. D'oibríomar freisin le grúpaí tionscail de chuid na hearnála chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thagann chun cinn do ghnóthaí ina n-earnálacha ar leith. Leanann an obair seo ar aghaidh go dtí 2024, agus reáchtáladh roinnt seimineár gréasáin agus imeachtaí eolais roimh an 1 Bealtaine 2024.

Ní gá do ghnóthaí a bhfiachas stórasaithe ar fad a íoc faoin 1 Bealtaine 2024. Roimh an dáta sin, áfach, táthar ag súil go rachaidh siad i dteagmháil go fóinteach le Rannóg na nArd-Bhailitheoirí chun plean a aontú maidir leis an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an bhfiachas. Nuair is gá, is féidir le gnóthaí Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí (ST) saincheaptha a chomhaontú chun a bhfiachas stórasaithe a íoc thar thréimhse ama chomhaontaithe. Tá raon solúbthachtaí mar chuid den áis ST, go háirithe maidir le suim na híocaíochta tosaigh chun an ST agus thréimhse an tsocraithe a ghníomhachtú, chun comhaontú plean íocaíochta saincheaptha a éascú agus chun freastal ar chúinsí sonracha gach gnó.

In 2023, mar bheart simplithe chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthaí a mhaolú, leasaíomar na tairseacha chun doiciméid tacaíochta a uaslódáil agus iarratas á dhéanamh ar ST. Roimhe seo, i gcás suimeanna níos mó ná €5,000, bhí gá le doiciméid tacaíochta i bhfoirm ráitis bhainc sé mhí agus réamhaisnéisí sreafa airgid, chomh maith le cuntais bhainistíochta le haghaidh suimeanna níos mó ná €100,000. Rinneadh na tairseacha seo a chuíchóiriú, agus mar a sheasann sé, is tairseach amháin de €50,000 atá i bhfeidhm sula mbeidh aon cháipéisíocht tacaíochta ag teastáil.

Príomhbheart inmharthanachta gnó é dliteanais reatha a íoc, agus tá sé fós ina phríomhchoinníoll den scéim go ndéantar cánacha reatha a thíolacadh agus a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithnímid go bhfuil deacrachtaí sealadacha sreafa airgid ag roinnt gnóthaí go fóill a mbíonn tionchar acu ar a gcumas oibleagáidí cánach a chomhlíonadh ar bhonn tráthúil, agus tá sé rithábhachtach go dtéann gnóthaí a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir. Mar is gnách, i gcás ina bhfuil rannpháirtíocht fhiúntach ann, oibreoidimid le gnóthaí inmharthana chun socruithe íocaíochta atá inghlactha go frithpháirteach a chomhaontú, seachas roghanna forfheidhmiúcháin a úsáid.

Comhoibriú

Comhoibrímid go héifeachtach le raon leathan Ranna agus gníomhaireachtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun imghabháil cánach de gach cineál a chomhrac, lena n-áirítear calaois, smuigleáil agus cineálacha eile coiriúlachta agus chun tacú le cuspóirí trádála agus rialála dlísteanacha agus iad a éascú. Tá samplaí, seachas liosta uileghabhálach, dár gcomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta leagtha amach thíos.

Samplaí dár gComhoibríthe Náisiúnta

Tá ról rithábhachtach againn mar chuid den fhreagra náisiúnta aghaidh a thabhairt ar thrádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe. Chuige sin:

- Oibrímid go han-dlúth leis an nGarda Síochána, leis an CAB, leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis na Fórsaí Cosanta, ag soláthar tacaíocht oibríochta, faisnéise agus ábhartha frithpháirteach, agus 17 ball foirne tugtha ar iasacht don CAB.
- Glacann muid páirt san Fhóram Maoirseachta ar Dhruaí, atá faoi threoir na Roinne Sláinte, agus a dhéanann maoirsiú ar fheidhmiú “Straitéis Náisiúnta an Rialtais maidir le

Drugáí 2017–2025”.

- Comhoibrímid le DSPCA agus le gníomhaireachtaí eile maidir le trádáil mhídhleathach ainmhithe.
- Déanaimid comhordú ar fhorfheidhmiú agus ar thascradh earraí agus táirgí toirmisceithe agus srianta thar ceann ár gcomhghleacaithe sa RTBM, in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, RFTF, an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.
- Oibrímid freisin le raon leathan údaráis inniúla náisiúnta, amhail an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta chun a chinntiú nach gcuireann táirgí atá ceaptha do mhargadh an AE tomhaltóirí ná oibrithe i mbaol, agus nach mbeidh tionchar ag táirgí iompórtáilte ar leasanna eile an phobail amhail an comhshaoil, slándáil agus trádáil chóir.

Déanaimid ár gcuid ag tacú le trádáil dhlisteanach le go mbogfadh is go n-oibreodh sé chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir, agus ag an am céanna riosca comhlíontachta a bhainistiú go héifeachtach agus dul i ngleic le trádáil neamhdhlisteanach. Sa gcomhthéacs sin:

- Roinnimid sonraí fíor-ama go córasach leis an RTBM agus le FSS araon maidir le coinsíneachtaí isteach atá le teacht isteach sa Stát. Éascaíonn sé seo sreabhadh éifeachtúil earraí trínár gcalafoirt agus aerfoirt ó thríú tíortha.
- Oibrímid i gcomhpháirt leis an RTBM, le Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le FSS ar an Scéim Táscaire Gheografaigh don Fhuisce agus don Phoitín Éireannach.
- Comhoibrímid leis an Údarás Slándála Príobháidí chun faisnéis a mhalartú, de réir an Achta um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004, agus an ACC, 1997 chun tacú le rialú an tionscail slándála príobháidí.
- Oibrímid le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le dul i ngleic le neamhchomhlíonadh maidir le dramhaíl comhshaoil.
- Oibrímid go dlúth leis an Údarás Forfheidhmithe Corparáidí, ag malartú faisnéise chun cabhrú le dlí na gcuideachtaí agus reachtaíocht chánach a fhorfheidhmiú, agus tá Oifigeach Idirchaidrimh na gCoimisinéirí loncaim bunaithe faoi Mheamram Gealltanais sínithe.

Oibrímid go dlúth freisin le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus le raon gníomhaireachtaí eile chun faisnéis riosca maidir le gluaiseachtaí paisinéirí a bhailiú agus a scaipeadh trí Aonad Faisnéise Paisinéirí na hÉireann.

Samplaí dár gComhoibrithe Idirnáisiúnta

Oibrímid go dlúth le go leor comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta chun dul i ngleic le bagairtí tromchúiseacha agus eagraithe coireachta ag an bhfoinse. I ndáil leis sin:

- Tá oifigigh tugtha ar iasacht againn do EUROPOL sa Háig, d’Ambasáid na hÉireann sa Ríocht Aontaithe (RA) don MAOC-N i Liospóin agus Buanionadaíocht na hÉireann atá lonnaithe sa Bhruiséil.
- Oibríonn muid go dlúth le HMRC agus le gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú dlí i dTuaisceart Éireann.
- Oibrímid le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), leis an nGarda Síochána, le HMRC, leis an CAB, agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Coireachta chun tús áite a thabhairt do réimse na calaoise fíoscacha trí Thascfhórsa Idirghníomhaireachta trasdlínse a bunaíodh faoin gComhaontú um Thús Nua.

- Is príomhpháirtithe muid ag an gComhdháil Bhliantúil um Choiriúlacht Trasteorann, imeacht chomhoibríoch idir ionadaithe ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus eagraíochtaí gaolmhara i réimse an chomhraic in aghaidh na coiriúlachta eagraithe ar dhá thaobh den teorainn.
- Tá muid ag leanúint orainn de bheith i mbun caidrimh le Coimisiún an AE agus le Ballstáit eile AE ar fheidhmiú leanúnach na gcóras Inrianaitheachta agus Gnéithe Slándála do tháirgí tobac, mar a iarrtar faoi dhlí an AE.

Glacaimid páirt freisin i Meitheal an AE um Fhorfheidhmiú an Dlí (Custaim) agus glacaimid páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí an EDC chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann le calaois agus smuigleáil.

Coimisiún Beartais na hEagraíochta Domhanda Custaim

Is í an EDC maor na gcaighdeán custaim idirnáisiúnta agus aithnítear í freisin mar ghuth an phobail chustaim dhomhanda, ag cabhrú le riaracháin chustaim chun rialuithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus trádáil dhlísteanach a éascú go héifeachtúil ag an am céanna. Oibríonn an EDC i gcomhar le riaracháin chustaim lena n-áirítear Éirinn, agus cuireann sí fóram ar fáil le haghaidh idirphlé agus malartú taithí idir údaráis na mBallstát.

An 1 Iúil 2023, ghlac Éirinn suíochán ar Choimisiún Beartais an EDC ar feadh téarma dhá bhliain. Pléann an Coimisiún Beartais le ceisteanna leathana beartais a bhaineann le gníomhaíochtaí an EDC agus cuireann sé tús le staidéir ar bheartais, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta an EDC, agus é mar chuspóir aige cabhrú leis an gComhairle um Chomhar Custam (an Chomhairle) aidhmeanna leathana a cuid gníomhaíochtaí a bhaint amach.

Mar chuid dár ról ar an gCoimisiún Beartais, cuirimid leis an dá scrúdú ar cheisteanna beartais a chuireann an Chomhairle ar aghaidh agus déanaimid moltaí ina leith, agus réamhscrúdú agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn ar Phlean Straitéiseach an EDC.

Tá ballraíocht an Choimisiúin Beartais teoranta do líon sonrach Comhaltaí den EDC agus tá áthas orainn an deis a bheith againn fónamh ar an gCoimisiún Beartais, go háirithe le linn bhliain ár gcomórtha céad bliain.

Cuirimid go gníomhach le raon leathan grúpaí oibre agus tionscnamh ECFE. Mar shampla:

- Táimid ina gcomhaltaí gníomhacha de Chomhthascfhórsa Idirnáisiúnta an ECFE ar Faisnéise agus Comhoibriú Comhroinnte a thugann le chéile 42 de riaracháin náisiúnta cánach an domhain atá tiomanta do bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun déileáil le seachaint cánach. Cuireann an tionscnamh seo ardán ar fáil chun cur ar chumas a chomhaltaí comhoibriú go gníomhach laistigh de chreat dlíthiúil coinbhinsiúin éifeachtacha déthaobhacha agus iltaobhacha agus Comhaontuithe Malartaithe Faisnéise Cánach chun a dtaithe, a n-acmhainní agus a saineolas a roinnt chun dul i ngleic leis na saincheisteanna coiteanna atá rompu.
- Glacaimid páirt i gClár Idirnáisiúnta um Dhearbhú Comhlíontachta an ECFE agus i gCur Chuige Iontaobhais agus Comhair na hEorpa de chuid an AE a bhfuil an dá cheann acu dírithe ar rannpháirtíochtaí iltaobhacha agus comhlíonadh cánach deonach a chur chun cinn ar bhonn comhoibritheach idir MNEs agus riaracháin chánach sna dlínsí ina n-oibríonn siad.
- Is ball ghníomhach muid d'Fhóram ECFE ar Riarachán Cánachais (FRC) agus ghlacamar páirt ar an gcoiste eagrúcháin don chomhdháil anailísíochta Pobal Leasa san Iorua i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ghlac 24 riarachán cánach ar fud an domhain páirt sa chomhdháil seo a chuir samplaí i láthair den úsáid a bhaineann siad as anailísíocht chun comhlíontacht a fheabhsú, agus imghabháil cánach a bhrath agus aghaidh a thabhairt air.

Chomh maith leis sin, is ball tiomanta agus gníomhach muid den **tionscnamh Cruinniú Mullaigh AE um Riarachán Cánach**, lena dtugtar oifigigh shinsearacha ó Bhallstáit an AE le chéile chun comhoibriú riaracháin éifeachtach a chothú agus chun an úsáid is fearr a bhaint as cláir roinnte faisnéise an Aontais.

In 2023, chuir muid ár gcuspóir chun cinn maidir le bheith ag obair i gcomhar le tíortha beagfhorbartha chun éifeachtacht a riaracháin cánach agus custam a fheabhsú. Déantar an obair seo i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha (Cúnamh Éireann) agus leis an Roinn Airgeadais, mar chuid de bheartas um fhorbairt thar lear na hÉireann "Domhan Níos Fearr",

Is é aidhm na hoibre seo ná chun ranníocaíocht na gcánacha agus na ndleachtanna a mhéadú, i gcomparáid le cabhair, mar fhoinsé maoinithe do na tíortha i mbéal forbartha lena mbaineann. Tacaíonn sé seo le tíortha a bhfuil clár oibre agus spriocanna maidir le Slógadh Acmhainní Intíre acu. Déanaimid iarracht saineolas sonrach ó laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim a mheaitseáil leis na tosaíochtaí atá aitheanta ag tíortha comhpháirtíochta, d'fhonn a gcumas riaracháin cánach agus custam a fhorbairt nó a neartú sna príomhréimsí seo.

Chun tacú leis an obair seo, glacann muid páirt ghníomhach i líonraí idirnáisiúnta ar nós Líonra Fothaithe Acmhainní an ECFE. Táimid ag obair faoi láthair le tíortha san Afraic, san Áise agus sa Mhuir Chairib agus le linn 2023 chuamar i dteagmháil le comhpháirtithe forbartha ar mhórthionscadal athchóirithe CBL agus Máil. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná gur thug saineolaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim cuairteanna pearsanta ar an dlínse chomhpháirtíochta, gur eagraíodh ceardlanna teicniúla agus go raibh ionchur acu i dtuairiscí diagnóiseacha le torthaí agus moltaí. D'óstáil muid cuairteanna staidéir pearsanta agus seimineáir ghréasáin ar líne le roinnt dlínsí comhpháirtíochta freisin, agus muid ag leanúint lenár gcumas déthaobhach a fhorbairt chun caidrimh a neartú.

Tá taithí luachmhar faighte ag ár bhfoireann agus bhaineamar tairbhe as na caidrimh sin, agus táimid tiomanta don méid a chuireann muid le hobair forbartha thar lear na hÉireann a threisiú.

Ár nDaoine, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

Líon Foirne 2023



1,016 Ball foirne ceaptha trí earcaíocht

7,033 Buanfhoireann ag deireadh na bliana

Éagsúlacht, Uilechuimsitheacht agus Folláine



Revenue

Aithníonn muid agus tá meas againn ar an éagsúlacht agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú.

Revenue



Tacaíonn ár gclár folláine “RevWell” lenár bhfoireann aire a thabhairt dá sláinte.

Oiliúint & Forbairt




39,542 lá oiliúna curtha ar fáil don fhoireann

102 Cáilíochtaí 3ú leibhéal OL bronnta

236 Cáilíochtaí gairmiúla cánach ITI bronnta

Cothromaíocht Inscne - Baineannaigh ag Leibhéil Bhainistíochta



50% Rúnaí Cúnta agus Bord

63% Príomhoifigeach

56% Príomhoifigeach Cúnta

56% Oifigeach Riaracháin / Ardoifigeach Feidhmiúcháin

61% Is mná iad 61% d’fhoireann uile na gCoimisinéirí Ioncaim

Deimhniúchán Inmheánach Theicneolaíocht Faisnéise



ISO 27001 Deimhniúchán Bhainistíocht na Slándála TF

ISO 22301 Deimhniúchán TF

ISO 20000 Bainistíocht Seirbhíse TF

ISO 29119 Innealtóireacht Bogearraí agus Córais TF

Ár nDaoine, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

Is eagraíocht mhór muid le beagán os cionn 7,000 ball foirne i 29 láthair ar fud na tíre, agus tá ár bhfoireann lárnach sa mhéid a bhaintear amach go rathúil.

Cuirimid sábháilteacht agus folláine ár bhfoireann i gcroílár ár gcur chuige, agus bainimid amach ár bhfís chun a bheith mar fhostóir de rogha trí thimpeallacht oibre dhearfach agus chomhlíontach a chothú trí rannpháirtíocht fhiúntach agus fócas láidir a choinneáil ar fholláine, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Táimid tiomanta i gcónaí do bheith ag forbairt ár gcumas mar eagraíocht, agus chun leanúint ar aghaidh ag infheistiú inár bhfoireann chun na scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus teicniúla a theastaíonn uathu a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eagraíochtúla athraitheacha amach anseo.

Tá ár gcumas leas a bhaint as nuálaíocht i dteicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó mar bhonn agus taca lenár spriocanna a bhaint amach go rathúil. Cuireann sé seo ar ár gcumas freagairt go héifeachtach do na dúshláin atá ann cheana féin agus do na dúshláin atá ag teacht chun cinn, d'athruithe ar iompar cáiníocóirí agus d'athruithe sa timpeallacht ghnó agus eacnamaíoch.

Ní hamháin go bhfuil ár n-éifeachtacht maidir le tacú le comhlíontacht agus dul i ngleic le neamhchomhlíontacht ag brath ar ár n-infheistiú leanúnach inár bhfoireann agus inár dteicneolaíocht, ach brathann sé ar ár n-earcaíocht spriocdhírthe freisin agus ar ár gcultúr láidir rialachais agus cuntasachta éifeachtach. Tá aclaíocht, acmhainneacht agus freagrúlacht ár bhfoireann agus ár struchtúr mar chodanna tábhachtacha freisin do rath agus éifeachtacht ár gcuid oibre.

Tá muid ag leanúint dár struchtúir a fhorbairt, a athrú agus a bheachtú le cinntiú go n-ailínítear ár n-acmhainní le riosca agus go gcuireann muid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíontacht i measc cáiníocóirí.

Comóradh Céad Bliain na gCoimisinéirí Ioncaim

Bunaíodh na Coimisinéirí Ioncaim le hOrdú Rialtais ar an 21 Feabhra 1923, agus rinneadh ceiliúradh ar a chomóradh céad bliain le linn 2023. Baill foirne reatha agus ar scor den chuid is mó, a d'ullmhaigh pleananna chun ár gcomóradh céad bliain a cheiliúradh in 2023, agus mheas siad go raibh sé cuí céad bliain de stair, d'éabhlóid agus de sheirbhís na gCoimisinéirí Ioncaim don Stát a chomóradh.

Reáchtáladh ócáid i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 21 Feabhra 2023, chun bunú na heagraíochta a cheiliúradh.

Ghlac comhghleacaithe ónár bhfoirne forfheidhmithe agus éascaithe trádála páirt i bparáid searmanais ag tús na

hócáide seo, agus sheol an tAire Airgeadais, an tUasal Michael McGrath, T.D., taispeántas stairiúil a léirigh forbairt na gCoimisinéirí Ioncaim le 100 bliain anuas.

Is éard a bhí sa taispeántas ná sraith alt, taispeáintí agus déantáin a léirigh gnéithe dár stair agus an ról atá againn ag bailiú cánacha agus na dleachtanna dlite don Stát go cothrom agus go héifeachtúil. Is ó Mhúsaem na gCoimisinéirí Ioncaim a tháinig an chuid is mó de na déantáin. Ó shin leith, tugadh an taispeántas chuig oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fud na tíre ionas go bhféadfadh baill foirne reatha agus iad siúd atá ar scor é a fheiceáil.

Thug an taispeántas deis dár bhfoireann ardbhainistíochta, in éineacht le baill foirne reatha agus comhghleacaithe ar scor ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim, bualadh le chéile agus gnóthachtálacha na heagraíochta a cheiliúradh, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan gairmiúlacht, dúthracht agus tiomantas ár bhfoirne thar na blianta.

Tháinig an taispeántas chun críche i mí Feabhra 2024 agus aistríodh go foirmiúil é ó shin chuig Músaem na gCoimisinéirí Ioncaim, atá lonnaithe i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Tá cead isteach chuig Músaem na gCoimisinéirí Ioncaim saor in aisce don phobal.



Bord na gCoimisinéirí Ioncaim leis an Aire Airgeadais, Michael McGrath T.D.



Baill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim ag glacadh páirte sa pharáid searmanais

Ár bhFoireann

Tá solúbthacht, athléimneacht agus gairmiúlacht ár mball foirne ríthábhachtach do gach rud a bhainimid amach. Ag deireadh 2023, bhí 7,033 ball foirne buan ag obair sna Coimisinéirí Ioncaim, arb ionann é agus 6,843 coibhéis lánaimseartha.

Bainimid úsáid as **earcaíocht spriocdhírthe** lena chinntiú go dtógaimid agus go gcoimeádaimid acmhainn inmheánach, tallann agus ceannaireacht agus go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta againn inár bhfoirne. Le linn 2023, cheap muid 1,016 ball foirne ag gach grád ó chomórtais earcaíochta oscailte agus inmheánaí, idir-rannacha agus ó chomórtais an Choiste Bainistíochta Ardleibhéil (TLAC).

| Ról | Líon |
|----------------------------|------|
| Rúnaí Cúnta | 2 |
| Príomhoifigeach | 10 |
| Aturnae - Príomhoifigeach | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 60 |
| Aturnae | 10 |
| Oifigeach Riaracháin | 64 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 131 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 283 |
| Oifigeach Cléireachais | 454 |
| Oifigeach Seirbhísí | 1 |

Ina theannta sin, bhain 90 ball foirne leas as soghluaisteacht ó phost go chéile le linn 2023. I measc na ngluaiseachtaí bhí 2 Phríomhoifigeach Cúnta, 2 Oifigeach Riaracháin, 15 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 30 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 41 Oifigeach Cléireachais.

Táimid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt dár bhfoireann agus iad a chumasú chun feidhmiú ar an leibhéal is airde, agus chun a chinntiú go bhfanfaidh ár bhfoireann, agus ár struchtúir, inoiriúnaithe agus solúbtha. Le linn 2023, cuireadh breis agus **39,542 lá oiliúna** ar fáil d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim (Tábla 24). Áirítear leis seo:

- réimse cuimsitheach **clár forbartha scileanna agus cumais** chun ceannaireacht, bainistíocht agus scileanna boga ár bhfoirne a fheabhsú, agus
- **clár oiliúna teicniúla cánach agus custam** riachtanas-bhunaithe a chuirtear ar fáil trí chlár atá creidiúnaithe go seachtrach agus trí mhodúil oiliúna neamhspleácha inmheánacha araon.

Leanann Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag forbairt agus ag leathnú an réimse tacaíochtaí oiliúna atá ar fáil dár bhfoireann, ag baint úsáid as meascán de ríomhfhoghlaim féinbhainistithe, ábhar oiliúna taifeadta agus ranganna fíorúla agus i bpearsa. Seoladh Clár píolótach um Fhorbairt Ceannaireachta Príomhoifigigh in 2023, inar ghlac 30 PO páirt, agus leanadh ar aghaidh leis an gClár Um Fhorbairt Ceannaireachta Príomhoifigigh Cúnta freisin, agus chuir 95 PC eile tús lena rannpháirtíocht sa chlár in 2023.

Le linn 2023, chláraigh 246 ball foirne lenár **gClár tiomnaithe um Sheirbhís do Chustaiméirí**, ag clúdach modúil i gcánacha pearsanta agus párolla, mar aon le scileanna riachtanacha seirbhíse do chustaiméirí. Tá an clár deartha chun tacú le baill foirne nuacheaptha agus reatha atá sannta do róil seirbhíse do chustaiméirí agus tacaíochta comhlíontachta.

Ina theannta sin:

- Chríochnaigh 80 earcach nua ár gClár Éascaithe Trádála,
- Fuair 129 earcach nua ár n-oiliúint forfheidhmiúcháin, agus
- Chríochnaigh 1,892 ball foirne oiliúint chustaim, mháil agus forfheidhmithe eile i rith 2023.

I mí Lúnasa agus i mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac cuid dár n-oiliúnóirí inmheánacha páirt i seisiúin phraiticiúla oiliúint don oiliúnóir, arna seachadadh ag riaracháin Chustaim na Fionlainne agus na hÍsiltíre. Dhírigh na seisiúin seo ar theicnící scrúdaithe feithiclí agus coimeádáin faoi seach, agus bainfear leas as an méid a foghlaimíodh chun feabhas a chur ar an oiliúint inmheánach a chuirimid ar fáil le linn 2024.



Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ag glacadh páirte san imeacht Oiliúint don Oiliúnóir

Leanann muid dár **gcomhpháirtíochtaí oideachais** láidre le hOllscoil Luimnigh (OL) agus le *Foras Cánachais na hÉireann (FCÉ)* a chothú, a chabhraíonn linn riachtanais forbartha ár bhfoirne a aithint agus a fhreagairt agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil trína bhfeabhsaítear mioneolas teicniúil, scileanna agus gairmiúlacht ár bhfórsa saothair.

In 2023, bhronn Ollscoil Luimnigh **102 cáilíocht tríú leibhéal** ar mhic léinn de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear cáilíochtaí de chuid an Diplóma i Riaracháin Chánach Fheidhmeacha, BA (Onóracha), Teastais Custam agus Máistreacht i Riarachán Gnó. Ina theannta sin, bhronn Foras Cánachais na hÉireann **236 cáilíochtaí gairmiúla cánach** ar ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear Comhairleoir Cánach Cairte, Diplóma sa Cháin, cáilíochtaí Teicneoir Cánach agus Teastais na gCoimisinéirí Ioncaim i mBunphrionsabail Cánach Ioncaim agus Párolla, CBL agus Cánacha Indíreacha Eile, Cánacha Caipitiúla, agus CC (Táblaí 25 agus 26).

Táimid bródúil as an infheistíocht a dhéanann muid inár bhfoireann agus tugatr aitheantas go rialta do na héachtaí a dhéanann siad. Reáchtáiltear searmanas bronnta céime ITI i Halla Uí Raghallaigh, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath gach Samhain, agus is deis é chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí móra ár bhfoirne. Bronntar gradam speisialta freisin ar mhic léinn a fhaigheann na marcanna is airde ina rang.



Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ag freastal ar shearmanas bronnta céime

Suirbhé Foirne 2023

I mí an Mheithimh 2023, rinneamar ár dtríú suirbhé foirne ó 2020, agus an chéad cheann ó tugadh isteach socruithe oibre cumaisc in 2022. Lorg an suirbhé seo tuairimí na foirne ar thopaicí éagsúla, amhail na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le hobair chumaisc, ár gcultúr agus cur chuige i leith folláine, éagsúlachta agus inbhuanaitheachta chomh maith leis an bpróiseas earcaíochta.

Bhí rannpháirtíocht den scoth leis an suirbhé, le 82% den fhoireann ar fad rannpháirteach. Chuir torthaí an tsuirbhé táscairí an-mhaith ar fáil maidir le feidhmíocht poist, sásamh poist, folláine agus sláinte iomlán i measc ár ndaoine.

Léirigh torthaí an tsuirbhé go measann formhór na mball foirne a bhaineann leas as obair chumaisc gur eispéireas dearfach é, agus go bhfuil siad ag dul i dtáithí ar shocruithe oibre reatha ar bhealach maith, agus go mbraitear gur cuid d'fhoireann iad agus go gcuirtear muintín iontu a gcuid oibre a dhéanamh ó chian.

Tá baill foirne spreagtha ag cultúr na heagraíochta, agus mothaíonn siad bainteach lena gcuid oibre. Creideann formhór na foirne go bhfuil ról díreach acu i rath na gCoimisinéirí Ioncaim, agus aontaíonn siad go n-aithnítear agus go bhfuil meas ar an méid a dhéanann siad.

Creideann an fhoireann go bhfuil deiseanna forbartha agus dul chun cinn laistigh den eagraíocht, rud a léirítear le formhór na ndaoine ag aontú go bhfuil dóthain deiseanna foghlama agus uas-scileála ann. Ó thaobh agallaimh agus earcaíochta de, cheap formhór na bhfreagróirí go raibh an taithí a bhí acu le hagallaimh ar líne dearfach agus thug sciar mór díobh le fios gur mhaith leo é sin a fheiceáil mar rogha d'agallaimh amach anseo.

Cuirfidh torthaí an tsuirbhé lenár gcur chuige maidir leis an gcaoi a n-oibrímid amach anseo, agus cinnteoidimid go bhfanfaidh muid mar rogha fostóra.

90%

d'fhreagróirí a dúirt gur áit mhaith oibre é na Comisinéirí Ioncaim

92%

d'fhreagróirí a mothaíonn go bhfuil nasc acu lena gcuid oibre

85%

d'fhreagróirí spreagtha ag cultúr na gCoimisinéirí Ioncaim

Chuir muid ár **gclár Forbartha Pearsanta agus Gairmiúla Leanúnaí** in oiriúint tuilleadh in 2023, chun deiseanna níos fearr a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt inniúlachtaí i dtimpeallacht oibre cumaisc. Rinneadh na cúrsaí atá ann cheana a nuashonrú, agus forbraíodh líon mór cúrsaí nua trí chomhoibriú fairsing tras-Rannóige. Tá roghanna éagsúla maoinithe fós ina thaca breise dár bhfoireann a mbíonn cáilíochtaí aitheanta gairmiúla agus acadúla 3ú leibhéal ina dtoradh orthu.

Táimid tar éis an úsáid a bhainimid as **Córas Bainistíochta 'OneLearning' na Státseirbhíse** a mhéadú, le Rannáin ar fud na gCoimisinéirí loncaim ag dearadh oiliúint shonrach don fhoireann. Áirítear leis seo cúrsa um Fhorbairt Bainistíochta chun cabhrú leis an bhfoireann an ról atá acu ag leibhéal bainistíochta sa Rannán Pearsanta a chomhlíonadh, chomh maith le cúrsa a dhíríonn ar thionchar Chreat Windsor atá ar fáil do gach ball foirne de réir mar a theastaíonn sé uathu. Cuireann na forbairtí seo lenár gcumas oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais leanúnacha ár bhfoireann.

Ag teacht le fíis Athnuachan na Státseirbhíse 2024 chun gairmiúlacht AD a mhéadú sa Státseirbhís, moltar dár bhfoireann a gcumas agus a scileanna i **gcleachtas AD** a fheabhsú. In 2023, bronnadh Teastais ar 10 mball foirne sa Chleachtas Acmhainní Daonna arna mbronnadh ag an bhForas Riaracháin agus an Institiúid Chairte um Fhorbairt Phearsanta.

D'éirigh linn ár **socruithe oibre cumaiscthe** a chur i bhfeidhm go rathúil, agus baineadh an chothromaíocht chuí amach, idir riachtanais ghnó na heagraíochta agus deiseanna dár bhfoireann cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bheith acu. Tá beagnach 5,550 (80%) dár bhfoireann ag baint leasa as socruithe oibre cumaiscthe, agus roghnaigh an 20% eile den fhoireann (thart ar 1,400) gan iarratas a dhéanamh, nó níl siad incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar obair chumaisc, mar gheall ar nádúr an ról atá acu, mar shampla, baill foirne atá ag obair ar fhorfheidhmiú teorann.

Próifílí Foirne

Sarah Sullivan – Oifigeach Cléireachais

Rannóg na gCánacha Gnó

Bhí mé i mo chónaí sa Ríocht Aontaithe ar feadh roinnt blianta agus bhí sé beartaithe agam i gcónaí fillleadh ar Éirinn, mar sin nuair a fógraíodh comórtas d'Oifigigh Chléireachais sa Státseirbhís i mí na Samhna 2020, thapaigh mé an deis. D'éirigh go maith liom sa chomórtas agus bhí mé ar bís ról a ghlacadh in oifig na gCoimisinéirí loncaim san Aonach, Co. Thiobraid Árann, mar bhí a fhios agam nach raibh an oifig i bhfad ó bhaile agus go mbeinn in ann bualadh le comhghleacaithe nua ón gceantar.

Sannadh ról dom ar an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí agus, don chéad chúpla mí, thug mé faoi oiliúint i mBrainse Oiliúna na gCoimisinéirí loncaim mar ullmhúchán don scrúdú i gCáin loncaim CI agus Comhlíontacht Párolla. Bhí an oiliúint a cuireadh ar fáil ar fheabhas agus an-tarraingteach, agus fuair mé deis bualadh le hearcaigh eile a mbeinn ag obair leo gach lá.

Tar éis dúinn ár n-oiliúint a chríochnú, thosaigh an grúpa ag obair go lánaimseartha ar an líne chabhrach. Is éard atá i gceist le mo phost ná go ndéileáiltear le fiosruithe ó fhostóirí agus ó ghníomhairí faoi shaincheisteanna atá acu maidir le párolla a rith. Is féidir leis an obair a bheith dúshlánach uaireanta, ach tá sé suimiúil, agus faighim tacaíocht iontach ó mo chomhghleacaithe agus bainisteoirí.

Is cuid den phobal LGBTQ+ mé agus chuaigh mé isteach i Líonra Foirne LADT+ na gCoimisinéirí loncaim láithreach. Tá mé i mo bhall de choiste stiúrtha an líonra anois agus is iontach an rud é a fheiceáil cé chomh ionchuimsitheach is atá na Coimisinéirí loncaim, agus cé mhéad tacaíochta a thugtar do Pride agus d'imeachtaí LGBTQ+ eile.

Is áit iontach é na Coimisinéirí loncaim le bheith ag obair agus tá deiseanna den scoth ann d'fhorbairt gairme agus chun dul chun cinn a dhéanamh.



Micheál O'Brien – Oifigeach Feidhmiúcháin



An Rannóg Fiontar Meánmhéide

Sular thosaigh mé leis na Coimisinéirí loncaim i Meán Fómhair 2019, d'oibrigh mé i rannóga airgeadais in dhá ospidéal príobháideacha agus d'árachóir sláinte príobháideach. Bhí mé ag tabhairt faoi cháilíocht chuntasaíochta agus bhí mé ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil mar chuid den riachtanas chun mo cháilíocht a chríochnú. Ar chomhairle ó chara a bhí ag obair sna Coimisinéirí loncaim cheana féin, rinne mé iarratas ar ról an Oifigigh Feidhmiúcháin san Aonad Cánach, Iniúcháireachta agus Comhlíontachta.

Nuair a chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim, chláraigh mé don Chlár Iniúchta d'Oiliúnaithe, lena n-áirítear meantóireacht sheachtainiúil. Ar chríochnú na hoiliúna, sannadh mé d'fheidhm iniúchta agus comhlíontachta sa Bhrainse Riaracháin Phoiblí de Rannóg na bhFiontar Meánmhéide sna Coimisinéirí loncaim. Áirítear lenár mbonn cásanna ospidéal phoiblí, FSS agus carthanais.

Déanaim idirghabhálacha comhlíontachta, trí fhaisnéis agus doiciméid a iarraidh chun comhlíontacht cáiníocóirí a fhíorú. Déanaim athbhreithniú agus anailís ar an bhfaisnéis seo agus mé i mbun teagmhála le cáiníocóirí, sula gcinntím an bhfuil gá le gníomh breise nó ar cheart an idirghabháil a dhúnadh. Tá mé i gceannas freisin ar an tionscadal Cuntasaíochta larchurtha maidir le CBL d'oifig na gCoimisinéirí loncaim i dTamhlacht, Co. Bhaile Átha Cliath. Is tionscadal mór é seo lena bhfuil eolas cuimsitheach ar impleachtaí CBL a eascraíonn ó imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Tá an t-ádh orm a bheith mar chuid d'fhoireann agus de bhrainse den scoth a thacaíonn liom mo ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán. Ba bhreá liom leanúint ar aghaidh le m'oiliúint fhoirmiúil agus le m'fhorbairt ghairmiúil, agus cuireann mo ghairm sna Coimisinéirí loncaim neart deiseanna ar fáil dom é sin a dhéanamh.

John Adams – Oifigeach Feidhmiúcháin



An Rannóg Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann

Chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim in 2007 agus thosaigh mé ag obair i bhforfeidhmiú custam agus máil i Luimneach. Sa ról seo, fuair mé taithí luachmhar ar chionta éagsúla a bhrath agus a ionchúiseamh, agus chaith mé tamall ag obair in Aerfort na Sionainne.

Tugadh ardú céime dom mar Oifigeach Feidhmiúcháin in 2017 agus thosaigh mé ag obair san Aonad Scáthgheilleagair do Luimneach agus don Chlár. Mar chuid den obair seo, bhí baint rialta agam le hoibríochtaí idirghníomhaireachta a chuir ar mo chumas caidrimh ghnó a fhorbairt agus a chothabháil le gníomhaireachtaí ar nós an RCS, Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána agus an CCÁO.

In 2022, chuaigh mé isteach san Aonad Muirí, áit ar thug mé faoi shainoiliúint ar Theicnící Marthanais Pearsanta agus d'fhreastail mé ar chúrsa oiliúna rummage in Ionad Náisiúnta Oiliúna Custam na hÍsiltíre.

Mar chuid den aonad seo, chuir mé tacaíocht cuardaigh agus tarrthála ar fáil don RNLI agus do Gharda Cóta na hÉireann, agus d'óstáil mé Seirbhísí Custam eile a bhí ag gabháil do mhisin agus ag roinnt faisnéise. Bhí baint agam freisin le hoibríocht a raibh luach €21 milliún de chócaon urghabháil mar thoradh air i gCalafort Fhainge, Co. Luimnigh. San oibríocht seo, braitheadh thart ar 300kg de chócaon ar bord an árthaigh bulclasta, an MV Verila.

Thug na róil éagsúla a bhí agam i mo ghairm go dtí seo go leor deiseanna spreagúla agus éagsúla dom a shíneann i bhfad níos faide ná gnáthlá oibre, agus cuireann sé cosán gairme spreagúil ar fáil le roghanna d'fhorbairt gairme.

Judith Christie – Ardoifigeach Feidhmiúcháin



Rannóg na gCánacha Pearsanta

Sular thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim, bhí mé i mo Bhainisteoir Tráchtála Deireadh Seachtaine agus i mo Stiúrthóir ar an mBord Pinsean le heintiteas mór miondíola. Tar éis iomarcaíochta a fháil, rinne mé iarratas tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) ar ról mar Oifigeach Riaracháin sa Státseirbhís. D'éirigh liom sa chomórtas seo agus thosiagh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2019.

Mar gheall ar mo chúltra bainistíochta daoine, bhronn na Coimisinéirí Ioncaim áit orm ar Dhioplóma Leibhéal 7 i mBainistíocht Daoine Straitéiseacha, rud a thaitin go mór liom agus a chríochnaigh mé i mí Eanáir 2023.

Cé go bhfuil cuid mhór de mo chuid oibre bainteach le ÍMAT agus leis an scéim 'Cabhair le Ceannach', is Oifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, Oifigeach Imscrúduithe Acmhainní Daonna agus Cathaoirleach ar an gCoiste Comhpháirtíochta Rannáin mé freisin. Bhí an deis agam freisin a bheith mar chuid de ghrúpa oibre don Bhord Straitéise um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus bhain mé taitneamh as an méid a bhí i gceist leis sin.

É sin ráite, is é an ról is mó a thaitin liom go dtí seo ná an deis a bhí agam páirt a ghlacadh in imeachtaí for-rochtana éagsúla, lena n-áirítear freastal ar imeachtaí náisiúnta cosúil leis an gComórtas Treabhdóireachta agus imeachtaí áitiúla ag Dún Uí Choileáin agus bunáit Chabhlaigh Inis Sionnach. Bhí baint agam freisin le clár oideachais a fhorbairt do scoláirí idirbhliana in 2023. Is éard a bhí i gceist leis seo ná oibriú le roinnt comhghleacaithe ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim, an RCS agus na hearnála oideachais.

Dá bhrí sin, tá mo chonair ghairme éagsúil agus athraíonn sé i gcónaí ar bhealach dearfach.

Noreen Collins - Príomhoifigeach Cúnta



Rannóg Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim

Chuaigh mé isteach sa Státseirbhís mar Oifigeach Cléireachais den chéad uair in 2006, agus chaith mé os cionn 10 mbliana ag obair sa rannóg dlí sibhialta den Gharda Síochána, agus cháiligh mé mar dhlíodóir le linn dom a bheith ansin in 2017. Bhog mé ansin go dtí na Coimisinéirí Ioncaim, nuair a fuair mé ardú céime mar Phríomhoifigeach Cúnta in 2019. Ó shin i leith, táim tar éis a bheith mar chuid den Fhoireann Ionchúiseamh Coiriúil agus den Fhoireann Tráchtála agus Dlíthíochta laistigh de Rannóg Dhlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá an obair i Rannóg Dhlíodóir na gCoimisinéirí Ioncaim an-suimiúil agus éagsúil. Bainistíonn ár Rannóg dlíthíocht a bhaineann le cúrsaí cánach agus custam sna Cúirteanna Dúiche, Cuarda, agus Uaschúirteanna agus sa TAC. Ina theannta sin, cuirimid comhairle dlí ar fáil maidir le cúrsaí casta agus oibríochta éagsúla riaracháin agus rialachais don Bhord agus do chomhghleacaithe i ngach Rannóg de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Fuair mé amach go bhfuil an cultúr sna Coimisinéirí Ioncaim comhoibríoch agus ionchuimsitheach, agus cuirtear leis seo trí thionscnaimh dea-fhorbartha rannpháirtíochta fostaithe. Bhain mé an-tairbhe as a bheith ag obair le comhghleacaithe sna Coimisinéirí Ioncaim a bhfuil taithí acu agus a roinneann a gcuid eolais agus tuisceana ar phrionsabail na Státseirbhíse agus a chuimsíonn esprit de corps na gCoimisinéirí Ioncaim. Is mór an chabhair é sin dom le mo ról laethúil a chomhlíonadh.

Táim buíoch a bheith ag obair in eagraíocht atá ceannródaíoch agus atá oiriúnaitheach agus freagrúil do dheiseanna agus do dhúshláin. Cuidíonn an cultúr seo leis na Coimisinéirí Ioncaim cur go dearfach leis an tsochaí, rud a fhágann gur príomheagraíocht státseirbhíse agus riarachán cánach agus custam atá ann.

Nick Stafford – Príomhoifigeach Cúnta

Rannóg na gCásanna Móra – Daoine Aonair Ardrachmais

Chuaigh mé isteach sa Státseirbhís díreach ón scoil agus d'oibrigh mé i dtrí Roinn Rialtais éagsúla sula ndeachaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim mar Oifigeach Riaracháin in 2015. Roimhe sin, d'éirigh liom cáilíocht ghairmiúil chuntasaíochta a bhaint amach.

Nuair a chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim, d'oibrigh mé i ról comhlíontachta laistigh de Rannóg na gCánacha Gnó ar feadh beagnach sé bliana. Sa ról seo bhí baint agam le hiniúchtaí agus le hobair thionscadail ar fud raon earnálacha. Beidh mé buíoch go deo as an tacaíocht agus eolas a fuair mé ó chomhghleacaithe nuair a chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim mar earcach nua.

I mí Iúil 2021, d'athraigh mé róil agus bhog mé go dtí an An Rannóg Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann, a bhí lonnaithe i Ros Láir, Co. Loch Garman. Bhí an beart seo gearrshaolach gur éirigh liom i gcomórtas an Phríomhoifigigh Chúnta níos lú ná bliain ina dhiaidh sin. Mar sin féin, thaitin an meascán d'obair laistigh agus lasmuigh liom le linn na hama sin, chomh maith le cé chomh héagsúil is a bhí gach uile lá oibre.

Ó mhí an Mhárta 2022 i leith, táim ag obair mar Phríomhoifigeach Cúnta i Rannóg na gCásanna Móra - Daoine Aonair Ardrachmais. Is é an ról atá agam anseo ná seachaint cánach a aithint agus aghaidh a thabhairt air ar fud bhonn cásanna na gCoimisinéirí loncaim. Tá an obair seo éagsúil, suimiúil agus dúshlánach.

Bhí mé sna Coimisinéirí loncaim ar feadh naoi mbliana agus tá go leor athruithe tagtha ar an eagraíocht sa tréimhse sin, rud a léiríonn gur eagrás forásach atá sna Coimisinéirí loncaim. Tá réimse leathan oibre sna Coimisinéirí loncaim, le neart deiseanna chun dul chun cinn a dhéanamh, agus bhain mé tairbhe dhíreach as fócas na gCoimisinéirí loncaim ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne.



Paul Tancred – Príomhoifigeach

An Rannóg Cánachais Idirnáisiúnta

Chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim mar Oifigeach Riaracháin in Aibreán 2015 agus sannadh mé chuig an Brainse Staidrimh agus Taighde Eacnamaíochta i Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí. Ní raibh aon oiliúint fhoirmiúil chánach agam nuair a thosaigh mé ag obair sna Coimisinéirí loncaim agus mar sin bhí áthas orm go bhfuair mé tacaíocht ó na Coimisinéirí loncaim agus mé ag tabhairt faoi cháilíocht mar Chomhairleoir Cánach Cairte ITI.

Fuair mé ardú céime go dtí Príomhoifigeach Cúnta in 2017, áit ar sannadh mé chuig Rannóg na gCánacha Idirnáisiúnta agus d'oibrigh mé ar réimse leathan saincheisteanna beartais. In 2022, tugadh ardú céime dom arís, go dtí Príomhoifigeach, agus d'fhan mé sa Rannóg seo. Mar Phríomhoifigeach Cúnta agus mar Phríomhoifigeach, bhí an t-ádh orm ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag raon fóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear cruinnithe de chuid Grúpa Oibre an AE, cruinnithe an Choimisiúin Eorpach, agus Meithleacha Oibre éagsúla de chuid an ECFE.

D'oibrigh mé go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Airgeadais freisin. Cuimsítear leis sin obair a dhéantar ar ábhair thábhachtacha i dtaca le beartais a bhaineann le tograí, amhail an Cháin ar Sheirbhísí Digiteacha agus an Comhbhonn don Cháin Chorparáide ón gCoimisiún Eorpach. Bhí mé i gcroílár athruithe suntasacha ar cháin idirnáisiúnta freisin, amhail forbairt rialacha Cholún a Dó an ECFE ó thús an phlé coincheapúil. Le déanaí, chabhraigh mé le comhghleacaithe sna Coimisinéirí loncaim agus sa Roinn Airgeadais le cur chun feidhme intíre na hÉireann i leith rialacha Cholún a Dó a chur chun cinn. Tá an obair dúshlánach, ach an-tairbhíúil.

Tá go leor deiseanna iontacha faighte agam le linn mo ghairme sna Coimisinéirí loncaim, agus bainim an-taitneamh as a bheith ag obair le comhghleacaithe iontacha ar fud na gCoimisinéirí loncaim agus na hearnála poiblí i gcoitinne.



Ár gCultúr

Is eagraíocht ardfhreagrach muid a chuireann timpeallacht oibre dhearfach, idirghníomhach agus shásúil ar fáil dár ndaoine. Tá ár **gcroíluachanna** meas, gairmiúlacht, comhoibriú, aclaíocht agus ionracas fite fuaite inár gcultúr, inár n-idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe

agus inár ndéileálacha go léir le cáiníocóirí. Cothaímid oscailteacht agus cuntasacht i ngach rud a dhéanaimid agus tá comhlíontacht lenár ndualgais dhlíthiúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, cosaint sonraí, rúndacht cáiníocóirí, bainistíocht airgeadais agus saoráil faisnéise (SF), i gcroílár an chaoi a n-oibrímid.

Tacaíonn muid lenár mball foirne trí shláinte agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn agus trí dheiseanna forbartha a sholáthar. Tá ár dtiomantas do rannpháirtíocht fostaithe a dhoimhniú ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta mar phríomhthosaíocht i gcónaí, agus oibrímid le chéile i gcur chuige comhpháirtíochta, ag tacú le rannpháirtíocht, nuálaíocht agus ardfeidhmíocht chun ár bhfeabhsú leanúnach a chumasú.

Príomhchuid den rannpháirtíocht seo in 2023 ab ea sraith imeachtaí halla an bhaile a eagraíodh ar fud na tíre i rith na bliana. Thug na himeachtaí seo deis uathúil d'idirphlé oscailte fiúntach idir baill foirne ag gach leibhéal san eagraíocht agus Bord na gCoimisinéirí Ioncaim agus an bhainistíocht shinsearach. Bhí freastal an-mhaith ar na seisiúin seo, agus ghlac os cionn 6,000 ball foirne páirt iontu.

Mar chuid dár dtiomantas dea-shláinte agus folláine a chur chun cinn agus a spreagadh i measc ár bhfoireann, thugamar deis don fhoireann páirt a ghlacadh i **gclár náisiúnta scagthástála**, a thug forléargas cuimsitheach ar a stádas sláinte reatha. Bhí an ráta rannpháirtíochta ard agus bhain os cionn 2,000 ball foirne (beagnach 30%) leas as an gclár.

Thugamar tionscnamh meabhairshláinte isteach i mí Mheán Fómhair freisin, i gcomhar leis an Lá Domhanda um Fhéinmharú a Chosc. Spreagann an tionscnamh “#My15Minutes” baill foirne chun tús áite a thabhairt dá sláinte mheabhrach trí chéimeanna beaga fiúntacha a ghlacadh i dtreo féinchúraim agus sonas. Thairfead an Coimisinéir Harrahill aitheasc ag tacú leis an tionscnamh seo, a bhí ar fáil do gach ball foirne.

Cuireann ár **bPríomhchoiste Comhpháirtíochta** deiseanna ar fáil le plé rialta agus dearfach a dhéanamh chun tacú le agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht fostaithe. Is é an Cathaoirleach a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste agus bíonn an Bord i láthair in éineacht le hionadaithe ón mbainistíocht, ó na ceardchumann agus ón bhfoireann. Le linn 2023, tháinig an Coiste le chéile trí huair agus, trína chuid oibre, lean sé ar aghaidh ag tacú lenár misean, lenár bhfís, lenár gcroíluachanna, agus le baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise (RS).

In 2023, bhunaigh muid dhá **Ghrúpa Dian-Chomhpháirtíochta**, ceann amháin chun cúrsaí nuálaíochta a mheas agus ceann eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na ngrúpaí seo:

- rinne an Grúpa Nuálaíochta iniúchadh ar bhealaí chun cultúr nuálach a fhorbairt agus tacú leis, mar aon le moltaí a dhéanamh maidir leis an mbealach is éifeachtaí an fhís uileghabhálach agus na príomhthosaíochtaí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise agus i “Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí” a bhaint amach, agus
- rinne an Grúpa Rannpháirtíochta Fostaithe athbhreithniú ar an gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe reatha, d'fhonn bealaí a aithint chun luachanna na heagraíochta a leabú tuilleadh san áit oibre atá ag athrú i gcónaí, agus chun cumarsáid agus rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

Cuirfear bailchríoch le hobair an dá Ghrúpa Dian-Chomhpháirtíochta in 2024.

Tá cultúr láidir glactha, ionchuimsitheach agus comhionannais forbartha i measc ár bhfoirne, ag tacú le hindibhidiúlacht agus ag cinntiú go léirítear meas ar **chearta an duine** i dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha araon. Táimid tiomanta i gcónaí lena chinntiú go gcuirtear ár “bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí” i bhfeidhm. Cuirtear oiliúint ar ár bhfoireann nua-earcáithe go léir sa chomhionannas agus san éagsúlacht mar chuid dá n-oiliúint

ionduchtaithe. Tá sainoilúint chearta an duine agus comhionannais forbartha againn freisin do chohórt foirne aonair, ag brath ar nádúr an róil atá acu laistigh den eagraíocht.

Mar fhostóir de níos mó ná 7,000 ball foirne, aithníonn agus cuireann muid fáilte roimh, agus tá meas againn ar an **éagsúlacht** maidir le féiniúlacht ghnéis agus inscne agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Oibríonn ár **Líonra Foirne LADT+** agus ár gcoiste stiúrtha le Ranna eile de chuid na Státseirbhíse chun Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+ ar fud na státseirbhíse na seirbhíse poiblí a fhorbairt, atá ina phríomhchuid den “Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+”.

Mar atá déanta againn le roinnt blianta anuas, thacaíomar arís lenár Líonra Foirne LADT+ le roinnt imeachtaí i rith na bliana agus le mí an Bhróid in 2023. Seo a leanas roinnt samplaí de seo:

- ag glacadh páirte i bparáid Fhéile Bród Bhaile Átha Cliath 2023, in éineacht le Líonraí Foirne eile sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí LADT+ faoin mbratach “Bródúil a bheith ag obair ar son na hÉireann”.
- bratach Bród ar foluain ag ár n-oifigí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus ar fud na tíre,
- ag tacú le Bród 2023 ar ár bpríomhleathanach suíomh idirlín agus ar ár gcainéil meán sóisialta, in éineacht lenár lógó Líonra Foirne LADT+.
- ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta Tras-Infheictheachta le díolachán bÁCála chun airgead a bhailiú d'eagraíocht óige LADT+,
- seisiúin rialta ar líne "Spill The Tea" a óstáil, ag soláthar spás sábháilte don fhoireann chun bualadh le chéile go fíorúil,
- roinnt imeachtaí pearsanta a óstáil i rith na bliana do gach ball foirne, lena n-áirítear turas téamúil ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus
- leanann muid dár leathanach inlíne agus mol teagmhála tiomnaithe bunaithe a úsáid, chun tacú lenár Líonra Foirne LADT+ eolas, acmhainní, piarthacaíocht agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil do bhaill foirne uile.

Léiríonn éisteacht le, agus foghlaim ó, eispéiris agus dearchtaí éagsúla ó fhórsa saothair comhchoiteann nach mbaineann an éagsúlacht le giniúint, le tréithe fisiceacha nó le hinscne amháin, ach go n-áirítear chúlraí sóisialta, eitneacha, cultúrtha agus oideachais leí freisin. Tá sé aitheanta againn le fada go méadaíonn fórsa saothair a dhéanann léiriú níos dlúithe ar an sochaí a ndéanaimid freastal uirthi muinín as an méid a dhéanaimid agus as an gcaoi a ndéanaimid é, agus leanaimid orainn ag úsáid ár gclár earcaíochta chun fórsa saothair éagsúil a thógáil a léiríonn sochaí Éireannach atá comhaimseartha agus ag athrú, a dhaingníonn ár dtiomantas don chomhionannas agus a chabhraíonn linn forbairt le bheith níos fearr ag an méid a dhéanaimid.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'óstáil muid ár dtríú seachtain bhliantúil um **Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú** agus ba é téama na bliana seo ná "Ár n-Uathúlacht a Cheiliúradh". Thug an tionscnamh seo deis do bhaill foirne ar fud na heagraíochta a aithint go bhfuilimid go léir uathúil agus machnamh a dhéanamh ar thábhacht an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe. Chomh maith leis sin, thug sé deis don fhoireann machnamh a dhéanamh ar an ról tábhachtach atá againn go léir chun a chinntiú go mothaíonn ár gcomhghleacaithe, ár bpiaraí agus ár mbainisteoirí uile go bhfuil cuimsiú agus meas orthu. Dhírigh imeachtaí na bliana seo ar ionchur ó chomhghleacaithe ar fud na heagraíochta, agus an Líonra LADT+, a roinn a scéalta uathúla agus a dtaithí saoil, lena n-áirítear:

- iar-Phara-Oilimpeach a labhair faoina gcuid éachtaí go pearsanta sna Parailimpeacha agus go gairmiúil ina ngairm sna Coimisinéirí Ioncaim,

- ball foirne agus a mac a labhair faoi chónaí le huathachas,
- phléigh comhghleacaí atá bodhar an ghairm seo agus an tionchar dearfach a bhí ag na feabhsuithe teicneolaíochta cúnta laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar a ról poist,
- seimineár idirlín ar thaithí saoil daoine óga LADT+ sa lá atá inniu ann, agus
- nuachtlitir ina bhfuil roinnt aighneachtaí ó bhaill foirne ag roinnt eolais faoina gcultúir éagsúla.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne, agus tá muid tiomanta go hiomlán dá chinntiú go leanfar le haon mhíchothromaíochtaí inscne ar féidir aghaidh a thabhairt orthu le bearta laistigh dár smacht. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn ina leith seo le sé bliana anuas agus léirigh ár dTuarascáil ar Bhearna Phá idir na hInscní 2023 go bhfuil 57% de na poist ardbhainistíochta sna Coimisinéirí Ioncaim líonta ag mná faoi láthair, i gcomparáid le 25% in 2016 (Tábla 27). Ina theannta sin, chláraigh muid le bheith mar bhall den "30%+ Club", in 2023. Is feachtas domhanda é an tionscnamh seo faoi stiúir ceannasaithe eagraíochtaí atá i mbun gnímh chun éagsúlacht inscne a mhéadú ag leibhéal na mbord agus na gcoistí feidhmiúcháin.

Chuireamar ceisteanna sonracha freisin inár suirbhé foirne 2023 maidir le hardú céime agus léiríonn na torthaí go bhfuil sé i gceist ag formhór na mban iarratas a dhéanamh ar ardú céime sna 12 mhí amach romhainn, cé gur tosca iad freagrachtaí cúraim, tionchar ar infhaighteacht deiseanna oibre cumaisc agus easpa muiníne chun feidhmiú ag an gcéad leibhéal eile.

Leanfaimid orainn ag dul i ngleic le míchothromaíochtaí inscne inár bhfórsa saothair agus agus scrúdóimid bealaí chun níos mó ban a spreagadh chun smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar ardú céime. Tá roinnt tionscnamh leanúnach ina leith sin leagtha amach thíos:

- a chinntiú go ndéanann boird roghnúcháin atá cothrom ó thaobh inscne de ár bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin go léir,
- oiliúint a chur ar ár mbord roghnúcháin go léir i dteicnící cothroma dea-chleachtas,
- cuirtear oiliúint ar an bhfoireann nua-earcaithe go léir sa chomhionannas agus san éagsúlacht mar chuid dá n-oiliúint ionductaithe,
- seimineár gréasáin athnuachana a thabhairt chun críche, dírithe ar "Beartas na Státseirbhíse um Dhínit san Ionad Oibre", ar ár luachanna agus ar ár gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe,
- ár bhfoireann a spreagadh chun leas a bhaint as deiseanna agus tacaíochtaí foghlama agus forbartha ar feadh an tsaoil,
- béim a leagan ar thionscnaimh shonracha, amhail socruithe beathú cíche agus tacaíochtaí sos míostraithe, atá ar fáil do mhná, agus
- ag obair le taighdeoirí ollscoile ar thionscadal "Call to Lead" in 2024.

Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023

Táimid tiomanta do thimpeallacht cothromais agus cothroime a chinntiú, beag beann ar inscne, agus tacaíocht a chur ar fáil do gach fostaí. Aithníonn muid freisin tiomantas na foirne atá rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí chun cothromas inscne agus éagsúlacht a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.

Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, agus mar chuid den tsraith imeachtaí ag comóradh céad bliain, réachtáladh seimineár gréasáin beo ar an 8 Márta 2023. Ba é téama 2023 ná “#EmbraceEquity” agus rinneadh iniúchadh sa phlé le linn an tseimineáir ghréasáin ar cad a chiallaíonn sé chun glacadh le cothromas, deireadh a chur le bacainní stairiúla a bhíonn ag mná, agus an tionchar a bhí ag athruithe dearfacha le linn a ngairme.

D’oscail an Coimisinéir Ruth Kennedy agus an t-iar-Chathaoirleach Josephine Feehily an plé trí mhachnamh a dhéanamh ar a ngairmeacha beatha agus a dtaithe, le fócas ar na hathruithe sa todhchaí ar mhaith leo a fheiceáil a d’fhéadfadh cabhrú le gairmeacha daoine eile. Ina dhiaidh sin bhí plé painéil bríomhar agus tarraingteach idir an Cathaoirleach Niall Cody agus baill foirne ó gach cearn den eagraíocht.

Phléigh an painéal réimse ábhar tábhachtach lena n-áirítear:

- athruithe dearfacha sna Coimisinéirí loncaim do mhná thar na blianta,
- an chaoi ar tháinig athrú ar dheiseanna do mhná,
- na feabhsuithe ar théarmaí agus coinníollacha oibre do mhná,
- comparáid idir taithe oibre agus deiseanna,
- bacainní reatha agus braite ar dhul chun cinn gairme do mhná, agus
- tuairimí ar céard ba mhaith leis an bpainéal a fheiceáil do thodhchaí na mban laistigh de na Coimisinéirí loncaim.

Bhí an ócáid oscailte do gach ball foirne le freastal ar líne agus d’éirigh go hiontach leis le rannpháirtíocht iontach ó chomhghleacaithe ar fud na gCoimisinéirí loncaim.

Leagtar amach inár **dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide 2022 - 2030** plean na gCoimisinéirí loncaim le haghaidh béim mhéadaithe ar inbhuanaitheacht agus ar chúrsaí comhshaoil ar fud na heagraíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide agus chun ár lorg carbóin a laghdú.

D'oibríomar go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí le linn 2023 chun na deiseanna a chuirtear ar fáil trí obair chumaisc a aithint chun ár lorg carbóin a laghdú, agus tá roinnt foirgneamh fágtha againn anois. Mar thoradh air seo laghdaíodh ár n-astaíochtaí carbóin foriomlána, chomh maith le laghdú ar chostais fuinnimh. Tá obair ar siúl freisin chun Flít na gCoimisinéirí loncaim a bharrfheabhsú, trí bhogadh i dtreo soláthar feithiclí leictreacha.

Tá **Foirne Glasa** bunaithe againn i bhformhór ár n-oifigí freisin. Oibríonn na foirne seo in éineacht lenár bhFoirne Bainistíochta Foirgníochta chun tionscnaimh inbhuanaitheachta a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil agus chun feasacht na foirne a chur chun cinn sa réimse seo, agus bhí ról lárnach acu i gcur i bhfeidhm ár bplean chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú. Mar shampla, fuair ár n-oifig san Aonach gradam le déanaí, tríd an **gclár Cumhacht a Optamú @ an Obair.**, chun an éacht suntasach a bhain le tairseach laghdaithe fuinnimh 50% a bhaint amach a cheiliúradh. Chuaigh oifig an Aonaigh isteach sa chlár seo in 2007 agus idir an dá linn tá insliú déanta ar an áiléir san fhoirgneamh seo, tá na fuinneoga uasghrádaithe agus suiteáladh soilsiú rialaithe braiteora. I measc na n-athruithe eile a cuireadh i bhfeidhm tá uasghrádú ar threalamh ríomhaireachta agus áiseanna priontála comhroinnte.

Reáchtáil muid roinnt comórtas soláthair phoiblí le linn 2023 trí úsáid a bhaint as **creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais**. San iomlán, bhí critéir a bhaineann le soláthar poiblí glas i bhfeidhm in 80% dár gcomórtas soláthair in 2023 agus tá 5 chomórtas soláthair breise a bhfuil critéir ghlasa i bhfeidhm iontu ar siúl faoi láthair. Tá sé mar chuspóir againn critéir ghlasa a chur san áireamh i ngach cearn dár gcomórtas soláthair, i gcomhréir le beartas an Rialtais agus

leanfaimid orainn ag cur feasachta ar chritéir ghlasa chun cinn amach anseo.

I gcomhréir le Ciorclán 1/2020, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN (DPENDR) i leith nósanna imeachta maidir le hastaíochtaí carbóin a bhaineann le haerthaistil oifigiúil a fhritháireamh, bhí dualgas airgeadais €6,911 againn in 2023. Tá an dualgas airgeadais seo díorthaithe ó iomlán astaíochtaí carbóin de bheagnach 314,156 punt, le costas cánach carbóin ábhartha de €48.50 an tonna.

Nuálaíocht

Cuireann ár dtiomantas d'úsáid na teicneolaíochta agus infheistíocht leanúnach inár gcumas teicneolaíochta faisnéise ar ár gcumas réitigh ghnó fhorásacha agus nuálacha a fhorbairt a chuidíonn le héifeachtúlacht agus cáilíocht a chur chun cinn.

Mar luath-ghlacadóir na teicneolaíochta ríomhaireachta, agus i bpáirt le go leor eagraíochtaí aibí, tá roinnt córais oidhreachta againn a bhfuil **nuachóiriú teicniúil** de dhíth orthu. Agus é seo á aithint mar phríomhriosca eagraíochta, leanaimid de chlár Ailtireacht Theicniúil agus Nuachóiriú na gCóras a chur chun cinn chun ár gcórais agus ár dteicneolaíocht bhunúsach a nuachóiriú, lena chinntiú go bhfuil an t-ardán TF agus an cumas againn chun ár bpríomhchlár ghnó a oibriú go héifeachtach.

In 2023, dhírigh ár gclár ar cheithre imirce teicneolaíochta, lena n-áirítear nuachóiriú ar ár bhfeidhmchlár Comhchóras Clárúcháin, roinnt Cruthúnas ar Choincheapanna IS agus Córas Deartha chun an cur chuige maidir le dearadh scáileáin a chaighdeánú ar fud na gcóras. Leis an obair riachtanach seo, cuirfear an t-ardán ar fáil chun cánacha agus dleachtanna breise a nuachóiriú tuilleadh, agus béim á leagan ar uathoibriú próisis, digitiú agus pearsanú seirbhísí, agus muid ag dul i dtreo cánachais nádúrtha.

Chuireamar feabhas freisin ar ár gcóras ÍMAT in 2023, chun obair athardáin na RCS a threisiú. Chuir sé sin ar ár gcumas an t-am a thógtar chun faisnéis i dtaca le híocaíochtaí RCS incháinithe a léiriú inár gcórais a íoslaghdú, agus tháinig feabhas ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil do cháiníocóirí aonair tríd an bpróiseas deireadh bliana a chuíchóiriú.

In 2023, leathnaíomar úsáid teicneolaíochtaí **IS** agus **Próiseála Teanga Nádúrtha** chun 85% de na fiosrúcháin go léir a cuireadh faoi bhráid M'Fhiosruithe a rangú go huathoibríoch. Déanann na forbairtí seo eispéireas an úsáideora a shimpliú trí dheireadh a chur leis an ngá atá ag na cáiníocóirí féin-chatagóiriú a dhéanamh ar a bhfiosrú. Faoin bpróiseas aicmiú uathoibríoch, tá cruinneas an chatagóirithe fiosraithe méadaithe go 97% agus tá laghdú níos mó ná 24 uair an chloig tagtha ar an am foriomlán a thógann sé chun fiosruithe a chur chuig an saineolaí ábhair cuí.

Ligeann ár nOifig Bainistíochta Clár dúinn bainistíocht éifeachtach agus chuntasach a dhéanamh ar thionscadail ghnó atá cumasaithe ag teicneolaíocht na faisnéise, agus lorgaíonn sí deiseanna chun feabhas leanúnach a chur i gcrích sa réimse sin. Tugann Boird Thionscadail agus Coistí Stiúrtha treoir agus tacaíocht chun na tionscadail seo a sheachadadh, rud a chinntíonn cinnteoireacht tráthúil, chomh maith le bainistíocht agus maolú ar na fadhbanna agus rioscaí a thagann aníos. Leanfar leis an obair seo in 2024.

Láimhseálann ár gcórais chustaim líon idirbheart atá ag dul i méid i gcónaí, agus le linn 2023 láimhseáil ár gCóras Iompórtála Uathoibríoch (CIU) os cionn 76 milliún teachtaireacht, le buaicphointe de 519,000 teachtaireacht in aon lá amháin ar an 12 Nollaig 2023. Ina theannta sin, déileáil ár gcóras AES le beagnach 4 mhiliún teachtaireacht (seachas teachtaireachtaí idir-Bhallstáit) le buaicphointe de 549,000 i mí an Mheithimh 2023, agus láimhseáil ár seirbhís fóraithe scaoilte easpórtála beagnach 4.3 mhiliún iarratas le buaicphointe de bheagán os cionn 1 mhiliún a láimhseáladh i mí Lúnasa 2023.

Cuireadh le chéile cur i bhfeidhm CEU Céim 1 (CEU-C1), Scaoileadh Córais Rialaithe Iompórtála 2, agus Córas Nua Ríomhairithe um Idirthuais Céim 5 (CNRI-C5) mar chuid dár gcuid oibre chun tacú le custaim le linn 2023. Chun CEU-C1 agus CNRI-C5 a thabhairt isteach, bhí gá le feabhsuithe breise ar Rolladh-ar Rolladh-as, agus tá an fhorbairt sin ar siúl. Chuireamar tuilleadh comhéadain feidhmchláir i bhfeidhm freisin chun cabhrú le trádáil i gcomhar le cur chun feidhme CEU-C1 agus CNRI-C5.

Ina theannta sin, mar ullmhúchán d'Imréiteach Láraithe Chód Custaim an Aontais le haghaidh Iompórtála, chuireamar i bhfeidhm feidhmiú céimneach Shamhail Sonraí Custaim an AE Leagan 6 agus CNRI-C6.

Leanann muid d'áiseanna comhroinnte ríomhaireachta a chur ar fáil, agus de chur leo, do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí, ónár n-**ionad sonraí** agus bhain breis agus 50 eagraíocht éagsúil leas as an tseirbhís seo in 2023. Leis an tseirbhís óstála seo, meastar go sábháiltear €2.5 milliún sa bhliain ar a laghad do na heagraíochtaí a bhfreastalaítear orthu.

Lean ár **seirbhís priontála agus poist** ag soláthar seirbhísí priontála agus poist do roinnt eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí le linn 2023. Mar shampla:

- rinneamar 7.7 milliún mír comhfhreagrais a phriontáil agus a phostáil thar ceann seacht Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, rud a d'fhág gur sábháladh thart ar €292,000,
- chuireamar seirbhísí priontála agus deartha ar fáil d'earraí ar nós stáiseanóireacht chorparáideach, bileoga, póstaer agus lámhleabhair oiliúna do 21 Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, rud a d'fhág gur sábháladh thart ar €202,000,
- d'eisíomar 175,000 teastas glas COVID-19 thar ceann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus an FSS, agus
- chuireamar tacaíocht bhreise ar fáil don Oireachtas agus d'Oifig na mBillí chun na céimeanna éagsúla de na Billí Airgeadais agus Pleanála a chur ar fáil, agus thacaíomar leis an Roinn Airgeadais ar Lá an Bhuiséid, ag tairiscint oibríocht theagmhasach iomlán.

Is rannpháirtí gníomhach muid i nGradaim Nuálaíochta agus Sármhaitheasa na Státseirbhíse agus chuireamar cúig thionscadal isteach lena mbreithniú. Bhí tionscadal comhoibríoch, "Rúnaíocht don Choimisiún um Chánachas agus Leas: Tacú le Forbairt Beartais Straitéisigh", a chuir an Roinn Airgeadais, an RCS agus na Coimisinéirí Ioncaim isteach sa chatagóir d'Fhorbairt Beartais Straitéisigh i measc na mbuaiteoirí le linn shearmanas bronnta 2023.

Tá scéim gradaim inmheánach againn freisin ar a dtugtar "Réalt" chun nuálaíocht a chur chun cinn. Bronnadh trí ghradam faoin scéim seo in 2023. Ina theannta sin, tá Foireann Líonra Nuálaíochta bunaithe againn atá ag cur Claochlú na Seirbhíse Poiblí chun cinn go gníomhach.

Rúndacht an Cháiníocóra

Tá aird iomlán againn ar ár ndualgas dlíthiúil rúndacht faisnéise cáiníocóirí a chosaint, agus is tosaíocht bhunúsach dúinn **slándáil chórais agus shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim**. Thar ár seirbhísí agus próisis ghnó go léir, caitear le sonraí pearsanta cáiníocóirí leis na caighdeáin is airde slándála agus rúndachta, agus tá slándáil deartha isteach i ngach seirbhís a oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim nó a oibrítear ar a son. Leagtar béim ar shlándáil don fhoireann ar fad agus is cuid de chultúr na heagraíochta í.

Bhí dhá chleachtadh cibearshlándála ar leith againn in 2023, a d'éascaigh díoltóirí seachtracha agus neamhspleácha a bhfuil saineolas acu ar an réimse seo. Rinne na cleachtaí seo athbhreithniú ar ár gcur chuige cibearshlándála agus aithníodh deiseanna feabhsúcháin a cuireadh i bhfeidhm. Is cuid thábhachtach dár straitéis é seo chun aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht bhagartha nua atá ag athrú i gcónaí.

Bainimid úsáid as creat an Lárionaid um Shlándaíl Idirlín le haghaidh cruachan agus measúnú córais chun tagarmharc slándála srathach a chruthú dár gcórais inmheánacha agus phoiblí ar féidir linn tástáil a dhéanamh ina choinne. Tá an creat seo suite in éineacht le Córas láidir Bainistíochta um Shlándaíl Faisnéise atá **ISO27001** deimhnithe. D'éirigh linn ár n-íniúchtaí faireachais is déanaí a chur i gcrích i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Déantar criptiú ar fhaisnéis phearsanta a thaispeántar ar ár suíomh idirlín le deimhniú Bailíochtaithe Breise SSL 256 giotán agus é sínithe ag údarás deimhniúcháin faoi iontaoibh an phobail. Féadann cáiníocóirí fíorú go bhfuil an leathanach slán trí fhéachaint ar dheilbhín an ghlais ina mbrabhsálaí.

Déanann ár bhfoirne tacaíochta monatóireacht agus measúnú gníomhach ar chomhairleoirí slándála do chórais agus feidhmchláir atá faoina smacht. Ina theannta sin, bainimid úsáid as tríú páirtithe chun bréagionsaí tástála a dhéanamh ar fud ár seirbhísí seachtracha ar bhonn rialta.

Iarrtar ar gach seirbhís ghnó a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a bhailiú ardleibhéal infhaighteachta agus athléimneachta a choinneáil mar aon le nósanna imeachta comhaontaithe leanúnachais ghnó. Bainistítear é seo de réir ISO22301 agus tá sé deimhnithe dó. D'éirigh linn le hiniúchadh faireachais maidir leis seo i mí Aibreáin 2023.

Déantar ár gcórais a thástáil de réir **chaighdeán ISO29119** agus nuair a chuirtear chun táirgeachta iad, déantar iad a bhainistiú de réir **chaighdeán ISO20000**. Cinntíonn an caighdeán seo go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun rialú athraithe, bainistíocht seirbhíse, bainistíocht teagmhas agus athbhreithniú teagmhas a bhainistiú.

Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse

Tá ról gníomhach againn i gcur i bhfeidhm leanúnach Athnuachan na Státseirbhíse agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí I measc na n-éachtaí a bhain leis na torthaí ardleibhéil don tseirbhís phoiblí in 2023 tá:

- páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre arna bhunú ag DPENDR chun raon uirlisí meastóireachta a dhearadh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag obair chumaisc ar an lucht saothair agus ar eagraíochtaí sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí,
- tacaíocht leanúnach do Bhonneagar Sonraí Náisiúnta na hÉireann agus do phrionsabail na Sonraí Oscailte de réir na "Straitéise Náisiúnta Sonraí Oscailte",
- rannpháirtíocht sa ghrúpa oibre chun "Beartas na Státseirbhíse um Fhoréigean Baile agus Drochíde" a fhorbairt a seoladh in 2023, agus
- ag cur leis an ngrúpa oibre faoi stiúir DPENDR chun an "Creat Beartais Sos Míostraithe agus an Ionad Oibre d'Eagraíochtaí na Státseirbhíse" a fhorbairt, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Rialachas

Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim, arna gceapadh ag an Taoiseach, agus ceapann an tAire Airgeadais duine amháin acu mar Chathaoirleach. Tá freagracht reachtúil ar an mBord a chuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Cuireann ár struchtúir rialachais trédhearcacht chun cinn, cinntíonn cuntasacht agus ceapadh iad chun cur ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, ár gcláir ghnó a sholáthar go cost-éifeachtach, agus ár gceanglais rialála uile a chomhlíonadh.

Ráiteas Straitéise 2023-2025

Leagtar amach inár Ráiteas Straitéise an chaoi a n-oibreoidh agus a bhfeidhmeoidh na Coimisinéirí Ioncaim amach anseo, na cuspóirí ardleibhéil a dtabharfaimid fúthu don tréimhse trí bliana amach romhainn agus léiríonn sé ár bhfís chun a bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh, a bhfuil muintín ag an bpobal as, agus a bheith ar an rogha fostóra. Léiríonn an Ráiteas Straitéise ár luachanna freisin - meas, gairmiúlacht, comhoibriú, gastacht agus ionracas.

I mí an Mheithimh 2023 d'fhoilsíomar ár Ráiteas Straitéise 2023 -2025, arb é an chéad Ráiteas Straitéise a ullmhaíodh sa timpeallacht iarphaindéime. Mar gheall ar na hathruithe ar iompar agus riachtanais cáiniocóirí, agus ar bheartais an Rialtais a bhí dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí trí ghéarchéim an chostais mhaireachtála, b'éigean dúinn an chothromaíocht cheart a aithint idir ár bpríomhthosaíochtaí oibriúcháin, agus riachtanais atá ag teacht chun cinn i dtimpeallacht nach féidir a thuar. I measc na ngnéithe tábhachtacha eile den chomhthéacs bhí bealaí oibre atá ag athrú, deiseanna digitithe, athchóiriú cánach domhanda agus tuarascáil an Choimisiúin um Chánachas agus Leas.

Forbraíodh an Ráiteas Straitéise nua seo trí chomhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon, mar aon le moltaí foirne a bailíodh agus a forbraíodh trí Chomhdhálacha Bainistíochta Sinsearaí, ceardlanna, cruinnithe foirne agus leathanach gréasáin inmheánach.

Leagann an Ráiteas Straitéise amach ár gcuspóirí ardleibhéil don tréimhse trí bliana 2023 – 2025 agus tá sé dírithe ar ár gcolúin straitéiseacha seirbhíse maidir le comhlíontacht agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht. Fanann na colúin seo i gcónaí agus muid ag neartú fheidhmíocht na heagraíochta, ag beachtú ár samhla gnó, ag glacadh le deiseanna atá ag teacht chun cinn agus ag tógáil orthu, agus ag réamh-mheas agus ag freagairt go réamhghníomhach d'athruithe inár dtimpeallacht inmheánach agus sheachtrach.

Is príomhspreagadh é ár Ráiteas Straitéise do gach Rannóg laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, agus pléadh é go mion le linn na seisiún halla an bhaile a reáchtáladh le linn 2023. Cinntíonn na cainteanna seo go bhfuil baill foirne ag gach leibhéal den eagraíocht ar an eolas agus go dtuigeann siad ár n-uailmhianta mar eagraíocht do na trí bliana amach romhainn, agus táimid ag tnúth le foghlaim ón díospóireacht dhearfach spéisiúil a bhí ar siúl le linn na seisiún seo agus tógáil uirthi.

Leagtar amach inár **gCreat Rialachais Chorparáidigh**, a fhoilsítear ar ár suíomh idirlín, an creat chun ailíniú ceart ár struchtúir le straitéisí agus treo gnó a chinntiú, le fócas soiléir ar thrédhearcacht mhéadaithe agus maolú riosca. Déanann sé na comhluachanna, an chomhfhealsúnacht, na comhchleachtais agus an comhchultúr taobh istigh de na Coimisinéirí Ioncaim a stiúradh, rud a dheimhníonn, i dteannta lenár struchtúir agus socruithe, an chaoi a dtugann muid aghaidh ar ár misean agus torthaí ardchaighdeán a chinntiú.

I rith 2023, rinne ár gCoiste Bainistíochta Riosca monatóireacht ghníomhach ar ár **gCreat Riosca Chorparáidigh** lena chinntiú go ndeachthas i mbun na ngníomhartha cuí chun rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach ár gcuspóirí corparáideacha. Méadaíodh an leibhéal rannpháirtíochta inár bpróiseas sainaitheanta agus measúnaithe riosca chun creat bainistíochta riosca níos éifeachtaí a sholáthar agus nasc feabhsaithe le bainistíocht riosca na rannóige.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina bhall de Phobal Leasa Bainistiú Riosca Fiontraíochta de chuid an FCRC (PL BRF). Díríonn an pobal FCRC de chuid an ECFE ar na rioscaí is mó do chórais riartha cánach anois agus amach anseo. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim páirt sa suirbhé PL BRF in 2023. Cé gur aithin suirbhéanna roimhe seo raon rioscaí agus go ndearna siad iniúchadh ar na dúshláin a bhí le sárú chun iad a mhaolú, scrúdaigh an suirbhé PL BRF 2023 conas a tháinig éabhlóid ar na freagraí sin. Ina theannta sin, d'aithin sé aon réimsí riosca nua nó aon réimsí riosca atá ag teacht chun cinn agus thug sé léargas ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar an timpeallacht riosca i gceann trí go cúig bliana. Beidh torthaí an tsuirbhé mar bhonn dá phleanáil PL BRF amach anseo.

Tá an Bord tiomanta d'fheidhm Iniúchta Inmheánaigh ardchaighdeán a choinneáil agus tacú léi. Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh a fheidhmíonn an fheidhm seo, aonad a oibríonn le húdarás díreach an Bhoird agus faoi mhaoirseacht agus treoir ghinearálta an Choiste Iniúcháireachta. Feidhmíonn an t-aonad i gcomhléir leis na Caighdeáin um Iniúcháireacht Inmheánach arna n-eisiúint ag an DPENDR chun dearbhú oibiachtúil neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil bainistiú cuí agus éifeachtach á dhéanamh ar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá mar bhonn dár ngníomhaíochtaí, é sin nó bearta ceartúcháin a mholadh de réir mar is cuí.

Tá an clár iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar ár nUilíocht Iniúcháireachta Inmheánaí, an Clár Rioscaí Corparáideacha, Tosaíochtaí Corparáideacha Bliantúla agus Ráiteas Straitéise. In 2023, tugadh chun críche 19 n-iniúchadh, lena n-áirítear 13 n-iniúchadh inmheánach agus sé iniúchadh athleantacha.

Déanann an **Coiste Iniúcháireachta (an Coiste)** maoirseacht ar fheidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí sna Coimisinéirí Ioncaim agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir lena feidhmiú agus a forbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Chathaoirleach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus déanann sé measúnú ar shocruithe rialachais a thugann comhairle agus treoir maidir leis na córais bhainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha. Tháinig an Coiste le chéile cúig huairé in 2023.

Cuimsíonn ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta:

- John Murphy (Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta), iar-Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta,
- Helen Hall, Príomhfheidhmeannach an Údarás Póilíneachta,
- An Dochtúir Paul Lyons, Ollamh Taca Cúnta i Scoil Ghnó na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath,
- An Dochtúir Karen-Ann Dwyer, Ollamh Cúnta sa Chuntasaíocht ag Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
- Declan Rigney, Rúnaí Cúnta, Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim (go dtí Aibreán 2023) agus
- Maura Kiely, Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim i Rannóg Dhlíodóir na gCoimisinéirí (ó Mheitheamh 2023).

Nochtuithe Cosanta

Cuirimid timpeallacht thacúil chun cinn go gníomhach dár bhfoireann ionas gur féidir leo imní a chur in iúl maidir le héagóir fhéideartha san ionad oibre, agus táimid tiomanta go hiomlán do na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil do bhaill foirne a chuireann imní den sórt sin in iúl.

In 2023, breithníodh ceithre ábhar imní faoi “Pholasaí na gCoimisinéirí Ioncaim i leith Nochtadh

Cosanta a Thuairisciú san Ionad Oibre". Tar éis do Ghrúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí loncaim measúnú a chur i gcrích, rinneadh gníomh leantach cuí maidir le dhá ábhar inní a ardaíodh. Bhí an measúnú a rinne Grúpa Nochtuithe Cosanta na gCoimisinéirí loncaim ar an dá ábhar inní eile fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Duine forordaithe is ea ár Stiúrthóir Iniúcháireachta Inmheánaí chun nochtuithe cosanta a fháil ar ábhair a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a mheasúnú, a bhailiú agus a bhainistiú. I mí na Nollag 2023, sheolamar **foirm thuairiscithe nua ar líne**, a bhfuil teacht uirthi trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí loncaim, chun é a dhéanamh níos éasca d'oibrithe nochtadh cosanta a dhéanamh ar ábhair a thagann faoi chúram na gCoimisinéirí loncaim. Fuair ár Stiúrthóir Iniúchta Inmheánaigh 31 nochtadh seachtrach san iomlán in 2023.

Trínár mballraíocht den chlár "Integrity at Work" de chuid Transparency International Ireland, fuair 24 ball foirne oiliúint ar "Dealing with Protected Disclosures- Prescribed Persons" in 2023.

Eitic, Caighdeán agus Iompar

Cloíonn gach oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim leis na prionsabail, caighdeán agus luachanna atá leagtha amach in *Cód Eitice na gCoimisinéirí loncaim* agus *Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse*. In 2023, thíolaic baill foirne ag leibhéal PC agus os a chionn, chomh maith le hoifigigh i bpoist shainithe áirithe, **Ráiteas Leasanna** faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001.

De réir Alt 6(4) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, foilsítear ainmneacha, gráid agus sonraí gearra faoi ról agus freagrachtaí na nOifigeach Poiblí Ainmnithe in Oifig na gCoimisinéirí loncaim ar ár suíomh idirlín.

Tá muid tiomanta dár n-**oibleagáidí cosanta sonraí** a chomhlíonadh agus próiseálfaidh muid sonraí pearsanta de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Cosnaíonn muid sláine na sonraí a sholáthraíonn cáiniocóirí agus tríú páirtithe dúinn. In 2023, lean muid le feasacht a mhéadú, agus comhlíontacht a fheabhsú, maidir leis an gcosaint sonraí i measc ár mball foirne. Áiríodh leis seo bearta le glacadh chun slándáil sonraí a chosaint i dtimpeallacht chianoibre.

Saoráil Faisnéise

In 2023, fuair 242 iarratas SF (Tábla 28) agus leanaimid ag obair leis an RCPSA PFN le hoibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Achta SF 2014 in Oifig na gCoimisinéirí loncaim a chinntiú.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar an Acht i mí Mheán Fómhair 2021 agus tá sé á bhainistiú ag an DPENDR. Mar chuid den athbhreithniú seo, dháil na Coimisinéirí loncaim **suirbhé maidir le sástacht custaiméirí** ar iarrthóirí SF agus lucht cinnteoireachta in 2022 agus mhol siad é a chomhlánú. Chuir na Coimisinéirí loncaim freagra mionsonraithe ar fáil chomh maith ar an doiciméad comhairliúcháin a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN. Táthar ag súil go gcuirfidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe PFN tuarascáil agus moltaí faoi bhráid an Rialtais agus go bhfoilseofar iad le linn 2024. Mar chomhlacht um SF faoin Acht, tá na Coimisinéirí loncaim ag plé go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithnithe.

Gearáin

Féadfaidh cáiniocóirí atá míshásta leis an láimhseáil a dhéanann na Coimisinéirí loncaim ar a ngnóthaí cánach iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a gcás, bíodh sé go hinmheánach ag Oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí loncaim, nó ag Athbhreithneoir Seachtrach. In

2023, glacadh le hiarratas amháin ar athbhreithniú inmheánach, agus glacadh le 11 n-iarratas ar athbhreithnithe seachtracha (Tábla 29). Thug an tOmbudsman 26 gearán maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim chun críche le linn 2023 (Tábla 30).

Go déanach in 2023, reáchtáil an tSCP comórtas thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim chun painéal d'Athbhreithneoirí Seachtracha a chruthú chun athbhreithnithe a chur i gcrích, a bunaíodh ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2024. Tá conarthaí déanta ag na hAthbhreithneoirí Seachtracha le haghaidh seirbhísí a bheidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana, ach féadfar iad a shíneadh go cúig bliana ar a mhéad trí chomhaontú.

Coistí Oireachtais

Tháinig an Cathaoirleach os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí (CCP) i mí Eanáir 2024.

Ábhair Eile Rialachais

Tá muid comhlíontach leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Foilsítear ár dTuairisceáin ar Íocaíochtaí Prasa ar ár suíomh idirlín. Rinneadh beagnach 84% de na híocaíochtaí uile taobh istigh de 15 lá (Tábla 31).

Sholáthair muid freagraí ar 735 Ceist Pharlaiminteach agus d'fhreagair muid 744 Uiríoll ó Ionadaithe Poiblí le linn 2023.

Athruithe Ardbhainistíochta

Tar éis chomórtais an CCA, rinne an tAire don DPENDR, Paschal Donohoe, T.D. ceapacháin chuig dhá phost ar Leibhéal Rúnaí Cúnta in 2023:

- tar éis a cheapachán ar an 24 Aibreán 2023, shann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim James Twohig do Rannóg na gCánacha Pearsanta
- tar éis a cheapachán ar an 7 Lúnasa 2023, shann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim Tom James do Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Pearsanta.

Ar an 14 Samhain 2023, d'fhógair Bord na gCoimisinéirí Ioncaim sannadh Eugene Creighton do Rannóg na gCánacha Idirnáisiúnta, agus leanann sé ar aghaidh ina ról mar cheann Rannóg na gCorparáidí Móra go dtí go gceapfar Rúnaí Cúnta nua.

Chuaigh Declan Rigney, Rúnaí Cúnta, ar scor an 1 Aibreán 2023 agus chuaigh Eamonn O'Dea, Rúnaí Cúnta, ar scor an 1 Meán Fómhair 2023. Gabhaimid buíochas leo beirt as a seirbhís do na Coimisinéirí Ioncaim.

Bainistíocht Airgeadais

Gach bliain, déanann na Coimisinéirí Ioncaim an Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Cuntas Leithreasa ar chaiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a ullmhú agus a thíolacadh lena n-íniúchadh. Cuirtear an ‘Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit’ iniúchta arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2023 faoi bhráid an Oireachtais i gcomhthráth leis an Tuarascáil Bhliantúil.


Tá an Cuntas Leithreasa maidir leis an tsuim a chaith na Coimisinéirí Ioncaim i leith tuarastail agus costais sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2023 curtha faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste taobh istigh den amlíne reachtúil. De réir Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, foilseofar an cuntas iniúchta faoi Mheán Fómhair mar chuid den Tuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí. Déanfar an cuntas fhoilsiú agus a chur ar fáil ar www.audgen.gov.ie. Dá réir, is figiúirí sealadacha iad na figiúirí dá ndéantar tagairt thíos agus tabharfar chun críche iad ar chríochnú an iniúchta ar Chuntas Leithreasa na gCoimisinéirí Ioncaim ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Feidhmíocht Airgeadais 2023





In 2023, ba ionann €585 milliún agus caiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim ar riar agus bailiú cánacha agus dleachta, agus ar bhainistíocht teorann. Tháinig cuid den chaiteachas seo ó fháltais Leithreasáí i gCabhair ar luach €62.5 milliún, a fuarthas ó sheirbhísí maidir le ÁSPC den chuid is mó, chomh maith le sciar de na dleachtanna Custam a bailíodh tríd an gcóras Imréitigh Láraithe.

Bhí Meastachán Forlíontach de €52.3 milliún ag teastáil chun íoc as costas an bhonneagair bhuaín atá á fhorbairt ag Europort Ros Láir ag Oifig na nOibreacha Poiblí thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim, mar aon le costais chíosa 2023 ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir. D'eascair na costais sin de bharr imeacht na RA as an AE agus, dá bhrí sin, cháiligh siad le haghaidh cistiú ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit.

D'eascair barrachas sealadach deireadh bliana ar luach €3.6 milliún, lena n-áirítear barrachas fáltais Leithreasáí i gcabhair de €1.3 milliún.



Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023



**Ábhar
Leathanach**

| | |
|---|-----------|
| Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 88 - 92 |
| Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste | 93 - 94 |
| Beartais Chuntasaíochta | 95 - 97 |
| Cuntas ar Fháiltas agus Diúscairt an Ioncaim a bailíodh | 98 |
| Ráiteas ar Iarmhéideanna | 99 |
| Nótaí leis an gCuntas | 100 - 105 |

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá doiciméid na bpríomhphróiseas gnó á n-athbhreithniú agus á fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil cur síos uileghabhálach ann a nascann príomhchórais, próisis agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras fála agus aisíocaíochta cuntas. Táthar ag súil leis go mbeidh an t-athbhreithniú seo críochnaithe faoi dheireadh 2024.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig chun rioscaí féideartha a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú tá:
 - Struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim.
 - Scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
 - Pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ag leibhéal na heagraíochta, na Rannóige agus na mBrainse.
 - Creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a áirithiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.

Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra aige atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil a bhfuil mé tar éis a cheadú. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanam féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat Riosca agus Rialaithe

Feidhmíonn an Oifig seo córas bainistíochta riosca Corparáideach a shainaitníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm a shainaitníonn na príomhrioscaí atá roimh an Oifig seo. Déantar cur síos, luacháil agus grádú ar na rioscaí seo de réir a dóchúlachta agus a dtionchar. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus tá siad seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá próiseas athbhreithnithe ráithiúil ann don Chlár Riosca Corparáideach. Tuairiscíonn rannóga ar éifeachtacht na rialuithe maolaithe riosca agus na leibhéal riosca iarmharach tar éis maolaithe. Déantar athbhreithnithe ar an gclár, lena n-áirítear ar chóir aon athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó ar rangú rioscaí aonair, a mheas mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR). Ansin cuireann an CBR an clár nuashonraithe faoi bhráid an Choiste Chomhairleach Bainistíochta (CCB) le tabhairt dá aire. D'fhoráil an próiseas seo go n-aithnítear ardú riosca, go n-athbhreithnítear, go dtuairiscítear agus go n-áireofar é sa Chlár Riosca Corparáide. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil um Bainistíocht Riosca Chorparáidigh faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus a tugann siad dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartais bhainistíochta riosca na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí i bhfeidhm le freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar straitéis agus cur i bhfeidhm cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (RGCS) agus tacaíonn Aonad Cosanta Sonraí leis an oifigeach seo.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Bonn eolais d'obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deacrachtaí Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 a raibh nó a bhféadfaidh cailiteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

Scéimeanna Tacaíochta Gnó

Le tiomantas agus rannpháirtíocht bhaill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim, d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim ár bpríomhchlár gnó a choimeád ar bun, chomh maith le leanúint lenár ról breise ó thaobh na Scéimeanna Tacaíochta Gnó a riar. Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag baint úsáid as a mbonneagar ardteicneolaíochta agus as a gcumais láidre oibriúcháin agus bainistíochta tionscadail chun bainistiú a dhéanamh ar an raon scéimeanna fóirdheontais agus tacaíochta a thug an Rialtas isteach chun tacú le gnóthaí agus a bhfostaithe. Dúnadh an scéim is déanaí dá leithéid, an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG) chun tacú le gnóthaí a bhfuil méaduithe ar a gcostais leictreachais nó gáis nádúrtha (fuinneamh), d'iarratais i Meán Fómhair 2023.

Is éard a bhí i gceist le riaradh na scéimeanna seo ná suimeanna suntasacha a bhainistiú, le glaniomlán de €148.2 milliún íoctha i leith SSTFG (maoinithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta). In 2023, bhí glan-aisghabhálacha ann maidir leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPP) agus an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) a bhaineann le Covid-19 de €24.5 milliún agus €9.3 milliún faoi seach. Fuair an dá scéim seo maoiniú ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus tá siad dúnta. Is i gCuntas Leithreasa 2023 na gCoimisinéirí Ioncaim a thabharfar cuntas ar aon iarmhéid atá dlite do nó ag cibé Rannóg.

Idirghabhálacha Iniúchóireachta agus Comhlíontachta

Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán d'idirghabhálacha a rinneadh faoin gCreat Idirghabhála Comhlíontachta, arna thacú ag Cód Cleachtas athbhreithnithe d'Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2022. Tacaíonn an creat nua 3 leibhéal seo le comhlíontacht trínár gcur chuige traidisiúnta iniúchta cánach a ionchorprú laistigh de Chreat Idirghabhála Comhlíontachta lena bhforáiltear d'fhreagairt chomhsheasmhach, chéimnithe ar iompar riosca agus comhlíontacht cáiníocóra. Cuimsíonn na freagairtí seo ó dheiseanna inrochtana chun earráidí a cheartú go deonach go himscrúdú coiriúil do chásanna tromchúiseacha calaoise nó imghabhála. Gheobhaidh cáiníocóirí a bhaineann leas as deiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas comhlíontacht chánach agus a thugann aghaidh go deonach ar aon saincheisteanna a shainaithnítear, an t-íosleibhéal pionóis agus de ghnáth ní bheidh siad i mbaol foilsíú nó ionchúiseamh. Ar an láimh eile, déantar foráil sa chreat maidir le freagairt bhríomhar chuí do cháiníocóirí nach gcloíonn go saorálach nó nach n-athraíonn iompar neamhchomhlíontach.

Mar fhreagra ar Covid-19, bhí gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus idirghabhálacha comhlíontachta eile ar áitreabh cáiníocóirí curtha ar fionraí ag na Coimisinéirí Ioncaim ó mhí an Mhárta 2020. Nuair ab fhéidir, lean na Coimisinéirí Ioncaim de bheith i dteagmháil le gnóthaí chun idirghabhálacha a bhrú chun cinn trínár dtairseach M'Fhiosruithe nó ar an bhfón. D'ullmhaigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirínite chun idirghabhálacha comhlíontachta a reáchtáil ó chian le linn phaindéim Covid-19, agus comhairle sláinte poiblí fhoilsithe an Rialtais curtha san áireamh. Sa chuid dheireanach de 2022 bhí leibhéal méadaithe gníomhaíochta ag tarlú ar an láthair ach leanadh le go leor idirghabhálacha a dhéanamh go cianda ag féachaint do na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na paindéime. In 2023, bhí na Coimisinéirí Ioncaim in ann idirghabhálacha ar an láthair a atosú don bhliain iomlán. In 2023, rinneadh 86% de na hIniúchtaí a osclaíodh ar an láthair. I gcomparáid leis seo ba iad na figiúirí a bhí ann roimh an bpaindéim ná 83% in 2018 agus 81% in 2019. Cé nach raibh aon srianta ar ghníomhaíocht ar an láthair, baineadh úsáid leanúnach as an rogha cianda i gcásanna cuí agus rinneadh 50% d'idirghabhálacha Athbhreithnithe Riosca go cianda.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim 291,756 idirghabháil chomhlíontachta i gcrích in 2023 le toradh €787 milliún.

Bailiú agus Stórasú Fiachais

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair a ndualgais chánach a chomhlíonadh agus iad ag teacht chucu féin ó thionchair na paindéime agus an ghéarchéim fuinnimh a tharla le déanaí. I gcás cáiníocóirí a bhfuil deacrachtaí íocaíochta acu, oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim go réamhghníomhach leo chun teacht ar chomhaontú maidir le Socraíochtaí Tráthíocaíochta solúbtha. Maidir le fiachas stórasaithe, cinntíonn an síneadh a fógraíodh i mí Dheireadh Fómhair 2022 nach gá do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a

bhaineann le socruithe a dhéanamh chun a bhfiachas stórasaithe a aisíoc go dtí an 1 Bealtaine 2024. Mar thacaíocht bhreise do ghnó, laghdaíodh an ráta úis 3% a bhain le fiachas stórasaithe go 0% i mí Feabhra 2024. Oibreoidh na Coimisinéirí Ioncaim le gnólachtaí agus tabharfaidh siad gach tacaíocht is féidir dóibh chun íocaíocht fiachais stórasaithe a bhainistiú thar amlíne a oireann do chúinsí aonair gach gnólachta. Le linn 2023, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil go díreach le go leor gnólachtaí, ag tosú leo siúd a bhfuil an fiachas stórasaithe is airde acu, chun iad a spreagadh chun a roghanna íocaíochta a bhreithniú, lena n-áirítear socruithe tráthíocaíochta saincheaptha. Leanann na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag plé go díreach le gnólachtaí gach aon uair is féidir leo chun na roghanna íocaíochta atá ar fáil a mhíniú agus chun bunú pleananna íocaíochta a spreagadh chomh luath agus is féidir. I mí an Mhárta 2024, scríobh na Coimisinéirí Ioncaim arís chuig custaiméirí a bhfuil fiachas stórasaithe acu, ag míniú an gníomhú láithreach a theastaíonn chun dul i ngleic le híocaíocht an fhiachais roimh an 1 Bealtaine 2024.

Faoin 31 Nollaig 2023, stórasaíodh €1.756 billiún san iomlán do 57,811 cáiníocóir. Tá dliteanais amuigh níos lú ná €5,000 ag 70% de na cáiníocóirí ábhartha. Tá laghdú tagtha ar an bhfiachas foriomlán ó mhí na Nollag 2022 nuair a stórasaíodh beagnach €2.4 billiún do bheagnach 69,000 custaiméir. Is mar gheall ar íocaíocht an fhiachais is mó is cúis leis an laghdú ar luach an fhiachais agus ar líon na gcustaiméirí araon.

Is é an príomhchoinníoll don scéim Stórasaithe Fiachais i gcónaí ná go ndéantar dliteanais reatha chánach agus dleachta a thíolacadh agus a íoc in am. Sa chás go mbíonn sé deacair ar cháiníocóirí a ndualgais reatha a chomhlíonadh, is é an cur chuige is fearr, mar a bhí fíor i gcónaí, ná gur chóir dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim a luaite a thagann deacrachtaí chun cinn ionas gur féidir teacht ar réiteach comhaontaithe. Tá cuntas teiste cruthaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le tacú le gnólachtaí a bhfuil deacrachtaí sreafa airgid acu, trí phleananna íocaíochta solúbtha a aontú a chuireann cúinsí airgeadais gach gnólachta san áireamh.

D'fhill na Coimisinéirí Ioncaim ar bhailiúchán caighdeánach fiachais do gach cáiníocóir i mí Lúnasa 2022 agus cuireadh tús iomlán arís leis an bpróiseas athbhreithnithe tréimhsiúil le haghaidh imréiteach cánach i mí na Samhna 2022. Cuireadh tús arís le hús a ghearradh ar íocaíocht dhéanach, a cuireadh ar fionraí i gcásanna áirithe le linn na paindéime, i mí Mheán Fómhair 2023.

Rialuithe Custam

In 2018 d'aithin Coimisiún an AE patrún calaoise uile-Aontais a bhain le hiompórtáil teicstíle agus coisbhirt ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar cuireadh luach orthu a bhí i bhfad ró-íseal agus a chúisigh cailiteanas Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2012. Ag baint úsáid as modh staidrimh, ríomh an Coimisiún cailiteanas ADT na hÉireann ag €30.4 milliún nó 0.69% de na cailiteanas a tabhaíodh ag leibhéal an AE28 thar an tréimhse Meán Fómhair 2012 go Nollaig 2019. Tríd an Roinn Airgeadais, rinne Éire íocaíocht €30.4 milliún ar chúlchiste ar an 30 Iúil 2021 tar éis cuireadh a fháil ó Choimisiún an AE carnadh úis ar íocaíocht dhéanach a sheachaint.

I ndiaidh cás dlí a thug an RA a thabhairt i gcrích, dheimhnigh an Coimisiún i mí na Nollag 2022 gur thángthas ar chomhaontú maidir leis an modheolaíocht atá le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais chríochnaitheacha. Tá an mhodheolaíocht seo á cur i bhfeidhm ar an tréimhse ón 16 Meitheamh 2015 agus ní ar an tréimhse níos luaithe. Ós rud é gurbh ionann an cailiteanas measta ADT d'Éirinn don tréimhse 16 Meán Fómhair 2012 go 15 Meitheamh 2015 agus €9.8 milliún glan, tá an méid sin aisíochta anois le hÉirinn. Leanann an obair ar aghaidh ar an tréimhse atá fágtha go dtí mí na Nollag 2019. Ag an bpointe seo tá an fócas ó thaobh riosca de dírithe go príomha ar iompórtálacha dlisteanacha ar luach íseal a choinneáil saor ón dliteanas agus tá sé beartaithe iompórtálacha ag Oibreoirí Eacnamaíochta Údaraithe (OEÚanna) a úsáid chun an cohórt seo a aithint. In Éirinn, is ionann iompórtálacha ag OEÚanna agus €19.2 milliún den chailiteanas measta agus táthar ag súil go n-aisíocfar an tsuim sin le hÉirinn freisin. Ní bhaineann iompórtálacha ag oibreoirí neamh-OEÚ ach le €1.4 milliún de na cailiteanas iomlána €30.4 milliún a chumhdaítear leis an íocaíocht chúlchiste agus tá sé tugtha le fios ag an gCoimisiún go bhféadfadh tuilleadh scóipe a bheith ann chun iompórtálacha dlisteanacha ar luach íseal atá mar chuid den dliteanas seo a chur as an áireamh. Mar sin féin, níl an ghné sin ina tosaíocht ag an gCoimisiún faoi láthair toisc go bhfuil sé ag díriú ar iompórtálacha ó OEÚanna.

Tar éis iniúchadh a rinne Coimisiún an AE ar ADT a tharla in Éirinn, dúirt an Coimisiún nach n-aontaíonn sé go ráthaíonn ár gcóras aisíocaíochta uathoibríthe rioscabhunaithe cosaint ar leas airgeadais an AE. Ar an 2 Márta 2022 chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl d'Éirinn i scríbhinn go bhfuil an nós imeachta inmheánach seolta acu roimh imeachtaí sáraithe féideartha.

Ina litir dar dáta an 16 Meitheamh 2022, chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl d'Éirinn go bhfuil an t-easnamh sin á bhreithniú acu faoin nós imeachta um shárú in Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Níor thionscain an Coimisiún aon ghníomhaíocht faoin nós imeachta seo.

Cuntasaíocht Máil

Ag eascairt as fiosruithe iniúchta ar chuntasaíocht mháil, agus go háirithe oibriú an tuairiscithe thréimhsiúil, dheimhnic na Coimisinéirí Ioncaim le linn 2023, mar gheall ar earráid chórais in aistriú sonraí ón gcóras iompórtála nua chuig córais chuntasaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, go ndearnadh tearcthuairisciú de €90.1 milliún ar ioncam foriomlán Máil thar an tréimhse Deireadh Fómhair 2020 go dtí deireadh 2022. Baineann an tsuim seo go príomha le dleachtanna ar alcól ach tá méid beag máil eile ann freisin. Tháinig an earráid seo chun cinn mar gheall ar athruithe córais a cuireadh i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur earráid tuairiscithe chomhiomlán amháin a bhí i gceist. Léiríodh an t-airgead go léir i dtaifid chustaiméirí aonair agus aistríodh é chuig an Státchiste. Mar sin féin, taispeánadh an €90.1m go mícheart mar airgead a coinníodh ar taisce seachas é a áireamh sa chuntas mar bhailiúchán críochnaithe. Tá an tsuim thearc-thuairiscithe curtha san áireamh anois i bhfigiúirí bhailiúcháin Máil 2023. Tá tús curtha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an bpróiseas chun an cuntas rialaithe Taisc C&M a dhí-chomhbhailiú sna catagóirí éagsúla C&M agus chun gach ceann díobh seo a réiteach le liostú custaiméirí. Táthar ag súil go gcríochnófar an obair seo in 2024 agus go ndéanfar aon choigeartú riachtanach ar an gcothromaíocht ansin. Laghdóidh réiteach rialta iarmhéideanna custaiméirí chun cuntais a rialú an riosca go dtarlódh earráidí aistrithe sonraí agus míthuirisciú.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

15 Aibreán 2024



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2023 faoi fhorálacha Alt 3 (7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá an cuntas comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

- an cuntas ar fháltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh
- an ráiteas ar iarmhéideanna, agus
- na nótaí agus beartais chuntasaíochta lena mbaineann.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas léargas fíor ar fháltas agus ar dhiúscairtí ioncaim arna bhailiú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus na hiarmhéideanna iarmharacha amhail an dáta sin.

Bonn na tuairime

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (caighdeán ISA), de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar na Coimisinéirí Ioncaim agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidimse gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go dtabharfaí bonn do mo thuairim. Glacaim dearbhú freisin ó mo scrúduithe ar chórais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas an cuntas, agus ar ábhair eile

In éineacht leis an gcuntas, tá eolas áirithe eile tíolactha ag na Coimisinéirí Ioncaim. San áireamh leis seo tá an tuarascáil bhliantúil agus ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín don tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Aibreán 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an méid seo a leanas:

- ullmhú an chuntais bhliantúil
- a chinntiú go dtugann an cuntas léiriú ceart ar fháil agus ar dhiúscairt an ioncaim a bhailítear
- rialtacht idirbheart a chinntiú; agus
- rialú inmheánach cuí de réir mar a mheasann siad a bheith riachtanach chun cumasú d'ullmhú an chuntais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Iarrtar orm, faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (An tAcht) iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas ar fháltais ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus tuairisciú a dhéanamh ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAs míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Féadfaidh sé go dtagann míraitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gcaighdeán ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i gcrích nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist le gan míráiteas ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí foluiteacha.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go gceadófaí an cuntas a bheith iniúchta go réidh agus go cuí, nó
- níl an cuntas ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas an cuntas

Ní chlédaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na caighdeán ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis an gcuntas nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinnim go raibh míráiteas ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Is le tagairt do na cúinsí speisialta i dtaca le bainistiú agus oibríochtaí comhlachtaí poiblí a dhéantar m'iniúchadh. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a réachtáiltear gnó poiblí.

Iarraim fianaise a fháil i leith rialtacht idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tugaim tuairisc má thugaim faoi deara aon eachtra ábhartha nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríocha a bheartaítear dó, nó sa chás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Córais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Faoi Alt 3 (7) den Acht, déanaim scrúduithe ar bhonn timthriallach d'fhonn

- fíorú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na córais, nósanna imeachta agus cleachtais arna mbunú ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhaingniú ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh cuí ioncaim an Stáit
- mé féin a shásamh gur leordhóthanach an bealach a dhéantar na córais, nósanna imeachta agus cleachtais sin a fhosú agus a fheidhmiú.

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 (10) den Acht, tugaim tuairisc gach bliain ar thorthaí mo scrúduithe córais i mo Thuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí.

Beartais Chuntasaíochta

Réamhrá

Cuireann an Cuntas seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, mar aon le haistriú na bhfáltas chuig an Státchiste. Cuireann an Cuntas na fáltais neamh-Státchiste i láthair a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le, Ranna Rialtais eile, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit AE mar a shonraítear faoi Fáltais agus Aisíocaíochtaí.

Níl aon chostais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim san áireamh sa Chuntas seo. Déanann an tOireachtas cistí i gcomhair na gcostas seo a vótáil agus cuirtear san áireamh iad sa Chuntas Leithreasa bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ullmhaíodh an Cuntas faoi réir Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Bonn an Chuntais

Ullmhaíodh an Cuntas seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail Cuntasaíochta Rialtais. Léiríonn an Cuntas na suimeanna iarbhír a fuarthas agus a íocadh le linn na bliana. I gcás go bhfaightear suimeanna breise i mblianta tar éis na bliana reatha, nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na suimeanna sin a thaifeadadh sa bhliain ina bhfaightear nó ina n-aisíoctar iad.

Fáltais agus Aisíocaíochtaí

Aithnítear fáltais agus aisíocaíochtaí ar bhonn airgid thirim seachas mar a shonraítear thíos;

- Tá fritháirimh cuimsithe sna fáltais chomhlána agus sna figiúirí aisíocaíochta do gach ceannteideal cánach, is é sin, cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar í a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile amuigh.
- Chun fáltais Cánach Ioncaim áirithe a chionroinnt chuig an gceanteideal cánach bainteach, cuirtear céatadán measta i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag an gcionroinnt sin ar fháltais ÍMAT, ÁSPC, MSU agus CMÁ. A luaithe is atá na tuairisceáin ábhartha tíolactha, déantar athbhreithniú ar an meastachán agus déantar na fáltais a ath-chionroinnt mar is cuí.
- Bailítear dleachtanna custam ar bhonn gníomhaireachta thar ceann an AE agus aithnítear iad ar bhonn fáltas comhlán, ach amháin i gcás dleachtanna custam a bhailítear faoi Imréiteach Láraithe nós imeachta custam AE (ar ar tugadh Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe roimhe seo). Taispeántar na fáltais seo glan ó na costais bhailithe. Féach Nóta 1 *2.
- Maidir le suimeanna a fuarthas i leith pionós agus úis a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim, áirítear sa chuntas iad le cois na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Áirítear fíneálacha agus pionóis chúirte sa chuntas mar Leithreasáí i gCabhair de chuid Vóta 9.
- Coinnítear íocaíochtaí Custam agus Máil mar thaisc, agus aithnítear mar fháltais iad nuair a thíolactar na tuairisceáin chuí, ach amháin i gcás ceadúnas máil, siúcra, cáin carbóin ar bhreosla soladach agus cáin gealltóireachta, rudaí atá ar bhonn fáltais airgid. Tá taisc i seilbh curtha san áireamh sa Ráiteas ar Iarmhéideanna.
- Cuimsíonn na fáltais Mháil suimeanna a bhailigh na gníomhaireachtaí seo a leanas thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim:
 - An tSeirbhís Chúirteanna (Ceadúnais Mháil).
 - Applus+ Car Testing Service Ltd (Cáin Cláráithe Feithiclí).

Gearrann Applus+ Car Testing Service Ltd tobhach ar Cháin Cláráithe Feithiclí a bhailiú. Déantar an muirear a mhaoiniú as caiteachas Vótáilte agus áirítear i gCuntas bliantúil Leithreasa Vóta 9 é.

- Tagraíonn an teideal Ionad Uileghnó CBL (IUG) sna cuntais do gach/cuid ar leith de na nochtadh cuntais ar scéimeanna Ionad Uileghnó. Folaíonn na fáltais seo fáltais CBL Éireannaigh a nochtar i Nóta 1 agus suimeanna a bailíodh thar ceann Ballstáit eile an AE a nochtar i Nóta 2.

h. Is iad seo a leanas na fáltais neamh-Státchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le, Ranna Rialtais eile, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit AE:

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa)
- An Roinn Sláinte (Tobhach Tobac)
- An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)
- An Ciste Comhshaoil (an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha)
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna)
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Tithe Solais)
- An Roinn Airgeadais (íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais)
- An Roinn Airgeadais (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach)
- Banc Ceannais na hÉireann (tobhach an Chiste Cúitimh Árachais)
- Ballstáit an AE (Scéim An Ionaid Uileghnó CBL)
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Cháin Maoine Áitiúil)

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim tobhach chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha, Dleachtanna Tithe Solais, íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais agus Tobhach an Chiste Cúitimh Árachais a bhailiú. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirir freisin ar chustaiméirí a dhéanann iarratas ar aisíocaíocht CCF faoin Scéim Aisíocaíochta Easpórtála. Suimeanna a fhaightear i leith na muirear seo, áirítear iad sa chuntas mar Leithreasáí i gCabhair de chuid Vóta 9.

Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

Léiríonn airgead tirim i mbanc agus ar láimh an t-airgead iomlán i gcuntais tráchtála agus i gcuntas an Bhainc Ceannais coigeartaithe chun seiceanna nár tugadh i láthair agus difríochtaí ama a chur san áireamh.

Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh

